COMHAIRLE
CATHRACH & CONTAE
Luimnigh
Limerick
CITY & COUNTY
COUNCIL

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2015

REÁMHFHOCAL Ó CONN MURRAY, PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

Baineadh garsprioc shuntasach amach i 2015 le cruthú agus glacadh lenár gcéad Plean Corparáideach don údarás nua.

Déantar iarracht sa phlean ar shainmhíniú a thabhairt ar an Luimneach sin ar mhian linn go léir cónaí, oibriú agus infheistíocht a dhéanamh ann agus taitneamh a bhaint as sna cúig bliana atá romhainn. Ghlac na baill tofa leis i Márta 2015 i ndiaidh chomhairliúcháin fhairsing agus leagtar síos ann an fhís lárnach agus an straitéis do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le leanúint le forfheidhmiú an mhúnla nua soláthair agus bainistithe seirbhíse go dtí 2019.

Táimid i mbun samhail oibriúcháin a fhorbairt, a chinnteoidh, a luaithe agus a bhíonn sé neadaithe go hiomlán inár gcleachtais oibre, go mbaintear barr feabhais amach inár seirbhísí poiblí uile le cumasú á dhéanamh dá réir sin ar pholasaí an rialtais Daoine a Chur sa Chéad Áit. Cuimsíonn na hathruithe seo próisis, córais agus teicneolaíocht a thabhairt le chéile thar níos mó ná 600 seirbhís d'fhonn iad a sholáthar ar bhealach níos éifeachtaí, agus luach níos fearr ar airgead á chinntiú.

Éilíonn seo orainn, mar eagraíocht, sinn féin a chur in oiriúint do riachtanais phobail an lae inniu. Tá na riachtanais seo tar éis athrú i gcaitheamh na mblianta faoi mar atá ionchais an údaráis le dúshláin bhreise anois i gceist. Mar eagraíocht, is gá dúinn a bheith In ann freagairt do na hathruithe sin inniu agus sa todhchaí, le cosaint á dhéanamh ar a bhfuil á dhéanamh go maith cheana féin, agus deiseanna nua á lorg ar féidir linn iad a dhéanamh chomh maith céanna. Chun go mbeadh sin indéanta, táimid ag foghlaim leis na bealaí atá againn le rudaí a dhéanamh faoi láthair a cheistiú, d'fhonn feabhas a chur go leanúnach ar a mbíonn ar siúl againn agus ar an mbealach ina ndéantar sin.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil agus aitheantas a thabhairt do leibhéal comhoibrithe ár bhfoirne uile agus na mball tofa agus sinn ag iarraidh an múnla nua seo a thabhairt i gcrích.

I gcaitheamh 2015 lean feidhmiú eacnamaíoch Luimnigh ag déanamh i bhfad níos fearr ná mar a bhí súil leis ó seoladh ár bPlean Eacnamaíoch agus Spásúlachta Luimneach 2030 i 2013 leis an sprioc 12,000 post a chruthú.

Bhí roinnt daoine in amhras go raibh seo ró-uaillmhianach, ach beagán sa bhreis ar dhá bhliain ina dhiaidh sin, táimid beagnach leath slí ann, le 5,872 post fógraithe do Luimneach idir an dá linn.

Líonfar formhór na bpostanna seo faoi dheireadh na bliana seo chugainn agus an chuid deireanach acu faoi 2019, agus faoin am sin táim sásta go mbeidh i bhfad níos mó ann.

Is aisphreabadh mórthaibhseach atá anseo a mb'fhéidir nach bhfuil a leithéid in aon áit eile lasmuigh den phríomhchathair. Tá a lán ann ar féidir linn a bheith muiníneach agus bródúil as inniu.

Is áit í Luimneach atá tar éis teacht trí thréimhse an-dian, mar a raibh tionchar díréireach ag an lagtrá eacnamaíoch a tharla ó 2007 ar aghaidh uirthi, chomh maith le ceisteanna leanúnacha sóisialta, go háirithe sna ceantair sin sa chathair féin le daonra dlúth iontu. Tá an taoide casta anois agus tá Luimneach anois ar an mbealach chun cinn.

Tá úsáid bainte go príomha againn as na blianta ina raibh an cúlú eacnamaíochta le haghaidh a thabhairt

ar chuid de na ceisteanna a chuir bac orainn roimhe sin, fiú nuair a bhí rath ar chúrsaí. Baineadh úsáid as an tréimhse sin le cúrsaí a shocrú, leis an mbealach chun cinn a leagadh amach agus tá an todhchaí ag féachaint an-mhaith anois. Is claochlú ar mhórán páirteanna a tharla anseo, agus iad go léir ag teacht le chéile anois mar chomh-acmhainn, le fuinneamh atá chun ár ngeilleagar a thiomáin sna blianta atá romhainn. Tá comh-fhís againn don chathair agus don réigiún, agus comh-chreaideamh againn inár gcumas an fhís sin a bhaint amach agus comh-dhiongbháilteacht maidir le torthaí a bhaint amach.

Mar chuid den straitéis atá aginn d'fhorbairt infreastruchtúir i 2015, rinne Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh deimhniú ar Phríomhranna Comhaontaithe le Troy Studios maidir le léas fadtéarmach ar iar-Mhonarcha Dell i Luimneach. Áiríonn an stiúideo atá beartaithe i Luimneach úsáid a bhaint as an bhfoirgneamh 340,000 tr cr i gCaladh an Treoigh a bhí in úsáid roimhe sin mar The Culture Factory do Luimneach, Cathair an Choltúir 2014. Is é atá ar intinn do Troy Studios go mbeadh an stiúideo in shaoráid iomlán tosaíochta le freastal ar dhéanamh scannán agus clár teilifíse faoi dheireadh 2016. Tá an-áthas orainn a bheith ag obair le Troy Studios le cabhrú leis an gcuideachta a pleananna maidir le mol suntasach meáin a bhunú do dhéanamh scannán agus clár teilifíse i Luimneach.

Leanann an Mol Nuálaíochta ag LEDP Baile an Róistigh air ag méadú agus nuair a bheidh sé críochnaithe soláthróidh sé an spás oifige oscailte is mó agus is nua-aimseartha atá ar fáil i Luimneach. Cheannaigh an Chomhairle iar-Mhonarcha Seodóireachta Anderson i Ráth Caola a d'athoscail i mí na Samhna mar Ionad Fiontraíochta Ráth Caola agus é ar tí freastal ar riachtanais a lán de na tionóntaí atá ag feitheamh ar an láthair a úsáid.

Rinne Luimneach óstáil ar chomhdháil idirnáisiúnta cnuasaigh i mí Dheireadh Fómhair agus léiríonn an comhdháil sin a bheith ann an leibhéal spéise agus, go deimhin, nuálaíochta atá inniu ann, go deimhin féin, lé toscairí ó áiteanna éagsúla ar fud na cruinne ann bhí deis ann an rath atá ar Luimneach a chur in iúl.

Táthar ag leanúint lenár gcóras Sugar CRM (Bainistíocht Caidreamh Custaiméirí) a chur i bhfeidhm ar fud na n-eagraíochtaí le 8000 cás agus 450 ball foirne ann faoi láthair le sprioc de 800 ball foirne á úsáid i 2016.

Mar thoradh ar éilimh na foirne níos mó a fhoghlaim faoi threo na heagraíochta, cuireadh ceardlanna ar siúl i gcaitheamh na bliana le bualadh le foireann na heagraíochta agus an fhís a roinnt leo.
Tá dul chun cinn maith déanta ar fhorfheidhmiú Phlean Forfheidhmithe Chreat Athghiniúna Luimnigh faoi gach ceannteideal chláir, fisiciúil, sóisialta agus geilleagrach i ngach ceann de na ceithre cheantar, Maigh Rois, An Cnoc Theas, Béal Átha na Cora agus Páirc Mhuire. Déanadh dul chun cinn ar thionscadal Shráid an Tiarna Éadbhard le 83 aonad beartaithe le tógáil go luath i 2016, tosaíodh freisin ar chuid a dó de Pháirc Chlíona i Maigh Rois le 10 aonad á dtógáil agus tionscadal uasghrádaithe teirmeach ar fud na gceithre cheantar athghiniúna le 134 teach críochnaithe i 2015. Tá oibreacha athchóirithe ag dul ar aghaidh i Sráid San Nioclás agus bhí an-áthas orm gur aithin Institiúid Phleanála na hÉireann obair dhian na Comhairle le tionscadail á gcur ar ghearrliosta i gcúig chatagóir ag na Dámhachtainí Náisiúnta Pleanála.

Is eagraíocht fhuinniúil agus freagrach í Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a chuireann na daoine ar a bhfuilimid ag freastal i gcroílár ár n-uaillmhianta. D'fhonn sin a dhéanamh is gá dúinn aire a thabhairt agus a bheith réidh le freagairt do riachtanais nua agus sean de réir mar a éiríonn siad. Creidim féin, agus na daoine sin a thug bailíochtú seachtrach dá bhfuil déanta go dtí seo againn, go bhfuilimid i ndea-riocht le Luimneach a bhainistiú agus a threorú sa todhchaí.

Conn Murray
Príomhfheidhmeannach, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh

RÉAMHRÁ AG AN GCOMH. LIAM GALVIN, MÉARA CHATHAIR AGUS CHONTAE LUIMNIGH

Tá an-áthas orm tuarascáil bhliantúil Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a chur i láthair don bhliain 2015. Tá sonraí ar ar baineadh amach i rith na bliana leagtha síos faoi thuarascáil gach Stiúrthóireachta, ach ba mhaith liom an deis seo a thapú le béim a chur ar chuid den iliomad seirbhísí a sholáthair an Chomhairle, a ranna agus na baill tofa do mhuintir Luimnigh i rith 2015.

Sa réimse forbartha geilleagrach, leanadh le hathbheochan Luimnigh agus cuireadh le claochlú lár na cathrach agus a phurláin chuig láthair tosaíochta infheistíochta agus mar áit tarraingteach le cónaí inti agus le cuairt a thabhairt uirthi.
Tá infheistíocht leanúnach tar éis Lár Chathair Luimnigh a athrú le níos mó ná 30 miondíoltóir nua tar éis teacht ann i rith na bliana Sa chontae, osclaíodh Ionad Fiontraíochta Ráth Caola agus tá leas suntasach eacnamaíoch á sholáthar aige don cheantar máguaird.

D'fhan an Ráta Bliantúil ar an Luacháil (ARV) i Luimneach ar an ráta ab ísle as gach cathair sa tír. D'éirigh leis an gComhairle freisin scéimeanna tacaíochta airgeadais a oibriú ar a n-áirítear Scéim Tacaíocha Ghnótahis Bheaga agus Mheánmhéide agus Scéim Tacaíochta don Earnáil Turasóireachta.

Le tacaíocht na mBall Tofa agus na Comhairle, leanadh ar aghaidh le pleananna do mhol nua meáin le scannáin agus obair theilifíse a dhéanamh i Luimneach. Cruthóidh an tionscadal seo 500 jab agus réimse de dheiseanna éagsúla do na tionscail chruthaitheacha i réigiún an Iarthair Láir.

Chabhraigh infheistíocht a rinne Oifig Fiontair Áitiúil Luimnigh i ngnólachtaí áitiúla le jabanna nua a chruthú chomh maith le timpeallacht a thug tacaíocht do mhicreafhiontair agus d'fhiontair nua agus a bhí ann le méadú i rith 2015. Ba é méid iomlán na ndeontas a ndearna LEO Luimneach faomhadh orthu i 2015 ná €808,362, maidir le 40 tionscadal, agus ba é an méid airgid a d'íoc LEO Luimneach i gcúnamh deontais le linn na tréimhse ná €717,758.

Tugann na forbairtí seo go léir buntáiste iomaíoch do Luimneach.

Chabhraigh Riverfest, Féile Pádraig agus infheistíocht leanúnach na Comhairle agus a dtacaíocht d'fhéilte agus d'imeachtaí éagsúla, le comhdhlúthú a dhéanamh ar riocht na hearnála turasóireachta áitiúil mar phríomhthiománaí ar fhás geilleagrach agus mar fhoinse riachtanaich ioncaim do Luimneach i rith 2015.

Lean an réimse taistil agus iompair, Taisteal Níos Cliste Luimnigh, le dul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir le Luimneach a bhunú mar láthair eiseamláireach do thaisteal inbhuanaithe a bhféadfadh bailte agus cathracha eile ar fud na hÉireann aithris a dhéanamh uirthi.

Thaifead an Scéim Roinnte Rothar Poiblí ardleibhéal úsáide, agus chuir an scéim Páirceála Rothar le líon na ndaoine a chuaigh ag rothaíocht chuig an obair nó ag siopadóireacht i lár na cathrach. Méadaíodh Clár Taistil Chliste an Champais nuair a áiríodh na campais nua acadúla agus gnó agus le tionscnaimh eile á gcur i bhfeidhm le taisteal inbhuanaithe a spreagadh.

Sheol Taisteal níos Cliste Luimnigh agus Margadh an Bhainne, Luimneach, tionscnaimh nua dírithe ar níos mó teaghlaigh i Luimneach a spreagadh le dul i mbun rothaíochta mar chuid dá saol laethúil. Idir an dá linn, chabhraigh an tionscnamh Páirceáil 'Free From 3' le líon na ndaoine ar shráideanna na cathrach agus i gCill Mochealóg, sa Chaisleán Nua agus i Mainistir na Féile a mhéadú an Nollaig seo.

D'oibrigh foireann na Comhairle, istigh agus amuigh, ó dhubh go dubh le linn na Nollag, ar a n-áirítear tréimhse saoire na Nollag, le cosaint ar thuilte a neartú agus tacú le húinéirí réadmhaoine a raibh tionchar ag tuilte orthu in Íochtar na Sionainne. Lean Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le ról lárnach a bheith aici i réabhlóid leanúnach cultúrtha Luimnigh, a bhféachfar amach anseo air mar cheann de na tréimhsí suntasacha, claochlaithe a bhí ina stair fhada agus mór le rá.

Ag leanúint ar a stádas iontach mar Chathair an Chultúir in Éirinn i 2014, cuireadh Luimneach ar ghearrliosta mar iarrthóir na hÉireann d'ainmniú mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020. Turas Fhathaigh - ceann de na himeachtaí lárnacha a bhain le Luimneach, Cathair Náisiúnta an Chultúir 2014 - a ainmníodh freisin mar bhuaiteoir foriomlán ar dhuais 'Féile na Bliana' i scéim Barrfeabhais i Rialtas Áitiúil 2015 Chomhlachas Tráchtála na hÉireann.

Thug an Chomhairle tacaíocht, trí Oifig Ealaíon Luimnigh, do roinnt forbairtí eile ealaíona agus cultúir i rith 2015 chomh maith le grúpaí ag freastal ar aisteoirí, rinceoirí agus amhránaithe óga Luimnigh, ar a n-áirítear Rince Ógra Luimnigh, Amharclannaíocht Ógra Luimnigh agus Cór Ógra Chontae Luimnigh. Féilte agus imeachtaí bliantúla pobail mar 16ú Éigse Michael Hartnett sa Chaisleán Nua, Oíche Chultúrtha, OpenHouse Luimnigh, Féile Liteartha Luimnigh,

agus sraith ceolchoirmeacha an earraigh agus an fhómhair.

D'áirigh ról Iarsmalann agus Cartlann Luimnigh maidir leis an oidhreacht shaibhir áitiúil a chaomhnú agus a chur chun cinn roinnt taispeánta agus tionscadal poiblí mar 'Stand Up and Fight', 'Bring Out Your Lace' agus 'Bring Home The Bacon', chomh maith le Seó Bóthair 1916. Seoladh Clár Scoláireachta le deis uathúil a thabhairt do mhac léinn staire ag OL cur le clár staire poiblí a sholáthar laistigh d'Iarsmalann agus Cartlann Luimnigh.

Ag déanamh ar Chomóradh Céad Bliain 1916, sheol Seirbhís Leabharlainne Luimnigh agus Coiste Stiúrtha 1916 clár cuimsitheach imeachtaí a bhí mar thoradh ar mhórán uaireanta machnaimh, comhairliúcháin agus plé leis na na céadta duine ar fud Luimnigh.

Sa réimse comhshaoil, lean an Chomhairle le tacaíocht a thabhairt do ghrúpa Bhailte Slachtmhara Luimnigh chomh maith le Going For Gold Luimnigh, Duaiseanna Reilige agus Mórthais Áite, ar chomórtas uile-oileáin é a thug rath chuig Cill Tíle agus Páirc Uí Scanláin i gCaisleán Uí Chonaill. De bharr tacaíochta na Comhairle d'Oifig Bainistíochta Dramhaíola an Réigiúin Theas cuireadh roinnt gníomhaíochtaí agus tionscnamh ar bun le cosc a chur ar dhramhaíl.

Sheol an Rannóg Comhshaoil feachtas nua frithbhruscair ag deireadh 2015, agus tharla Team Limerick Cleanup, tionscnamh de chuid Chiste Carthanachta JP McManus i gcomhar leis an gComhairle, den chéad uair agus d'éirigh thar barr leis agus déanfar aithris air in áiteanna eile ar fud na hÉireann. In áit eile, d'éirigh Cathair Luimnigh ón 36ú go dtí an 17ú áit i Léig IBAL de 40 baile agus cathair in Éirinn ar déanadh suirbhéireacht orthu, an chéim is airde a bhain an Chathair amach sa chomórtas go dtí seo.

Sholáthair ár Séirbhísí Éigeandála seirbhís luachmhar poiblí ar fud Chathair agus Chontae Luimnigh i rith 2015, agus bhí Cosaint Shibhialta Luimnigh agus Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála Luimnigh thar a bheith gníomhach le linn na tréimhse drochaimsire i mí na Nollag. I 2015 fuarthas árthach nua uisce mar thoradh ar 18 mí oibre, ar a raibh oiliúint ar 47 Teicneoir Tarrthála Mearuisce mar oibreoirí bád tarrthála.

I 2015, rinne an Chomhairle óstáil ar an gcéad chruinniú stairiúil de chomh-Chomhairle na nÓg na cathrach agus an chontae, a chuir ar chumas dhaoine óga as Luimneach ar fad a dtuairimí a chur chun cinn ar réimse ceisteanna a bhain leo féin agus lena bpobal.

Ó thaobh spóirt agus áineasa de, le Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh lena clár tionscnamh pobail dírithe ar rannpháirtíocht i spórt a mhéadú agus bealach maireachtála sláintiúil a chur chun cinn do gach saoránach i Luimneach. Fuarthas €130,000 i gcistiú na gCuntas Díomhaoin le Mol Spóirt agus Gníomhaíochta Fisiciúil Pobail a bhunú i gCromadh agus trí Chlár Cóitseála Pobail Luimnigh a chrutú.

Lean an Chomhairle freisin le tacú le Rith Mór Luimnigh Ospidéal Barrington, atá anois ar an imeacht is mó rannpháirtíochta lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus ar bhuaicphointí spóirt agus sóisialta Luimnigh.

Rinne an Chomhairle agus na Baill Tofa óstáil ar roinnt fáiltithe oifigiúla i rith na bliana do ghrúpaí pobail, eagraíochtaí spóirt agus daoine indibhidiúla a thug dea-ionadaíocht dá gcathair agus dá gcontae. Ar na huaireanta nach ndéanfar deamrad othru áirítear Fáiltithe Chathartha do bhuaiteoirí Chraobh na hÉireann Faoi 21 san iomáint, An Garda Síochána, oird rialta Luimnigh, Ashleigh O'Hagan agus Myles Breen.

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh in éineacht le tacaíocht na mBall Tofa agus a foireann tiomanta, tiomanta do cheannasaíocht a thabhairt d'fhorbairt gheilleagrach, shóisialta agus pobail, agus seirbhísí a sholáthar ar bhealach éifeachtach do mhuintir Luimnigh i rith 2016.

An Cllr. Liam Galvin
Méara Chathair agus Chontae Luimnigh

Siúlbhealach cois abhann sa chathair.

Ag Baint Taitneamh as Mórchonair an Deiscirt.

CLÁR ÁBHAIR

Réamhfhocal an Phríomhfheidhmeannaigh	2
Réamhrá an Mhéara	4
Ballraíocht Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh	10
Cruinnithe	14
Coistí Polasaí Straitéiseach	15
Feidhmeanna Forchoimeádta do Cheantair	18
Ionadaíocht ar Chomhlachtaí Eile	20
Toghcheantair	23
Imeachtaí, Buaicphointí agus Fáiltithe	24
Acmhainní Daonna, Corparáide, Airgeadais agsu ICT	41
Baile & Pobal, Cultúr agus Spórt	62
Íocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta (HAP) HUB	100
Taisteal & Iompar agus Comhshaol	102
Forbairt Gheilleagrach & Pleanáil	117
Seirbhísí Réigiúnacha	122
Seirbhísí do Chustaiméirí	132
Oibríochtaí Seirbhíse, Bainistíocht Athruithe	135
Ceantair Bhardasacha	140
Aguisín	147

BALLRAÍOCHT CHOMHAIRLE CATHRACH AGUS CONTAE LUIMNIGH

An Cllr. Liam Galvin
Méara Chathair agus Chontae Luimnigh

An Cllr. Gerald Mitchell
Leas-Mhéara Chathair agus Chontae Luimnigh

BALLRAÍOCHT CHOMHAIRLE CATHRACH AGUS CONTAE LUIMNIGH

DÚICHE CHATHRACH LUIMNIGH (mar a bhfuil Toghlimistéir Áitiúla Chathair Luimnigh Thoir, Cathair Luimnigh Thuaidh agus Cathair Luimnigh Thiar) - 21 BALL

BAILL CHATHAIR LUIMNIGH THOIR - 8 BALL

An Clr. Shane Clifford
The Spa, Caisleán Uí Chonaill, Co. Luimnigh.
(FF)

An Clr. Marian Hurley
Casa Loma, Áth an Choite, Co. Luimnigh.
(FG)

An Clr. Paul Keller
50A, Radharc Chaladh an Treoigh, Bóthar Childers, Luimneach.
(AAA)

An Clr. Séighin Ó Ceallaigh
Windy Ridge, Baile na mBráthar, An Ghráinseach, Co. Luimnigh.
(SF)

An Clr. Jerry O'Dea
'The Haggard,' Baile Cloch, Ros Uí Bhriain, Luimneach.
(FF)

An Clr. Kieran O'Hanlon
An Réabóg, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Luimneach.
(FF)

An Clr. Elena Secas
131, Curra Uí Bheirin, Caladh an Treoigh, Luimneach.
(LO)

An Clr. Michael Sheahan
84 Kylemore, Bóthar na Seanscoile, Móin an Lín, Luimneach.
(FG)

BAILL CHATHAIR LUIMNIGH THUAIDH - 6 BALL

An Clr. Joe Crowley
29, An Gort Thiar, An Cuarbhóthar Thuaidh, Luimneach. (FF)

An Clr. Frankie Daly
64, Cill Chríodáin, Ascaill na Réabóige, Irish Estates, An Corrbhaile, Luimneach. (LO)

An Clr. John Gilligan
36, Eastát Uí Laoi, Bóthar an Oileáin, Luimneach.
(NS)

An Clr. Michael Hourigan
Carraig Donn, Páirc Revington, An Cuarbhóthar Thuaidh, Luimneach. (FG)

An Clr. Cian Prendiville
45, Gairdíní Brookville, Clareview, Luimneach. (AAA)

An Clr. Maurice Quinlivan
7, Clós Stenson, Luimneach.
(SF)

LIMERICK CITY AND COUNTY COUNCIL MEMBERS

BAILL CHATHAIR LUIMNIGH THIAR - 7 BALL

An Clr. Daniel Butler
106, An Ghráinseach, An Ráithín, Luimneach.
(FG)

An Clr. Maria Byrne
Mannixville,
Ascaill Uí Chonaill, Luimneach.
(FG)

An Clr. James Collins
Collins Bar, Tuar an Daill,
Luimneach.
(FF)

An Clr. Joe Leddin
Ascaill Summerville,
An Cuarbhóthar Theas,
Luimneach.
(LO)

An Clr. John Loftus
Árasán 2, 3 Sráid Glentworth
Íochtarach, Luimneach.
(Ean.-Lúnasa: AAA Meán F. - Noll.:NS)

An Clr. Seán Lynch
Baile Uí Chearnaigh,
Clár Aidhne,
Co. Luimnigh.
(FF)

An Clr. Malachy McCreesh
59, Eastát Ghabhal an Dá Bhóthar, Tuar an Daill,
Luimneach.
(SF)

CEANTAR BARDASACH ÁTH DARA - RÁTH CAOLA - 6 BALL

An Clr. Stephen Keary
An Chloch, Cróch,
Co. Luimnigh.
(FG)

An Clr. Ciara McMahon
An Doirín, Áth an tSléibhe,
Co. Luimnigh.
(SF)

An Clr. Tom Neville
Kiltannan, Cróch,
Ráth Caola, Co. Luimnigh.
(FG)

An Clr. Emmett O'Brien
Glenameade, Pailís Chaonraí,
Co. Luimnigh.
(NS)

An Clr. Richard O'Donoghue
Kilatal, Baile an Gharraí,
Co. Luimnigh. (FF)

An Clr. Kevin Sheahan
Cluain Riasc, Eas Géitine,
Co. Luimnigh. (FF)

CEANTAR BARDASACH AN CHEAPACH MHÓR-CILL MOCHEALLÓG - 7 BALL

An Clr. Michael Donegan
Ard an Mhuilinn,
Cill Mocheallóg,
Co. Luimnigh.
(FF)

An Clr. Noel Gleeson
Cuileannach, An Cheapach
Mhór, Co. Luimnigh.
(FF)

An Clr. Gerald Mitchell
Teach Benrue, An tOspidéal,
Co. Luimnigh.
(FG)

An Clr. William O'Donnell
The Waterfall, An Brú,
Co. Luimnigh.
(FG)

An Clr. Eddie Ryan
An Caisleán Cria,
An Gallbhaile,
Co. Luimnigh.
(FF)

An Clr. Lisa Marie Sheehy
Baile an Tobair, Cill Fhíonáin,
Co. Luimnigh.
(SF)

An Clr. Brigid Teefy
Baile Uí Bhricín,
An Ghráinseach,
Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh.
(NS)

CEANTAR BARDASACH AN CHAISLEÁN NUA - 6 BALL

An Clr. Séamus Browne
An Chlais, Mainistir na Féile,
Co. Luimnigh.
(SF)

An Clr. Michael Collins
Baile an Bhealaigh,
An Caisleán Nua,
Co. Luimnigh.
(FF)

An Clr. Francis Foley
Bóthar Chill Airne,
Mainistir na Féile,
Co. Luimnigh.
(FF)

An Clr. Liam Galvin
An Bealach, Mainistir na Féile,
Co. Luimnigh.
(FG)

An Clr. Jerome Scanlan
Baile Uí Dhónaill,
An Fheothanach,
Co. Luimnigh. (FG)

An Clr. John Sheahan
Ballyguiltenane, An Gleann,
Co. Luimnigh. (FG)

BAILL AGUS CRUINNITHE NA COMHAIRLE

Tá 40 Ball ar an gComhairle - 21 Ball i gCeantar Bardasach Luimnigh (ar a n-áirítear Toghlimistéir Áitiúla Chathair Luimnigh Thoir, Cathair Luimnigh Thuaidh agus Cathair Luimnigh Thiar) 6 Ball i gCeantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caola, 7 Ball i gCeantar Bardasach An Cheapach Mhór-Cill Mocheallóg agus 6 Ball i gCeantar Bardasach An Chaisleán Nua.

De ghnáth bíonn cruinnithe na Comhairle iomlán ar an gceathrú Luan de gach dara mí, go démhíosúil, i Seomra na Comhairle ag Tuar an Daill. Tháinig an Chomhairle iomlán le chéile ar 16 ócáid i 2015.

GRÚPA BEARTAIS CHORPARÁIDIGH

Is Coiste de chuid na Comhairle atá sa Ghrúpa Beartais Chorparáidigh ar a bhfuil Méara na Comhairle agus Cathaoirligh gach Coiste Polasaí Straitéiseach. Is iad seo a leanas na baill:-

- An Comhairleoir Liam Galvin, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh.
- An Comhairleoir Michael Donegan, Cathaoirleach an SPC Forbartha Baile agus Sóisialta
- An Comhairleoir Maurice Quinlivan, Cathaoirleach ar an SPC Taistil agus Iompair
- An Comhairleoir Noel Gleeson, Cathaoirleach ar an SPC Forbartha Geilleagrach, Fiontraíochta & Pleanála
- An Comhairleoir Francis Foley, Cathaoirleach ar an SPC Seirbhísí Pobail, Fóillíochta agus Éigeandála
- An Comhairleoir Michael Hourigan, Cathaoirleach ar an SPC Comhshaoil

Nascann an CPG obair na SPCanna éagsúla, ag feidhmiú mar chineál comh-aireachta agus soláthraíonn sé fóram mar ar féidir aontú ar pholasaí le cur faoi bhráid na Comhairle iomlán a choimeádfaidh údarás le cinntí a dhéanamh. Déanann an CPG monatóireacht freisin ar fheidhmíocht an Údaráis Áitiúil agus tá príomhról aige maidir le buiséad a ullmhú. Tháinig an CPG le chéile ar 10 ócáid i 2015.

COISTÍ NA COMHAIRLE

Teideal	Líon na mBall	Líon na mBall
Ceantar Bardasach Luimnigh	21	13
Ceantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caola	6	18
Ceantar Bardasach - An Cheapach Mhór-Cill Mocheallóg	7	14
Ceantar Bardasach An Caisleán Nua	6	17
Coistí Polasaí Straitéiseach		
Forbairt Baile agus Sóisialta	19	5
Taisteal agus Iompar	20	4
Forbairt Gheilleagrach, Fiontraíocht agus Pleanáil	20	4
Seirbhísí Pobail, Fóillíochta agus Éigeandála	19	3
Comhshaol	20	4
Mionteagasc Oibríochta Áitiúil		
Cathair Luimnigh Thoir	8	10
Cathair Luimnigh Thuaidh	6	10
Cathair Luimnigh Thiar	7	10
Coistí Eile		
Cóiríocht do Thaistealaithe Coiste Comhairleach	12	5
Coiste Uisce Tuaithe	11	2
Coiste Iniúchóireachta	7	6
Comhchoiste Póilíneachta	31	2
Pobal Áitiúil Coiste Forbartha	17	11

COISTÍ POLASAÍ STRAITÉISEACH

Is é atá i ngach Coiste Polasaí Straitéiseach na Comhairleoirí tofa agus Ionadaithe Earnála, ag oibriú le chéile i gcineál daonlathais níos rannpháirtí, ag soláthar fócas níos éifeachtaí ar pholasaí maidir le feidhmeanna agus gníomhaíochtaí Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Tugann Stiúrthóir Sierbhíse tacaíocht do gach SPC ina gcuid oibre. Cé go gceapann gach SPC polasaí agus go ndéanann siad forbairt air, is ag an gComhairle iomlán a bhíonn an focal deireanach.

COSITE POLASAÍ STRAITÉISEACH FORBARTHA BAILE AGUS SÓISIALTA

Baill

An Clr. Michael Donegan (Cathaoirleach)
An Clr. William O'Donnell
An Clr. Liam Galvin
An Clr. Jerome Scanlan
An Clr. Stephen Keary
An Clr. Tom Neville
An Clr. Maurice Quinlivan
An Clr. Cian Prendiville
An Clr. Paul Keller
An Clr. Joe Leddin
An Clr. Shane Clifford
An Clr. Francis Foley
An Clr. Jerry O'Dea
An Clr. Richard O'Donoghue
An Clr. John Gilligan
An Clr. Lisa Marie Sheehy

IONADAITHE EARNÁLA

Forbairt / Tógáil
P.J. O'Grady

Gnó / Tráchtáil
An Dr. Eileen Humphreys

Ceardchumann
Mr. Mike McNamara

Tionóladh 5 chruinniú de Chomhchoiste Polasaí Straitéiseach Forbartha Baile agus Sóisialta Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i 2015.

Rinne na baill iad seo a leanas a phlé:-

- Faisnéis ar an Scéim Nua Cheannaigh ag Tionóntaí
- Nuashonrú ar an Scéim Cóiríochta ar Cíos (RAS)
- Cur i láthair ar nuashonrú maidir leis an gComhstraitéis d'Iompraíocht Fhrithshóisialta
- Nuashonrú ar an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP)
- Cur i Láthair ar an Straitéis Tithíochta 2015 - 2017
- Nuashonrú ar Phlean Forfheidhmithe Chreata na hOifige Athghiniúna
- Faisnéisiú ar an Dréachtchlár Cóiríochta do Thaistealaithe 2014-2018
- Cur i Láthair ar an gclár Ceannacháin agus Léasaithe Fadtéarma.
- Nuashonrú ar an Scéim um Fheabhsúcháin Tí

AN COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA AR THAISTEAL AGUS IOMPAR

Baill

An Clr. Maurice Quinlivan (Cathaoirleach)
An Clr. Frankie Daly
An Clr. Elena Secas
An Clr. Maria Byrne
An Clr. Michael Sheahan
An Clr. Gerald Mitchell
An Clr. Tom Neville
An Clr. Daniel Butler
An Clr. Séamus Browne
An Clr. John Loftus
An Clr. Shane Clifford
An Clr. Michael Donegan
An Clr. Seán Lynch
An Clr. Richard O'Donoghue
An Clr. Kieran O'Hanlon
An Clr. Emmett O'Brien

IONADAITHE EARNÁLA

Talmhaíocht / Feirmeoireacht
Michael Lenihan

Forbairt / Tógáil
Pat McCarthy

Gnó / Tráchtáil
Michael Tiernan

Ceardchumann
Mr. Frank McDonnell

Bhí 4 chruinniú ag Coiste um Beartais Straitéiseacha Taistil agus Iompair na Comhairle i 2015.

Ar na nithe a pléad ag na cruinnithe bhí luasteorainn 30kph a thabhairt isteach in eastáit tithíochta, Fodhlíthe Páirceála & Straitéis Chreat Gluaiseachta Cheantar Bardasach Luimnigh.

COISTE UM BEARTAIS STRAITEÍSEACHA FORBARTHA GEILLEAGRACH, FIONTRAÍOCHTA & PLEANÁLA

Baill
An Clr. Noel Gleeson (Cathaoirleach)
An Clr. Daniel Butler
An Clr. Maria Byrne
An Clr. John Sheahan
An Clr. Liam Galvin
An Clr. Stephen Keary
An Clr. Séamus Browne
An Clr. Séighin Ó Ceallaigh
An Clr. Cian Prendiville
An Clr. Joe Leddin
An Clr. James Collins
An Clr. Jerry O'Dea
An Clr. Eddie Ryan
An Clr. Kevin Sheahan
An Clr. Emmett O'Brien
An Clr. Michael Collins

IONADAITHE EARNÁLA
Talmhaíocht / Feirmeoireacht
John Walsh

Forbairt / Tógáil
Mike Ryan

Gnó / Tráchtáil
Denis Doyle
David Jeffreys

Thionól an Coiste um Beartais Straitéiseacha Forbartha Geilleagrach, Fiontraíochta agus Pleanála ceithre chruinniú i 2015.

Rinne na baill iad seo a leanas a phlé:

- Plean Geilleagrach agus Pobail Áitiúil
- Polasaí ar Eastaít Tithíochta a thógáil i gcúram
- Polasaí maidir le Bannaí Pleanála
- Scéimeanna Ranníocaíochta Forbartha
- Cuideachta Margaíochta Luimnigh
- Nuáil Luimnigh
- Luimneach 2030

COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA DO SHEIRBHÍSÍ POBAIL, FÓILLÍOCHTA AGUS ÉIGEANDÁLA

Baill
An Clr. Francis Foley (Cathaoirleach)
An Clr. Michael Hourigan
An Clr. Michael Sheahan
An Clr. Marian Hurley
An Clr. William O'Donnell
An Clr. Gerald Mitchell
An Clr. Lisa Marie Sheehy
An Clr. Ciara McMahon
An Clr. Séighin Ó Ceallaigh
An Clr. Malachy McCreesh
An Clr. John Loftus
An Clr. Michael Collins
An Clr. Joe Crowley
An Clr. Seán Lynch
An Clr. Kevin Sheahan
An Clr. Brigid Teefy

IONADAITHE EARNÁLA
Talmhaíocht / Feirmeoireacht
Mary Vaughan-Mullane

Forbairt / Tógáil
Mary Fitzgerald

Gnó / Tráchtáil
Liam Toland

Tionóladh cruinnithe an Choiste um Beartais Straitéiseacha do Sheirbhísí Pobail, Fóillíochta agus Éigeandála ar an 25ú Márta, 16ú Meán Fómhair agus 2ú Nollaig 2015.

Déanadh roinnt nithe a chur i láthair ag na cruinnithe seo chomh maith le nuashonrú ó oifigigh na

comhairle ar a gclár oibre ábhartha.
Déanadh na nithe seo a leanas a phlé:

- Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)
- Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) / RDP
- Cistiú Caipitil Spóirt
- Clár Comórtha 1916
- Tarrthálacha Abhann

Faomhadh ocht n-iarratas is ochtó faoi Acht na nEalaíon 2003. Cuireadh fochoiste den SPC le chéile le hathbhreithniú a dhéanamh ar conas a fhéadfadh an Chomhairle a bheith páirteach le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus forbairt á dhéanamh acu ar Straitéis chun Féinmharú a Chosc.

COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA COMHSHAOIL

Baill

An Clr. Michael Hourigan (Cathaoirleach)
An Clr. Frankie Daly
An Clr. Elena Secas
An Clr. Jerome Scanlan
An Clr. Marian Hurley
An Clr. Malachy McCreesh
An Clr. Paul Keller
An Clr. James Collins
An Clr. Joe Crowley
An Clr. Noel Gleeson
An Clr. Kieran O'Hanlon
An Clr. Eddie Ryan
An Clr. John Gilligan
An Clr. Ciara McMahon
An Clr. John Sheahan
An Clr. Brigid Teefy

IONADAITHE EARNÁLA

Talmhaíocht / Feirmeoireacht

Thomas Blackburn
Eamonn English

Gnó / Tráchtáil

Mark McConnell
* Sinead Ryan
* D'éirigh Sinead Ryan as an gCoiste agus tháinig Seamus Leahy ina hionad i Meán Fómhair, 2015.

Déanadh na nithe seo a leanas a phlé:

- Fodhlíthe maidir le Reiligí
- Síneadh le Cnocán San Labhrás - leithdháileadh spáis uaigheanna.
- Fodhlíthe le Fuíollábhar a Chur i Láthair
- Capaill a Rialú.
- Salú ag Madraí
- Dumpáil neamhdhleathach
- Tionscnamh Glanta Fhoireann Luimnigh
- Plean Bainistíochta Bruscair
- Ceisteanna Suntasacha Bainistíochta Uisce in Éirinn (SIWI)
- Polasaí maidir le Trádáil Chóir

Aontaíodh ar cheapadh beartais, tuarascálacha agus straitéisí maidir leis na nithe seo a leanas

- Plean Bainistíochta Bruscair
- Fodhlíthe maidir le Capaill a Rialú
- Fodhlíthe maidir le Reiligí

CEANTAR BARDASACH LUIMNIGH-FEIDHMEANNA FORCHOIMEÁDTA 2015

Cinneadh go gcuirfí athruithe ábhartha atá beartaithe ar Phlean Ceantair Áitiúil 2015-2021 Thobar Phádraigh ar taispeáint don phobal.

Cinneadh Plean Ceantair Áitiúil Thobar Phádraigh 2015 - 2021 a dhéanamh.

Glacadh le Sceideal Oibreacha 2015 do Dhúiche Chathrach Luimnigh.

Faomhadh ar Dhroichead na Páirce agus ar Athshannadh Tráchta Chanáil na Páirce atá beartaithe, Maolú Tráchta agus Feabhsú do Choisithe agus do Rothaíocht.

Faomhadh ar an bhForbairt Cónaithe atá Beartaithe ag Páirc Uí Mháille, An Cnoc Theas, Luimneach.

Faomhadh ar Fhorbairt Cónaithe atá Beartaithe ag Páirc Chlíona agus Bóthar Mhóin na mBráthar, Maigh Rois, Luimneach.

Faomhadh ar Fhorbairt Cónaithe atá Beartaithe ag Páirc Mhic Cosgair, Maigh Rois, Luimneach.

Togha an Mhéara agus an Leas-Mhéara.

Faomhadh ar Oibreacha Bóthair Phurláin Mhungairit.

Faomhadh ar oibreacha atá beartaithe ag Mainistir na bProinsiasach, Sráid Anraí, Rae Bedford, Luimneach.

Glacadh le Plean Buiséadach do Dhúiche Chathrach Luimnigh don bhliain airgeadais dar críoch 31ú Nollaig, 2016 leis an suim de €640,000.

Faomhadh ar leithdháileadh faoin Leithdháileadh Ginearálta Bardasach 2015 do Thionscadail Speisialta, Cathair Luimnigh Thiar i nDúiche Chathrach Luimnigh de réir Ailt 102 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, mar a leasaíodh.

Faomhadh ar oibreacha molta d'iar-Fhoirgneamh Dell, Bóthar Plassey, Caladh an Treoigh.

Leasú ar Thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh maidir leis na hOibreacha Feabhsaithe ar an Réimse Uirbeach agus Sráide ag Sráid Parnell, Sráid Wickham agus Sráid an Dáibhisigh de réir Ailt 179(4)(b) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000-2015.

Faomhadh ar eastáit éagsúla a thógáil i gcúram de réir S.180 de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2014 agus S.11 den Acht um Bóithre 1993.

FEIDHMEANNA FORCHOIMEÁDTA CHEANTAR BARDASACH ÁTH DARA-RÁTH CAOLA 2015

Déanamh Phlean Ceantair Áitiúil Eas Géitine 2015-2021 faoi alt 20(3)(n) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, mar a leasaíodh.

Aontú ar Leithdháileadh faoin Leithdháileadh Ginearálta Bardasach (GMA) 2015.

Déanamh Phlean Ceantair Áitiúil Áth Dara 2015-2021 faoi alt 20(3)(n) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, (mar a leasaíodh), faoi réir dhá leasú.

Glacadh leis an Sceideal Oibreacha do Cheantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caola 2015.

Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach a thoghadh don Cheantar Bardasach.

Faomhadh ar dhá struchtúr a bhaint de Thaifead na Struchtúr atá faoi Chosaint agus struchtúr amháin eile a chur le Taifead na Struchtúr atá faoi Chosaint de réir Ailt 55 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (mar a leasaíodh).

Faomhadh ar Oibreacha ar Dhroichead Shéipéal Bhaile Riobaird N69.

Faomhadh ar Scéim Maolaithe Tuilte Fhainge.

Leasú ar Phlean Ceantair Áitiúil Chromadh 2009-2015 (ar cuireadh 5 bliana breise leis) faoi Alt 20(3)(d) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, (mar a leasaíodh).

Glacadh le Plean Buiséadach do Cheantar Bardasach

Áth Dara-Ráth Caola don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig, 2016, leis an iomlán €275,000 de réir Alt 102 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, mar a leasaíodh.

Eastát a thógáil i gcúram de réir Alt 180 de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2014 agus Alt 11 den Acht um Bóithre 1993.

FEIDHMEANNA FORCHOIMEÁDTA CHEANTAR BARDASACH OF AN CHEAPACH MHÓR-CILL MOCHEALLÓG 2015

Faomhadh ar Leithdháileadh faoi GMA 2015 de réir Alt 102 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, mar a leasaíodh.

Faomhadh ar Sceideal Oibreacha 2015 do Cheantar Bardasach An Cheapach Mhór-Cill Mocheallóg.

Faomhadh ar an dá struchtúr a cuireadh le Taifead na Struchtúr atá faoi Chosaint de réir Ailt 55 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (mar a leasaíodh).

Faomhadh ar na trí struchtúr a bhaint de hTaifead na Struchtúr atá faoi Chosaint de réir Ailt 55 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (mar a leasaíodh).

Faomhadh ar oibreacha ag Baile Uí Fhlaithimh, Co. Luimnigh.

Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach a thoghadh.

Glacadh le Plean Buiséadach do Cheantar Bardasach An do Cheantar Bardasach An Cheapach Mhór-Cill Mocheallóg don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig, 2016, leis an iomlán €310,000 de réir Alt 102 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, mar a leasaíodh.

Faomhadh ar an líon eastát atá a thógáil i gcúram de réir Alt 180 de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2014 agus Alt 11 den Acht um Bóithre 1993.

Faomhadh ar roinnt Fáiltiú Cathrach a bheith ann.

FEIDHMEANNA FORCHOIMEÁDTA 2015 - CHEANTAR BARDASACH AN CAISLEÁN NUA

Faomhadh ar na ceithre struchtúr a bhaint de hTaifead na Struchtúr atá faoi Chosaint de réir Ailt 55 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (mar a leasaíodh).

Faomhadh ar Sceideal Oibreacha 2015 do Cheantar Bardasach An Caisleán Nua.

Faomhadh ar Leithdháileadh faoi GMA 2015 do Thionscadail Speisialta de réir Alt 102 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, mar a leasaíodh.

Glacadh le Plean Buiséadach do Cheantar Bardasach An Caisleán Nua don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig, 2016, leis an iomlán €275,000 de réir Alt 102 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, mar a leasaíodh.

Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach a thoghadh.

Eastát tithíochta a thógáil i gcúram de réir Alt 180 de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2014 agus Alt 11 den Acht um Bóithre 1993.

IONADAÍOCHT AR CHOMHLACHTAÍ EILE

COISTE COMHAIRLEACH MAIDIR LE CÓIRÍOCHT ÁITIÚIL DO THAISTEALAITHE

An Clr. Seán Lynch
An Clr. Michael Sheahan
An Clr. Marian Hurley
An Clr. Ciara McMahon

CUMANN RIALTAIS ÁITIÚIL NA HÉIREANN (AILG)

An Clr. Michael Hourigan
An Clr. Joe Crowley
An Clr. Richard O'Donoghue
An Clr. John Gilligan

Comhlachas na Comhairle um Polasaí Seasta (AILG)

An Clr. Michael Hourigan
An Clr. Joe Crowley
An Clr. Richard O'Donoghue

COMHTHIONÓL RÉIGIÚNACH AN DEISCIRT AGUS AN OIRTHIR

An Clr. Joe Leddin
An Clr. Noel Gleeson
An Clr. John Sheahan

IONTAOBHAITHE MHARGADH LUIMNIGH

An Clr. Liam Galvin *(Méara Chathair agus Chontae Luimnigh)*
An Clr. Jerry O'Dea *(Méara Dhúiche Chathrach Luimnigh)*
An Clr. Joe Leddin
An Clr. Malachy McCreesh
An Clr. Séamus Browne
An Clr. John Loftus
An Clr. Joe Crowley
An Clr. Seán Lynch
An Clr. James Collins
An Clr. Michael Collins
An Clr. Kieran O'Hanlon
An Clr. Shane Clifford
An Clr. Maria Byrne
An Clr. William O'Donnell
An Clr. Gerald Mitchell
An Clr. Michael Hourigan
An Clr. Marian Hurley
An Clr. Michael Sheahan

CUMANN LEABHARLANN NA hÉIREANN

An Clr. Kevin Sheahan

COMHAR-ÁRACHAIS COMHAIRLÍ ÉIREANN TEORANTA

An Clr. William O'Donnell

CUMANN CHOMHALTAÍ NA NÚDARÁS ÁITIÚIL

An Clr. John Sheahan

BORD RIALAITHE OLLSCOIL NA hÉIREANN, CORCAIGH

An Clr. Eddie Ryan

ÚDARÁS RIALAITHE OLLSCOIL LUIMNIGH

An Clr. Liam Galvin (Méara Chathair agus Chontae Luimnigh)
An Clr. Jerry O'Dea (Méara Dhúiche Chathrach Luimnigh)

IONTAOBHAS OIDHREACHTA ÁTH DARA TEORANTA

An Clr. Liam Galvin (Méara Chathair agus Chontae Luimnigh)

ACMHAINNÍ IARTHAR LUIMNIGH TEORANTA

An Clr. Michael Collins
An Clr. Francis Foley
An Clr. Emmett O'Brien
An Clr. John Sheahan

FORBAIRT BHEALACH ABHRA TEORANTA

An Clr. William O'Donnell
An Clr. Michael Donegan

COMHPHÁIRTÍOCHT PAUL

An Clr. Seán Lynch
An Clr. Frankie Daly
An Clr. Michael Sheahan

RCCN (LÍONRA CÚRAM POBAIL TUAITHE)

An Clr. Jerome Scanlan
An Clr. Francis Foley

IONTAOBHAS MÚSAEM HUNT

An Clr. Joe Crowley
An Clr. William O'Donnell

CUIDEACHTA MHÚSAEM HUNT

An Clr. Jerry O'Dea

FÓRAM RÉIGIÚNACH SLÁINTE AN IARTHAIR

An Clr. Brigid Teefy
An Clr. Malachy McCreesh
An Clr. Michael Hourigan
An Clr. Jerome Scanlan
An Clr. Maria Byrne
An Clr. Francis Foley
An Clr. Michael Collins

FOIREANN UM FHEIDHMIÚ GNÍOMHAÍOCHTA GASTA DO RÁTH CAOLA

An Clr. Stephen Keary

COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA

An Clr. Paul Keller
An Clr. Joe Leddin
An Clr. Séighin Ó Ceallaigh
An Clr. Ciara McMahon
An Clr. Michael Hourigan
An Clr. Stephen Keary
An Clr. Liam Galvin
An Clr. Gerald Mitchell
An Clr. John Sheahan
An Clr. Seán Lynch
An Clr. Kevin Sheahan
An Clr. Jerry O'Dea
An Clr. Richard O'Donoghue
An Clr. Eddie Ryan
An Clr. Emmett O'Brien

BORD GOBHARNÓIRÍ OSPIDÉAL NAOMH EOIN

An Clr. Jerry O'Dea (Méara Dhúiche Chathrach Luimnigh)
An Clr. Cian Prendiville
An Clr. Maria Byrne
An Clr. Gerald Mitchell
An Clr. Kieran O'Hanlon

COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT LUIMNIGH

An Clr. Seán Lynch

IONTAOBHAS SIBHIALTA LUIMNIGH

An Clr. Marian Hurley

BORD STIÚRTHA IONAID FIONTAR POBAIL MHAIGH ROIS

An Clr. Frankie Daly

BAINISTÍOCHTA CHUIDEACHTA FORBARTHA POBAIL NAOMH MAINCHÍN TEORANTA

An Clr. Joe Crowley

BORD MARGAÍOCHTA LUIMNIGH

An Clr. Joe Crowley
An Clr. Michael Hourigan
An Clr. Michael Sheahan
An Clr. Joe Leddin

BORD NUÁIL LUIMNIGH

An Clr. Shane Clifford
An Clr. James Collins
An Clr. Maria Byrne
An Clr. Séamus Browne

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA LUIMNIGH AGUS AN CHLÁIR

An Clr. Maria Byrne
An Clr. Elena Secas
An Clr. Lisa Marie Sheehy
An Clr. Liam Galvin
An Clr. Michael Donegan
An Clr. Richard O'Donoghue
An Clr. Kieran O'Hanlon

COISTE INIÚCHÓIREACHTA

An Clr. James Collins
An Clr. Shane Clifford
An Clr. Jerome Scanlan

COISTE FORBARTHA POBAIL ÁITIÚIL (LCDC)

An Clr. Seamus Browne
An Clr. Eddie Ryan
An Clr. Jerome Scanlan
An Clr. Daniel Butler

COISTE MONATÓIREACHTA UISCE TUAITHE

An Clr. Eddie Ryan
An Clr. Jerome Scanlan
An Clr. Lisa Marie Sheehy

GRÚPA STIÚRTHA AR LUIMNEACH 2020

An Clr. Liam Galvin (Méara Chathair agus Chontae Luimnigh)
An Clr. James Collins
An Clr. Marian Hurley

GRÚPA PHÁIRTITHE LEASMHARA LUIMNEACH 2020

An Clr. Tom Neville
An Clr. Maria Byrne
An Clr. Shane Clifford
An Clr. Jerry O'Dea

TOGHCEANTAIR



Tuarascáil Bhliantúil 2015 *Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh*

Imeachtaí, Buaicphointí agus Fáiltithe Chathartha



FÁILTITHE CHATHARTHA

Fáiltiú cathartha le honóir a thabhairt tar éis bháis do 'Mhná Gradamacha Luimnigh' Charlotte Grace O'Brien, Sophie Mary Peirce agus Kate O'Brien i gCeoláras na hOllscoile, Ollscoil Luimnigh ar an 6ú Márta, 2015

Fáiltiú Chathartha le honóir a thabhairt tar éis bháis do 'Mhná Gradamacha Luimnigh'. Ag fáil Scrollaí bhí Iseult Murphy, Sliochtach Charlotte Grace O'Brien, Richard Langford, Sliochtach Sophie Mary Peirce agus John O'Brien, sliochtach Kate O'Brien.

An Clr. Kevin Sheahan, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, ag bronnadh Scrolla ar Dave Sheahan, Ard-Cheannfort, ag Fáiltiú Cathartha a tionóladh ar an 30ú Aibreán, 2015 mar aitheantas ar dhíograis agus ar dhúthracht An Garda Síochána agus iad ag tabhairt faoi choiriúlacht agus tacaíocht a thabhairt do phobail i Luimneach.

An Clr. Kevin Sheahan, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh le Dave Sheahan, Ard-Cheannfort agus Baill den Gharda Síochána agus Conn Murray,Príomhfheidhmeannach, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag Fáiltiú Cathartha a tionóladh ar an 30ú Aibreán, 2015 don Gharda Síochána.

An Clr. Liam Galvin, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh ag bronnadh Scrolla ar Ashleigh O'Hagan ag Fáiltiú Cathartha a tionóladh ar an 3ú Samhain, 2015, mar aitheantas ar an dá Bhonn Cré-Umha Domhanda agus trí Bhonn Rannpháirtíochta Domhanda a bhaint amach sa Ghleacaíocht ag Comórtas Domhanda na gCluichí Oilimpeacha Speisialta i Los Angeles i 2015.

An Clr. Liam Galvin, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh le Ashleigh O'Hagan agus Baill de Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag Fáiltiú Cathartha a tionóladh ar an 3ú Samhain, 2015.

Myles Breen agus baill de Chompántas Téatar Bottom Dog ag Fáiltiú Cathartha a tionóladh ar an 16ú Nollaig, 2015.

An Clr. Liam Galvin, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, ag bronnadh Scrolladh ar Myles Breen ag Fáiltiú Cathartha a tionóladh ar an 16ú Nollaig, 2015, mar aitheantas ar a ndearna Myles ar son na nEalaíon agus na hAmharclannaíochta i Luimneach, agus as a bheith ina ambasadóir iontach thar na blianta agus as an ngradam Aisteoir is Fearr a bhaint amach ag Origin's First Irish Theatre Festival i Nua-Eabhrac.

An Clr. Kevin Sheahan, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh le baill de Chumann Gailf Chaladh an Treoigh ag Fáiltiú Cathartha a tionóladh ar an 11ú Feabhra, 2015.

An Clr. Kevin Sheahan, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh ag bronnadh Scrolla ar bhaill de Chumann Gailf Chaladh an Treoigh ag Fáiltiú Cathartha a tionóladh ar an 11ú Feabhra, 2015, mar aitheantas ar an mbua a bhain Cumann Gailf Chaladh an Treoigh amach i gCoran Sóisearach na Mumhan agus na hÉireann i 2014 in éineacht le haitheantas a thabhairt dá ndearna an Club ar son spóirt i Luimneach ó bunaíodh é i 1937.

An Clr. Kevin Sheahan, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh ag bronnadh Scrolla ar Karin Fleming, Príomhoide Gníomhach, Coláiste Cuimsitheach an Chorráin ag Fáiltiú Cathartha a tionóladh ar an 13ú Bealtaine, 2015 in aitheantas ar an bua a bhain Foireann Sinsearach Haca na gCailíní ag Comórtas Haca Uile Éireann Kate Russell 2015.

An Clr. Kevin Sheahan. Méara Chathair agus Chontae Luimnigh le Foireann Haca Choláiste an Chorráin ag Fáiltiú Cathartha a tionóladh ar an 13ú Bealtaine, 2015.

FÁILTITHE CATHARTHA

An Clr. Kevin Sheahan, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh ag bronnadh Scrolla ar Miriam Dawson, Stiúrthóir Bhanna Ceoil, Banna Ceoil Rithime Chathair Luimnigh ag Fáiltiú Cathartha a tionóladh ar an 18ú Bealtaine, 2015, in aitheantas ar a ndearna siad do Luimneach agus ar a bhfuinneamh ag cruthú atmaisféir a spreagann agus a chuireann áthas ar dhaoine.

An Clr. Kevin Sheahan, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh le baill de Bhanna Ceoil Rithime Luimnigh ag Fáiltiú Cathartha a tionóladh ar an 18ú Bealtaine, 2015.

An Clr. Kevin Sheahan, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh le Foireann Cisphile Lakers Luimnigh ag Fáiltiú Cathartha a tionóladh ar an 13ú Bealtaine, 2015.

An Clr. Kevin Sheahan, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh ag bronnadh Scrolla ar Jamie McAuliffe, Captaen, Foireann Cispheile Lakers Luimnigh Faoi 20 2014/2015 ag Fáiltiú Cathartha a tionóladh ar an 13ú Bealtaine, 2015 in aitheantas ar bhua an Chlub i gCorn Contae Chorcaí, Corn Léige Chorcaí agus Corn Chluiche Réitigh don Cheithre Fhoireann is fearr i Léig Chorcaí.

An Clr. Kevin Sheahan, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh ag bronnadh Scrolla ar an Dr. Andrew Kelly, Stiúrthóir Ceantair na nAonad, Cumann na Croise Deirge ag Fáiltiú Cathartha a tionóladh ar an 13ú Bealtaine, 2015 in aitheantas ar Chumann Croise Deirge na hÉireann i gCeantar Luimnigh ag ceiliúradh seachtó cúig bliana seirbhíse do mhuintir chathair agus chontae Luimnigh.

An Clr. Kevin Sheahan, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh le baill de Chumann Croise Deirge na hÉireann ag Fáiltiú Cathartha a tionóladh ar an 13ú Bealtaine, 2015.

An Clr. Kevin Sheahan, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh ag bronnadh Scrolla ar an tSiúr Eileen Lenihan thar ceann na nOrd Rialta i Luimnigh ag Fáiltiú Cathartha a tionóladh ar an 16ú Meitheamh, 2015, a bronnadh i rith na Bliana na Beatha Coisricthe ar Fhir agus ar Mhná na nOrd Rialta agus na bPobal i nDeoise Luimnigh mar aitheantas ar a ndearna siad ar son oideachais, cúram sláinte agus mórán tionscadal spioradálta agus sóisialta eile i Luimneach.

An Clr. Kevin Sheahan, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh leis an Siúr Eileen Lenihan ag Fáiltiú Cathartha a tionóladh ar an 16ú Meitheamh, 2015 do na hOird Rialta i Luimneach.

An Clr. Kevin Sheahan, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh le baill de Cheolfhoireann Ollscoil Luimnigh ag Fáiltiú Cathartha a tionóladh ar an 11ú Feabhra, 2015.

An Clr. Kevin Sheahan, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh ag bronnadh Scrolla ar Ionadaí Cheolfhoireann Ollscoil Luimnigh ag Fáiltiú Cathartha a tionóladh ar an 11ú Feabhra, 2015 In aitheantas ar a ndearna an Ceolfhoireann ar son an cheoil agus an chultúir i Luimneach ó bunaíodh é i 1992.

FÁILTITHE AN MHÉARA

An tsraith ar cúl C-D: John. B. Ryan, Ceolchumann Luimnigh (LMS), Ian Collins, LMS, Dave Griffin, LMS, Des Henn, LMS, An Clr. Kevin Sheahan, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, Christy O'Connor, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Gerry Ryan, LMS, Dermot Winston, Comh-Chathaoirleach ar Cheolchumann Luimnigh, An Clr. Eddie Ryan. An tsraith tosaigh C-D: Jacinta Florish, LMS, Laura Henebry, Comh-Chathaoirleach ar Cheolchumann Luimnigh, Niamh Twomey, LMS, Patricia Heagney, LMS.

An Clr. Kevin Sheahan, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, a rinne óstáil ar Fháiltiú an Mhéara do Cheannfort Bleachtaireachta an Gharda Síochána, Jim Browne, a bhí ag dul ar scor, sa phictiúr anseo lena bhean chéile Anne, ag an Ceannáras Corparáideach, Cé na gCeannaithe, ar a lá deireanach ar dualgas gníomhach tar éis breis agus 30 bliain.
Pictiúr: Keith Wiseman

An Clr. Liam Galvin, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh agus Cór Cheantar Spokane a bhí ar an mbaile don Chórfhéile Idirnáisiúnta, Limerick Sings. Sa phictiúr ar Shiúlóid Spokane sa chathair. Tá Spokane nasctha le Luimneach.
Pictiúr: Brian Gavin Press 22

Cuairt ó Ambasadóir na hEastóine ar Oifig an Mhéara.

Captaen Luimnigh Diarmaid Byrnes agus a chomhimreoirí ag ceiliúradh le Trófaí an Cross of Cashel agus Corn na Mumhan ag ceiliúradh tar éis dóibh teach abhaile tar éis an bua a fháil ar Loch Garman i gCraobh na hÉireann Iomána Faoi 21 Bord Gáis Energy CLG i Staid Semple. Ceannáras Corparáideach Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Cé na gCeannaithe, Luimneach.
Pictiúr: Diarmuid Greene/Fusionshooters.

Tacadóir Luimnigh JP McManus in éineacht le AP McCoy ag ceiliúradh tar éis do Luimneach an bua a fháil ar Loch Garman i gCraobh na hÉireann Iomána Faoi 21 Bord Gáis Energy CLG i Staid Semple.
Pictiúr: Diarmuid Greene/Fusionshooters.

Tacadóir óg Luimnigh ag ceiliúradh tar éis do Luimneach an bua a fháil ar Loch Garman i gCraobh na hÉireann Iomána Faoi 21 Bord Gáis Energy CLG i Staid Semple ar an Satharn.
Pictiúr: Diarmuid Greene/Fusionshooters.

Tacadóirí Luimnigh Roisin Griffin, cailín Pat Ryan Luimnigh, Kathleen Ryan, Máthair Pat Ryan Luimnigh agus Amy Ryan, ón Dún, Co. Luimnigh, deirfiúr Pat Ryan Luimnigh ag ceiliúradh ar theacht abhaile d'fhoireann Luimnigh faoi 21 tar éis dóibh an bua a fháil ar Loch Garman i gCraobh na hÉireann Iomána faoi 21 Brod Gáis Energy CLG is Staid Semple ar an Satharn.
Pictiúr: Diarmuid Greene/Fusionshooters.

Tugann Toscaireacht Spokane Cuairt ar Oifig an Mhéara.

Tugann Toscaireacht Iodálach cuairt ar Cheannáras Corparáideach Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Cé na gCeannaithe, Luimneach.

An Clr. Kevin Sheahan, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh ag searmanas curtha crann In Eas Géitine.

Sean Putt, Trils Addict ag seoladh fhéile BeSpoke ar an gclárchosán, Cé Uí Uallaigh, Luimneach.

An Clr. Michael Sheahan, Méara ar Dhúiche Chathrach Luimnigh ag seoladh Sheachtain Náisiúnta na gCrann 2015 le daltaí ó Choláiste Naomh Mainchín.

Thomas Nader, Ambasadóir na hOstaire, Tine Knox, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, An Clr. Liam Galvin, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, agus Wilhelm Nest, Comhairleoir Tráchtála.

IMEACHTAÍ

Seoladh Ceol and Damsha Traidisiúnta Luimnigh 2-2-2015.

Eitleoga ag eitilt Sráid an Chrúisigh.

Ag teacht don Searmanas Bronnta ag Scoil Náisiúnta Mhuire na mBuachaillí bhí An Clr. Liam Galvin, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh leis an Saighdiúir Singil Ciara Quinn agus an Sáirsint James Reddan.

Eitleoga ag eitilt Sráid an Chrúisigh.

An Clr. Liam Galvin, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh ag seoladh Mhíle Órga Bhéal an Átha.

An Clr. Liam Galvin, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh ag seoladh Mhíle Órga Theampall an Ghleanntáin.

Seoladh Seachtain Sláinte na bhFear Luimnigh.

Seoladh Going for Gold nua Luimnigh, Gerry Boland, Stiúrthóir Fhondúireacht Charthanachta McManus, Helen O'Donnell, Cathaoirleach, Bailte Slachtmhara Lár na Cathrach, Luimneach, An Clr. Frankie Daly, Leas-Mhéara, Geraldine O'Regan, Live 95FM, Alan English, Limerick Leader agus Roger Beck, Ionad Siopadóireachta Bhealach na Páirce.

Rannpháirtithe i bParáid Lae Fhéile Pádraig, Luimneach.

Chuir Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh póstaer ollmhór de Paul O'Connell in airde in onóir don laoch mór rugbaí sular éirigh sé as a bheith ag imirt don Mhumhain agus go hidirnáisiúnta.

An Clr. Gerald Mitchell, Leas-Mhéara Chathair agus Chontae Luimnhigh ag síneadh Leabhair Chomhbhróid don ionsaí i bPáras le Pat Dowling, Leas-Phríomhfheidhmeannach, Stephane Duclot, Pleanálaí Sinsearach Gníomhach agus Christy O'Connor, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach.

Seoladh r-Pháirceáil Luimnigh.

An Clr. Liam Galvin, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh ag síneadh an chonartha do Bhealach 2 Céim 2 Taisteal Níos Cliste Luimnigh.

An Clr. Kevin Sheahan, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh ag bronnadh duaiseanna ar na ceithre bhuaiteoirí ar Pharáid Lae Fhéile Pádraigh Luimnigh 2015 - Spotlight Stage School, Pobalscoil Naomh Eoin Baiste, An tOspidéal, Mol Foghlama Luimnigh agus an Banna Máirseála Rithime Chathair Luimnigh.

An Clr. Kevin Sheahan ag tabhairt an slabhra oifige don Mhéara nua ar Chathair agus ar Chontae Luimnigh, An Clr. Liam Galvin ag Cruinniú Bliantúil. Sa phictiúr freisin tá Conn Murray, Príomhfheidhmeannach.

Rannpháirtithe i bParáid Lae Fhéile Pádraig.

Lá Fhéile Pádraigh Luimnigh.

Pat Stephens, Gníomhaireacht Fuinnimh Luimnigh An Chláir, Kieran Lehane, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, An Comhairleoir Kleran O'Hanlon, Gerry Doherty agus Helen Kenneally An Roinn Comhshaoil, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag Seoladh Phean Bainistíochta Dramhaíola do Réigiún an Deiscirt.

Rannpháirtithe i bParáid na mBannaí Lae Fhéile Pádraig.

Acmhainní Daonna, Corparáide, Airgeadais agus ICT

SEAN COUGHLAN
CEANNASAÍ GNÍOMHACH AIRGEADAIS, STIÚRTHÓIR ACMHAINNÍ DAONNA/CORPARÁIDE/ AIRGEADAIS / I.C.T.

ACMHAINNÍ DAONNA

- Plean don Fhórsa Oibre
- Bainistíocht Athruithe
- Earcaíocht agus Líon an tSoláthair Foirne
- Gníomhachtú Jab
- Seirbhísí Comhroinnte
- Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna (CORE)
- Pinsin
- Tomhas ar Chothromaíocht Oibre is Saoil
- Oiliúint agus Forbairt Foirne
- Córas Bainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha
- Leas Fostaithe
- Comhpháirtíocht Ionaid Oibre
- Táscairí Seirbhíse

ICT

- Teicneolaíochtaí Faisnéise & Cumarsáide (ICT)

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

- Deontais Ardoideachais
- Clár na dToghthóirí 2015/2016
- Saoráil Faisnéise
- Sláinte agus Sábháilteach
- Nascadh
- Soláthar
- Foireann Cumarsáide Corparáide
- Lá Náisiúnta Comórtha
- Plean Corparáideach
- Scéim na Gaeilge
- Anailís ar Fhuinneamh - 2015

AIRGEADAS

- Athbhreithniú Airgeadais
- Athbhreithniú ar an gClár Comhardaithe
- Athbhreithniú ar Chaiteachas Ioncaim
- Athbhreithniú Ioncaim
- Dréacht-Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach
- Dréacht-Ráiteas ar an Staid Airgeadais

ACMHAINNÍ DAONNA

Soláthraíonn an Roinn Acmhainní Daonna réimse leathan seirbhísí tacaíochta d'fhoireann agus do bhainistíocht Chomhairle Cathrach & Contae Luimnigh. Chuige sin is é príomhról nó feidhm na Roinne Acmhainní Daonna a chinntiú go mbíonn an líon riachtanach foirne leis na scileanna agus na cáilíochtaí cuí ann le cuspóirí straitéiseacha agus oibríochtúla na heagraíochta a thabhairt i gcrích.

PLEAN DON FHÓRSA OIBRE

I rith 2015 rinne an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil faomhadh ar phlean fhórsa oibre Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh don tréimhse 2014 - 2016. Leagann an lean seo amach an riocht reatha maidir le hacmhainní soláthair foirne, na hathruithe ar an soláthar foirne a bhfuiltear ag súil leo thar thréimhse ábhartha an phlean agus moltaí na Comhairle maidir le déileáil leis na hathruithe sin trí earcaíocht / aistriú.

BAINISTÍOCHT ATHRUITHE

Ar rannpháirtíocht na Roinne i mbunú an Oibriúcháin nua bhí idirbheartaíocht dhíreach le ceardchumainn, plé fairsing le baill indibhidiúla den fhoireann agus mionphleanáil agus forfheidhmiú le Bainistíocht Athruithe agus Ranna eile. Bhí cruinnithe rialta leis gComh-Fhóram Comhairliúcháin Ceardchumainn/Bainsitíochta, mar ar déanadh plé ar bhainistíocht athruithe, i rith na bliana.

EARCAÍOCHT AGUS LÍON AN TSOLÁTHAIR FOIRNE

Ag éirí as na comórtais a cuireadh ar siúl, fostaíodh 90 duine nua sa Chomhairle i 2015.

Leanadh freisin le tacú le scéimeanna socrúcháin do scoileanna/coláistí dara agus tríú leibhéal agus d'eagraíochtaí eile. Éascaíodh 58 socrúchán ar fad i rith 2015.

Seo a leanas miondealú ar iarrthóirí 2015 ar bhonn fir/mná:

	Fir	Mná
Líon na nIarrthóirí	1394	496
Líon na nIarrthóirí a glaodh chun agallaimh	317	127
An líon a cuireadh ar Phainéal	200	74
An Líon a Fostaíodh	63	27

GNÍOMHACHTÚ JAB

Rinne an Chomhairle éascú ar rannpháirtíocht i scéimeanna fostaíochta náisiúnta, mar Job Bridge agus Gateway etc. Tugadh an tionscnamh Gateway isteach i 2013 le deiseanna oibre gearrthéarmach a sholáthar do dhaoine dífhostaithe go fadtéarmach le conarthaí thar thréimhse 22 mí. Earcaíodh líon beag foirne breise i 2015. Fuair rannpháirtithe €20 sa tseachtain anuas ar a n-íocaíocht leasa shóisialaigh. Tosaíodh ar 28 socrúchán Intéirneach Jobbridge i rith 2015.

SEIRBHÍSÍ COMHROINNTE

I mí na Samhna 2015 aistríodh feidhm phárolla na Comhairle chuig Ionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla agus Aoisliúntais Rialtais Áitiúil. Déantar tagairt dó mar MyPay, agus tá an tseirbhís bunaithe i gComhairle Contae Laoise. Is é atá i gceist sa dara cuid d'fhorfheidhmiú na comhsheirbhíse seo ná riarachán maidir le pinsin a aistriú chuig MyPay. Tá obair ullmhúcháin tosaithe ar an obair shubstaintiúil seo.

CÓRAS BAINISTÍOCHTA ACMHAINNÍ DAONNA (CORE)

Tosaíodh ar Leagan 19 de Core a fhorfheidhmiú i rith 2015. Tosaíodh ar obair ullmhúcháin freisin ar Chóras Bainistíochta Sábháilteachta a chur i bhfeidhm. Faoi Mhúnla PMDS i Core is láthair bailíochtaaithe atá sa Chomhairle do Chóras Bainistithe Feidhmíochta nua Core.

PINSIN

Íocaíodh 41 canpshuim aisce i rith 2015 der réir na nImlitreacha agus na Scéimeanna Aoisliúntais iomchuí Rialtais Áitiúil. Ba é seo a leanas luach iomlán na n-íocaíochtaí seo:

Canpshuim Chomhlán a íocadh	€1,961,528.37
Aisbhaintí a déanadh	€59,698.25
Canpshuim Ghlan a íocadh	€1,901,830.12

TOMHAS AR CHOTHROMAÍOCHT OIBRE IS SAOIL

Tá réimse scéimeanna cothromaíochta oibre is saoil ar fáil dár bhfostaithe. Áirítear orthu seo Saoire Thuismitheoireachta, Comhroinnt Oibre, Bliain Oibre níos Giorra, Sos Gairme, etc. Bhain Céad & Ochtó Seacht fostaí leas ar na scéimeanna éagsúla i rith 2015.

OILIÚINT AGUS FORBAIRT FOIRNE

Tá oiliúint agus forbairt ár bhfostaithe mar thosaíocht san eagraíocht a cheadaíonn cuspóirí Corparáide, Foirne agus Pearsanta a bhaint amach. I 2015 dhírigh an Chomhairle ar oiliúint sláinte agus sábháilteachta éigeantach a sholáthar mar aon le haon oiliúint riachtanach a iarrfaí. Sholáthair an t-aonad oiliúna cistiú do roinnt chúrsaí breisoideachais, ar a n-áirítear cláir IPA Rialtais Áitiúil. Sholáthair an t-aonad oiliúna 190 cúrsa oiliúna i 2015 le 1091 fostaí ag freastal orthu.

CÓRAS BAINISTÍOCHTA FEIDHMÍOCHTA AGUS FORBARTHA (PMDS)

Tá córas foirmeálta measúnaithe bainistícohta feidhmíochta athbhreithnithe i bhfeidhm ó 2014. Cruthaítear Plean Foirne bliantúil do gach Stiúrthóireacht a thugann imlíne ar na cuspóirí agus na spriocanna don bhliain. Bunaithe ar na cuspóirí a bhíonn leagtha síos sa Phlean Foirne, cruthaíonn gach fostaí Plean Forbartha Pearsanta a áiríonn cuspóirí agus spriocanna ar leith ón bPlean Foirne a mbíonn siad freagrach astu. Déantar athbhreithniú foirmeálta ar dhul chun cinn maidir leis na spriocanna a bhaint amach in athbhreithniú/plé Idirthréimhse agus ag deireadh na bliana. Soláthraítear measúnú deireanach ar fheidhmíocht oibre ag deireadh na bliana. Déantar toradh an mheasúnaithe ag deireadh bliana a nascadh le dul chun cinn incriminteach agus tá seo ann in ionad an phróisis athbhreithnithe incriminteach bliantúil. Cuirtear fáilte roimh chreat inniúlachta a thabhairt isteach a fhéachann ar iompar, scileanna agus dearcadh, a chuireann taca faoi fheidhmíocht éifeachtach. Bíonn Bainisteoirí Sinsearacha páirteach i bhforfheidhmiú an chreata inniúlachta a chuirtear i bhfeidhm, ar bhonn céimneach, i measc na foirne uile san eagraíocht. Bhí an t-aiseolas a fuarthas go dtí seo maidir leis an gcreat inniúlachta an-dearfach. Is suíomh bailíochtaithe atá sa chomhairle do Mhúnla Ar Líne CorePMDS, atá le tosú an bhliain seo chugainn agus é dírithe ar shruthlíniú a dhéanamh ar an bpróiseas PMDS san eagraíocht.

LEAS FOSTAITHE

Leanann an Chomhairle le Clár Cúnaimh d'Fhostaithe (EAP) a sholáthar. Is seirbhís tacaíochta faoi iontaoibh a atá anseo do gach fostaí agus dá neasteaghlach a bhfuil cónaí orthu in éineacht leo. Áiríonn an tseirbhís seirbhís teileafóin 24 uair an chloig in aisce agus soláthraíonn sí cúnamh maidir le, m.sh. ceisteanna teaghlaigh, andúil, obair, gaolmhaireacht, bás agus ceisteanna airgeadais. Soláthraíonn tairseach sláinte ar líne rochtain láithreach agus neamhshrianta ar fhíseán tacaíochta mothúchánach, físeáin fholáine agus os cionn 200 bileog eolais míochaine atá scríofa ar bhealach atá éasca le tuiscint.

COMHPHÁIRTÍOCHT IONAID OIBRE

Thionól Coiste Comhpháirtíochta Ionaid Oibre (WPPC) Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a gcruinniú tionscnaimh ar an 29ú Eanáir 2015. Tagann an Coiste le chéile uair sa ráithe agus is é atá ina bhallraíocht ná ionadaithe ón mBainistíocht agus na Ceardchumainn araon. Is fóram Faisnéise agus Comhairliúcháin atá sa WPPC a cheadaíonn d'Oifigigh/Ionadaithe na Bainistíochta agus na gCeardchumann a bheith rannpháirteach go dearfach lena chéile.

TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE

Corparáideach: C1 & C2 & C4

Líon an tsoláthair foirne coibhéis lánaimseartha ag deireadh bliana	1034.05
Céatadán na laethanta oibre caillte de bharr breoiteachta le teastas dochtúra	3.43 %
Céatadán na laethanta oibre caillte de bharr breoiteachta gan teastas dochtúra	0.34 %
Céatadán na laethanta oibre caillte de bharr breoiteachta le teastas dochtúra	8059 lá
Céatadán na laethanta oibre caillte de bharr breoiteachta gan teastas dochtúra	797 lá
Líon na laethanta oibre caillte de bharr breoiteachta le teastas dochtúra	368 lá
Líon na laethanta oibre caillte de bharr breoiteachta gan teastas dochtúra	13 lá

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Clúdaíonn Seirbhísí Corparáideacha réimse leathan seirbhísí in éineacht le Seirbhísí Tacaíochta Bainistíochta a sholáthar. Déanann an Roinn déileáil le réimsí mar Bhainistíocht Saoráidí, Deontais Ardoideachais, Clár na dToghthóirí, Saoráil Faisnéise, Ceannach, Sláinte & Sábháilteacht agus réimse leathan seirbhísí cúntacha a bhaineann le gnó na Comhairle.

DEONTAIS ARDOIDEACHAIS

Rinne Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Deontais Ardoideachais a riaradh d'Athnuachan amháin don bhliain acadúil 2014/2015. Déanadh gach iarratas nua ar Dheontas Ardoideachais do mhic léinn a d'aistrigh chuig cúrsa eile a phróiseáil trí an údaras bronnta amháin Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI).

Rinne Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh próiseáil ar os cionn 250 iarratas. Ba é iomlán an chaiteachais ná os cionn €1.4m agus áiríodh anseo €122,497 a íocadh as Ráta Speisialta de Dheontais Chothabhála. Bronnadh an Ráta Speisialta de Dheontas Cothabhála ar 66 mac léinn i 2014/2015.

CLÁR NA DTOGHTHÓIRÍ 2015/2016

Déantar Clár na dToghthóirí a nuashonrú agus a chur ar fáil gach bliain agus is é atá ann liosta de gach duine os cionn 18 bliana d'aois a bhfuil cónaí orthu sa Chathair agus sa Chontae atá i dteideal vóta a chaitheamh i dToghcháin Dála, Toghcháin do Thionól na hEorpa, Uachtaránacha agus Áitiúla agus i Reifrinn. Is é an dáta foilsithe do Chlár na dToghthóirí ná 1ú Feabhara agus tagann an Clár i bhfeidhm ar an 15ú Feabhra gach bliain.

I 2015 bhí 3 Dáilcheantar i Luimneach. Ba mar seo a leanas a bhí na dáilcheantair agus líon na Suíochán Dála i ngach ceann acu:-

Cathair Luimnigh	4 Shuíochán
Luimneach	3 Shuíochán
Ciarraí Thuaidh/Luimneach Thiar	3 Shuíochán

Bhí 134,603 Toghthóir Uachtaránachta agus 140,105 Toghthóir Rialtais Áitiúil ar Bheochlár na dToghthóirí 2015/2016 a foilsíodh ar an 1ú Feabhra 2015 agus tá na Toghthóirí Rialtais Áitiúil roinnte mar seo a leanas idir na 6 Toghlimistéar Áitiúil:-

Áth Dara-Ráth Caola	22,667
An Cheapach Mhór-Cill Mocheallóg	27,196
Cathair Luimnigh Thoir	27,590
Cathair Luimnigh Thuaidh	20,935
Cathair Luimnigh Thiar	20,112
An Caisleán Nua	21,605

Foilsíodh Forlíonadh le Clár na dToghthóirí 2015/2016 le líon iomlán na dToghthóirí de 1,787 do Reifrinn faoin gComhionannais Pósta (34ú Leasú) agus Aois Cháilitheachta le Togha chuig Oifig an Uachtaráin (35ú Leasú) a toinóladh ar an 22ú Bealtaine 2015.

Is féidir leis an bpobal a sheiceáil an bhfuil siad cláraithe i gceart ar Chlár na dToghthóirí le fiosrú ar líne ar www.limerick.ie. Má bhíonn do shonraí neamhcheart nó mura mbíonn tú cláraithe, cuir isteach ar fhoirm Iarratais le do thoil chuig corporate@limerick.ie

Glacadh le Dréachtscéim Vótaíochta 2015 ag Cruinniú na Comhairle i Meán Fómhair 2015. Ullmhaíodh é de réir na moltaí atá i dTuarascáil Choimisiún na nDáilcheantar 2012 agus thug Acht na dToghchán (Leasú) (Dáilcheantair), 2013 feidhm dlíthiúil do na moltaí sin.

SAORÁIL FAISNÉISE

I 2015 déanadh 136 iarratas faoi Acht um Shaoráil Fiasnéise 2014 chuig Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.

Torthaí na nlarratas:

Arna dheonú	41
Arna Dheonú i bpáirt	56
Diúltaithe	28
Aistarraingthe	1
Cásanna beo ar an 31ú Nollaig 2015	10

An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014

Déanadh an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 a shíniú sa dlí ar an 14ú Deireadh Fómhair 2014. Ba í aidhm na reachtaíochta nua comhdhlúthú agus nuashonrú a dhéanamh ar an reachtaíocht FOI le teacht in ionad na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997-2003.

Is é polasaí Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh rochtain a thabhairt don phobal ar fhaisnéis atá ag an Údarás de réir fhorálacha an Achta. Tá tuilleadh eolais agus foirmeacha iarratais ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle www.limerick.ie

Oifig an Ombudsman

Bunaíodh an oifig seo faoi Acht an Ombudsman 1980. Is é an ról atá aici iniúchadh a dhéanamh ar ghearáin faoi ghníomhaíochtaí riarachaín, moill nó easpa gníomhaíochta le drochthionchar ar dhuine nó ar chomhlacht ina ndéileáil le comhlachtaí staít ar a n-áirítear Údaráis Áitiúla.

I 2015, rinne Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh déileáil le 27 gearán ar fad a déanadh leis an Ombudsman maidir le cinntí/gníomhaíochtí a rinne an Chomhairle.

SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACH

Ar na príomhghníomhaíochtaí do 2015 áirítear:

- Forfheidhmiú an chláir oibre bliantúil.
- Athbhreithniú bliantúil ar mheasúnú riosca, treoir maidir le hoibriúchán caighdeánach agus ráitis bhreise sábháilteachta.
- Forfheidhmiú agus feabhsú leanúnach ar an gcóras bainistíochta sábháilteachta.
- Bainistiú teagmhas agus iniúchadh teagmhais.
- Rannpháirtíocht ag fóraim réigiúnacha agus náisiúnta lena chinntiú go ndéantar freastal ar leasa Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.
- Athbhreithniú agus tabhairt isteach Pholasaithe agus Gnásanna Sláinte agus Sábháilteachta.

NASCADH

Tugadh cuireadh do thoscaireacht ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh cuairt a thabhairt ar Hohenlohe do Chomhóradh 25 bliain ar chaidreamh leanúnach idir Hohenlohe agus Luimneach. Ba é an Comhairleoir Kevin Sheahan, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh a bhí mar cheann ar an toscaireacht a thug cuairt ar Hohenlohe County ón 7ú go dtí 11ú Aibreán 2015.

Ba í an aidhm a bhí leis an gcuairt neartú a dhéanamh ar mhalartú cultúrtha agus pobail idir Luimneach agus Hohenlohe leis an dá réigiún ag iarraidh tógáil ar an nasc atá bunaithe cheana féin.

Ar bhuaicphointí na cuairte áirítear lá a caitheadh i Künzelsau, ar é an dara baile is mó i Hohenlohe County é, le daonra os coinn 14,700. Tá Riarachán an Chontae bunaithe i Künzelsau. Le linn na cuairte thug an toscaireacht turas ar an gCeanncheathrú Riaracháin leis an Würth Group a fhostaíonn os coinn 70,000 duine ar fud an domhain. Is cuideachta an-rathúil atá i Würth Ireland Limited, a bunaíodh i 1982 agus atá bunaithe i Luimneach, le breis agus 80 ionadaí díolachán lánaimseartha ag clúcach na hÉireann uile agus 50 ar an bhfoireann tacaíochta inmheánach.

Thug an toscaireacht turas freisin ar Ollscoil Reinhold Wuerth i Künzelsau mar ar bhuail siad leis an Stiúrthóir Caidrimh Idirnáisiúnta maidir le

breis comhchaidrimh a fhorbairt leis an earnáil tríú leibhéal i Luimneach.

I ndiaidh dóibh cuairt a thabhairt ar Ollscoil Reinhold Wuerth, thaisteal an toscaireacht chuig Schlossgymnasium, scoil atá nasctha le CBS Fhionntáin, sa Dún.

Thug an toscaireacht turas ar Stuttgart freisin le linn a dturais chomh maith le bailte Öhringen agus Waldenburg.

SOLÁTHAR

Áiríonn ról an Oifigigh Soláthair soláthar a dhéanamh ar fud na Corparáide a dhéanamh, treoir agus tacaíocht a sholáthar maidir le soláthar, cabhrú le hullmhú doiciméad tairisceana agus doiciméadúchán agus teimpléid chaighdeánacha a fhorbairt le húsáid sa phróiseas soláthair.

Baineadh na nithe seo a leanas amach i rith 2015:

- Déanadh nuashonrú agus scaipeadh ar na Gnáthaimh agus Tairseacha Soláthair agus tacaíocht acu ó réimse leathan teimpléad agus faisnéise.
- Scaipeadh eolas agus tugadh oiliúint do 40 ball foirne ar na hathruithe a thiocfaidh ar sholáthar:
- Treoir 2014/23 maidir le Bronnadh Chonarthaí Lamháltais
- Treoir 2014/24 maidir le Soláthar Poiblí
- Treoir 2014/25 maidir le Soláthar ag aonáin ag oibriú i seirbhísí uisce, iompair agus poist.
- Lean an Chomhairle le húsáid a bhaint as creataí náisiúnta mar Bhulc-Bhreosla, Gás/Leictreachas agus PPE.
- Críochnaíodh an tairiscint ar Sheirbhísí Dlí le cuibhreannas dlí á cheapadh don Chomhairle do thréimhse cúig bliana.

FOIREANN CHUMARSÁIDE CORPARÁIDE

- Is roinn atá ag fás atá sa bhFoireann Chumarsáide Corparáide atá bunaithe i gCé na gCeannaithe.
- Ar na freagrachtaí atá uirthi áirítear déileáil le ceisteanna laethúla ó na meáin áitiúla agus náisiúnta, iris foirne 'Council Connect' a fhoilsiú, maoirseacht a dhéanamh ar Limerick.ie, an treoir oifigiúil do shuíomh greásáin Luimnigh agus na Comhairle, na meáin shóisialta agus gach cumarsáid corparáide thar ceann an údaráis áitiúil.
- I 2015 d'eisigh an Fhoireann Chumarsáide Corparáide preaseisiúintí, foláirimh nuachta, d'fhreagair ceisteanna laethúla ó na meáin áitiúla agus náisiúnta le gach ceist curtha ar chuntas oifigiúil Twitter na Comhairle. Cuireadh trí iris foirne ar fáil agus a scaipeadh ar fhoireann na Comhairle le r-nuachtlitreacha míosúla á scaipeadh d'fhonn an fhoireann a choimeád ar an eolas maidir le hathruithe agus gníomhaíochtaí na Comhairle.
- Déanadh treoirlínte maidir le branda a fhorbairt le treoir ar úsáid lógó na Comhairle agus treoir ar bhranda na Comhairle agus a stíl tí a úsáid.
- Déanadh polasaí idirlín a fhorbairt freisin le creat rialachais agus bainistíochta éifeachtach a sholáthar ar fud na heagraíochta maidir le nithe a bhaineann le faisnéis agus seirbhísí a sholáthar ar líne do Chomhairle Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.

Limerick.ie

Tá freagracht ar an bhFoireann Chumarsáide Corparáide as maoirseacht a dhéanamh ar Limerick.ie - guth cuimsitheach ar líne do Luimneach le heolas cuimsitheach ar chónaí, ar chuairt a thabhairt agus ar ghnó a dhéanamh i Luimneach chomh maith le bheith mar shuíomh gréasáin oifigiúil ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.

Thug 608,558 úsáideoir cuairt ar Limerick.ie i 2015, méadú 34% ar an mbliain roimhe sin. Féachadh ar 2,872,079 leathanach. Tháinig buaic ar líon na gcuairteoirí d'Fhéile Pádraig, Riverfest agus don Nollaig. Tosaíodh ar athfhorbairt fhairsing a dhéanamh ar Limerick.ie i 2015 agus tá athsheoladh le déanamh air i 2016.

Na Meáin Shóisialta

Déanadh forbairt ar chuntais chorparáide meán sóisialta le feabhas a chur ar chumarsáid na Comhairle, go háirithe ag uaireanta a mbíonn cur isteach ar sheirbhís nó an-drochaimsir .i. cur isteach ar an soláthar uisce nó tuilte.

- D'eisigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh 739 tweet i 2015 agus mhéadaigh a lucht leanúna Twitter 44% ar a cuntas @ LimerickCouncil
- Ba iad taispeáintí Twitter Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh do 2015 ná 963,190 agus bhí 26,853 rannpháirteach.
- D'eisigh Limerick.ie 647 Tweet i 2015 agus mhéadaigh a lucht leanúna ar Twitter 36% i 2015
- Ba iad taispeáintí Twitter Limerick.ie do 2015 ná 944,903 agus a rannpháirtíocht do 2015 ná 22,542.
- Mhéadaigh luch leanúna Facebook Limerick.ie 56% i 2015 le 767 postáil nua. Ba iad taispeáintí Facebook Limerick.ie do 2015 ná 3,806,929, bhain sé amach 2,062,631 do 2015 le 147,311 úsáideoir rannpháirteach.
- Thosaigh Limerick.ie ar chuntas Instagram ar an 1ú Iúil 2015.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Suíomh gréasáin Údaráis Áitiúil agus úsáid na meán sóisialta

A. Líon iomlán na n-amharc ar leathnach ar shuíomh gréasáin an údaráis áitiúil i 2015 = 958,558
B. Líon iomlán an lucht leanúna ag deireadh 2015 le cuntas meán sóisialta LA = 25,697
C. Líon iomlán na n-amharc ar leathanach suímh gréasáin á fheidhmiú ag an údarás áitiúil ar a n-áirítear Limerick.ie, Christmas.limerick.ie, From Limerick With Love, Limerickcity.ie/library, Geailearaí Ealaíne Chathair Luimnigh:, Cnocán San Labhrás:, Taisteal Níos Cliste Luimnigh:, Luimneach = 3,425,212

LÁ NÁISIÚNTA COMÓRTHA

Rinne an Chomhairle óstáil ar Lá Searmanais Chomórtha ar an Satharn 12ú Iúil, 2015 in onóir na nÉireannach sin, idir fhir agus mhná, a fuair bás i gcogaí nó ar seirbhís leis na Náisiúin Aontaithe. Ba í seo a cúigiú bliain a tionóladh an sermanas ag Cé na gCeannaithe le breis agus 300 ag freastal air.

Chuir ionadaithe ón Eaglais Chaitliceach Rómhánach, Eaglais na hÉireann, an Eaglais Aontaithe Phreispitéireach/Mheitidisteach, an Pobal Giúdach agus na Pobal Ioslamach comóradh ilchreidimh ar siúl a raibh an Comhairleoir Liam Galvin, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh i gceannas air.

Bhí an ceol ag an imeacht an-chorraitheach a bhí á sholáthar ag Cór atá bunaithe i Luimneach "The Curraghgower Singers" faoi threoir an Stiúrthóra Cóir Timothy Schinnick. Rinne os coinn 80 Ball den Chór freastal ar an searmanas. Ar na hamhráin a bhí acu áirítear "You'll never walk alone" agus "Calling my Children Home" a bhí an-oiriúnach don ócáid. Bhí Píobaire Uillinn, Buabhallaí agus Drumadóir ag an gComhairle freisin agus chuid siad leis an imeacht a dhéanamh níos speisialta.

Bhí taispeántas ag an gComhairle ag an am sin freisin "Stand Up and Fight, Limerick's Military History from the Wild Geese to Gallipoli" agus d'oscail an Músaem atá suite ag Cé na gCeannaithe do mhaidin an tsearmanais agus thapaidh a lán daoine a d'fhreastal ar an searmanas an deis le féachaint ar an taispeántas.

An Clr. Galvin, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh a leag fleasc in ónóir na nÉireannach sin, idir fhir agus mhná, a fuair bás i gcogaí nó ar seirbhís leis na Náisiúin Aontaithe.

Lá Náisiúnta Comórtha

Christy O'Connor, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh leis na hionadaithe feidhmithe de na Traidisiúin Chreidimh ag an searmanas.

PLEAN CORPARÁIDEACH

Glacadh le Plean Corparáideach 2015-2019 ar an 23ú Márta, 2015.

Straitéis

- Muintir Luimnigh a chumasú le bheith rannpháirteach i bhforbairt a bpobal, idir uirbeach agus tuaithe;
- Timpeallacht ar son gnó a chruthú d'fhorbairt gheilleagrach inbhuanaithe agus do chruthú jabanna;
- Múnla nua a chruthú do rialachas áitiúil agus soláthar seirbhíse bunaithe ar bharr feabhais i gceannasaíocht na Comhairle;

Aidhmeanna

- Comhairle Cathrach agus Contae a thógáil a aithnítear a bheith uaillmhianach do mhuintir Luimnigh;
- Ár ngeilleagar a fhás agus deiseanna a sholáthar i Luimneach;
- Infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar Luimnigh, a timpeallacht nádúrtha agus tógtha agus a meascán uathúil oidhreachta a chosaint;
- Cur chun cinn a dhéanamh ar Luimneach atá comhtháite go sóisialta, atá sláintiúil agus sábháilte;
- A bheith rannpháirteach go gníomhach lenár bpobail;
- Oibriú lenár gcomhleacaithe ar fud na hearnála poiblí agus lenár gcomhpháirtithe san earnáil phríobháideach le comh-thiomantas a sholáthar do Luimneach faoi mar atá leagtha síos i gCairt Luimnigh;
- A bheith éifeachtach agus tiomanta seirbhísí a sholáthar a thacóidh le Luimneach nuálach.

Déanann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh iarracht ar shainmhíniú a thabhairt ar an Luimneach sin ar mhian linn go léir cónaí, oibriú agus infheistíocht a dhéanamh ann chomh maith le taitneamh a bhaint as sna cúig bliana atá romhainn.

Ár bhFís

- Go dtugann struchtúr gairmiúil, réamhghníomhach agus inrochtana rialtais áitiúil, atá ag croílár seirbhíse poiblí níos leithne, tacaíocht do mhuintir Luimnigh.
- Go mbeadh Luimneach aitheanta as ucht rannpháirtíocht chuimsitheach a shaoránaigh uile i bhforbairt a bpobal.
- Go mbeadh Luimneach ina láthair inmhianaithe d'fhorbairt gnóithe, do shaibhriú cultúrtha agus do dheiseanna oideachais.
- Go mbeadh Luimneach agus an tIarthar Láir san iomaíocht le láithreacha eile Eorpacha maidir le gnó, turasóireacht, cáilíocht na beatha agus infheistíocht.

ÁR LUACHANNA

Ár Luachanna
Daonlathach
Eiticiúil
Measúil
Neamhchlaonta
Freagrach
Trédhearcach
Rannpháirtíoch
Oscailte
Nuálach
Éifeachtach
Muinín
Solúbtha
Uaillmhianach
Comhionannas
Cothrom
Inrochtana

STRUCHTÚR AN PHLEAN CORPARÁIDEACH

Táimid chun an rud ceart a dhéanamh trí na rudaí cearta a dhéanamh!



SCÉIM NA GAEILGE

Chuir an Chomhairle Scéim 3 bliana isteach a ndearna an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta faomhadh uirthi ar an 14ú Bealtaine 2015. Tá roinnt céimeanna sa Scéim atá glactha ag an gComhairle le cur i bhfeidhm thar thréimhse 3 bliana le feabhas a chur ar úsáid na Gaeilge sa láthair oibre.

Ar an 12ú Márta 2015, rinne an Chomhairle óstáil ar oíche cheoil traidisiúnta, comhrá agus sólaistí le Seachtain na Gaeilge a cheiliúradh. Bhain gach duine a bhí i láthair taitneamh as an imeacht.

Tá athbhreithniú á dhéanamh ar Chomharthaíocht Dhátheangach / Chorparáideach don eagraíocht agus cuirfear sin i ngach phríomhfhoirgneamh Corparáideach, le comharthaíocht dhátheangach uasghrádaithe á soláthar freisin d'oifigí ceantair.

Tá athbhreithniú á dhéanamh freisin ar chomharthaíocht bhóthair agus tá comharthaí nua dátheangacha ordaithe. Is clár leanúnach athsholáthair ar chomharthaí atá anseo.

Tá na príomhlínte teileafóin chuig gach lasc-chlár de chuid na Comhairle á bhfreagairt i nGaeilge anois.

Ag freastal ar an imeacht bhí Paul Crowe, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, An Clr. Séighin Ó Ceallaigh, Léas-Mhéara agsu Josephine Cotter Coughlan, Stiúrthóir Seirbhsíe, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Photograph Liam Burke/Press 22

Le ceiliúradh a dhéanamh ar Sheachtain na Gaeilge, rinne Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh óstaíl ar Oíche Ghaeilge sa Cheanncheathrú Corparáideach, Cé na gCeannaithe. Ag freastal ar an imeacht bhí seisiún ceoil traidisiúnta le Cathal Clohessy, fidil, Eamon Costello, bosca ceoil agus píb uilleann agus Ger O'Donnell, guitar, sa ghrianghraf thuas leis an gClr. Séighin Ó Ceallaigh, Leas-Mhéara. Photograph Liam Burke/Press 22

COMHAIRLE CATHRACH AGUS CONTAE LUIMNIGH - ANAILÍS AR FHUINNEAMH - 2015

Leagann na táblaí seo a leanas amach costas & úsáid fuinnimh do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i 2015

Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Costas & Úsáid Fuinnimh 2015

	€ Euro
2015 Caiteachas Iomlán ar Fhuinneamh	€4,011,600
2015 Leictreachas - Caiteachas Iomlán Bliantúil	€2,880,704
2015 Leictreachas - Caiteachas Bliantúil ar Sheirbhísí Uisce	€181,985
2015 Leictreachas - Caiteachas Bliantúil ar Shoilsiú Poiblí	€135,193
2015 Leictreachas - Seachas uisce & PL	€2,563,526
2015 Breosla don Bhóthar (díosal / peitreal / bithbhreosla) - Caiteachas Iomlán Bliantúil	€902,563
2015 Breosla do Théamh (gás / ola / bithmhais) - Caiteachas Iomlán Bliantúil	€228,333
2015 Breoslaí iontaise ilghnéitheacha eile (sml lpg etc) - Caiteachas Iomlán Bliantúil	€-

Anailís de réir an Chineáil Fhuinnimh - MWh

2011 Eangach Leictreachais MWh	16,186.6
2011 Breoslaí Iontaise MWh	11,357.5
2011 Fuinneamh In-athnuaite - MWh	29.6
Fuinneamh Iomlán - MWh	**27,573.7**

Gníomhaíochtaí a Déanadh i 2015

I 2015 thug {Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh} faoi réimse tionscnamh le feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh, ar a n-áirítear:

1	Uasghrádú ar Sheirbhísí Uisce	51	Sábháil MWh
2	Uasghrádú ar Chreatlach Fhoirgnimh & Seirbhísí	83	Sábháil MWh
3	Soilsiú Poiblí	133	Sábháil MWh
4	Iompar / Feithiclí	81	Sábháil MWh
	Iomlán 2015	**347**	**Sábháil MWh**

I 2016 tá sé ar intinn ag {Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh} tabhairt faoi réimse tionscnamh le feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh, ar a n-áirítear:

1	Uasghrádú ar Sheirbhísí Uisce	30	Sábháil MWh
2	Uasghrádú ar Chreatlach Fhoirgnimh & Seirbhísí	116	Sábháil MWh
3	Soilsiú Poiblí	166	Sábháil MWh
4	Iompar / Feithiclí	121	Sábháil MWh
	Iomlán 2015	**433**	**Sábháil MWh**

AIRGEADAS

ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS

Ráiteas Bliantúil Airgeadais (AFS) Neamhiniúchta don Bhliain Airgeadais dar críoch 31ú Nollaig 2015.

ATHBHREITHNIÚ AR AN GCLÁR COMHARDAITHE

Léiríonn an Clár Comhordaithe a chuirtear i Láthair go raibh Sócmhainní Seasta de €3,250,517,452 ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus Obair idir Lámha de €34,061,723 ag an 31 Nollaig 2015. Tugtar mionsonraí de na figiúirí seo i Nótaí 1&2 chuig an AFS.

Leagann Aguisín 5 den AFS amach achoimre den Chaiteachas caipitiúil agus den ioncam do 2014/2015. B'ionann ioncam caititiúil agus €69.3m i 2015, méadú €8.1m ar fhigiúr 2014 de €61.2m. B'ionann deontais agus 75% den ioncam iomlán caipitiúil i 2015.

Bhí na céatadáin bhailithe i ngach réimse fiachais ar a n-áirítear Rátaí Tráchtála faoi bhrú go leanúnach i rith 2014 go háirithe de bharr an lagtrá eacnamaíochta agus leibhéal na bhfolúntas i gceantar Luimnigh (féach Aguisín 7 den AFS do na figiúirí).

ATHBHREITHNIÚ AR CHAITEACHAS IONCAIM

Ba é an caiteachas ioncaim don bhliain ná €152,774,551 roimh aistriú. B'ionann aistriú chuig cúlchistí agus €13,631,587 ag tabhairt figiúr don chaiteachas iomlán do 2015 de €166,406,138. Tá sonraí den chaiteachas breise thar an mbuiséad ar glacadh leis ag leibhéal Seirbhíse leagtha amach sa tuarascáil chuig an gComhairle faoi Alt 104 d'Acht Rialtais Áitiúil 2001 (mar a leasaíodh le hAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014), a dháilfear ar an gComhairle. Ba é ioncam na bliana ná €166,566,469 ar ar tháinig barrachas ioncaim do 2015 de €160,330. Nuair a chuirtear sin leis an mbarrachas oscailte de €599,561 tugtar barrachas carnach ag 31 Nollaig 2015 de €759,891.

Tá párolla i gcónaí ar an gcostas is suntasaí le costas iomlán an phárolla i 2015 de €65,749,288. I 2015 b'ionann costas párolla agus 39.5% den chaiteachas iomlán. Léiríonn seo an gá atá le tiomantas leanúnach caiteachas pá agus neamhphá a athailíniú laistigh den Chomhairle. Bhí Pinsin & Aiscí níos ísle i 2015 i gcomparáid le 2014 de bharr leibhéal níos airde den líon foirne ag dul ar scor/ag éirí as i 2014. Leanfar le costas pá na foirne a scrúdú i rith 2016 d'fhonn tuilleadh sábháil aithint nuair is féidir é.

Tugtar achoimre ar chaiteachas de réir phríomhréimse caiteachais mar seo a leanas:

	2015	% de Caiteachas	2014	% de Caiteachas
	€	%	€	%
Párolla	65,749,288	39.5%	67,122,908	39.2%
Costais oibriúcháin	64,565,994	38.8%	65,382,318	38.2%
Costais riaracháin	8,660,352	5.2%	9,733,815	5.7%
Costais bhunaithe	2,457,532	1.5%	2,530,413	1.5%
Costais airgeadais	5,692,960	3.4%	12,925,105	7.5%
Ilghnéitheach	5,648,426	3.4%	5,310,958	3.1%
Aistriú chuig cúlchistí	13,631,587	8.2%	8,374,303	4.9%
Caiteachas Iomlán	**166,406,138**	**100%**	**171,379,819**	**100%**

ATHBHREITHNIÚ IONCAIM

Ba é ioncam na bliana ná €166,566,469. B'ionann seo agus laghdú €4,839,097 ar an ioncam iomlán i 2014 (€171,405,565). Tugann an tábla seo a leanas achoimre ar na príomhfhoinsí ioncaim.

	2015		2014	
	€	%	€	%
Deontais & Fóirdheontais	45,651,496	27%	45,771,841	27%
Ranníocaíochtaí ó údaráis áitiúla eile	2,509,433	2%	4,647,370	3%
Earraí & Seirbhísí	48,165,487	29%	49,023,242	29%
	96,326,416	58%	99,442,453	58%
Cáin Mhaoine Áitiúil	14,139,276	8%	14,625,159	9%
Rátaí	52,012,763	31%	53,649,542	31%
Asbhaint a Bhaineann le Pinsean	2,760,686	2%	2,929,305	2%
Aistriú ó Chúlchistí	1,327,328	1%	759,106	0%
Ioncam Iomlán	**166,566,469**	**100%**	**171,405,565**	**100%**

ACHOIMRE

Is é an barrachas ioncaim do 2015 ná €160,330. Mar thoradh ar sin tá an barrachas ioncaim charntha ag deireadh 2015 tar éis méadú go dtí €759,891 i gcomparáid le €599,561 ag deireadh 2014.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Airgeadas: M1 & M2

Iarmhéid charnach ag 31/12/2011 sa Chuntas Ioncaim ó Ioncam & Caiteachas an AFS	€112544
Iarmhéid charnach ag 31/12/2012 sa Chuntas Ioncaim ó Ioncam & Caiteachas an AFS	€-22982
Iarmhéid charnach ag 31/12/2013 sa Chuntas Ioncaim ó Ioncam & Caiteachas an AFS	€573822
Iarmhéid charnach ag 31/12/2014 sa Chuntas Ioncaim ó Ioncam & Caiteachas an AFS	€597517
Iarmhéid charnach ag 31/12/2015 sa Chuntas Ioncaim ó Ioncam & Caiteachas an AFS	€759891
Barrachas nó easnamh carnach ag 31/12/2015 mar chéatadán den Ioncam Iomlán ó ráiteas an AFS	0.46 %
Figiúr Ioncaim Iomlán 2015 ó Ráiteas Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an AFS	€166566469
Ioncaim ar a n-áirítear aistriú	€1,327,328
Leibhéal bailithe Rátaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2011	70.0 %
Leibhéal bailithe Cíosa & Blianachta ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2011	91.0 %
Leibhéal bailithe Iasachtaí Tithíochta ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2011	78.0 %
Leibhéal bailithe Rátaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2012	66.0 %
Leibhéal bailithe Cíosa & Blianachta ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2012	90.0 %
Leibhéal bailithe Iasachtaí Tithíochta ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2012	77.0 %
Leibhéal bailithe Rátaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2013	65.0 %
Leibhéal bailithe Cíosa & Blianachta ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2013	89.0 %
Leibhéal bailithe Iasachtaí Tithíochta ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2011	75.0 %
Leibhéal bailithe Rátaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2014	65.0 %
Leibhéal bailithe Cíosa & Blianachta ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2014	87.0 %
Leibhéal bailithe Iasachtaí Tithíochta ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2014	77.0 %
Leibhéal bailithe Rátaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2015	75 %
Leibhéal bailithe Cíosa & Blianachta ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2015	89 %
Leibhéal bailithe Iasachtaí Tithíochta ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2015	78 %

DRÉACHTRÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH
(RÁITEAS AR AN GCUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS) DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2015

Tugann Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais le chéile an ioncam agus an caiteachas go léir a bhaineann le hioncam.

Léiríonn sé barrachas/(easnamh) don bhliain. Léirítear aistriú chuig/ó chúlchistí go scartha seachas de réir rannáin seribhíse.

CAITEACHAS DE RÉIR RANNÁIN

	Ollchaiteachas 2015 €	Ioncam 2015 €	Glan Caiteachas 2015 €	Glan Caiteachas 2014 €
Tithíocht & Tógáil	41,259,361	42,452,552	(1,193,192)	(2,065,621)
Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre	31,122,794	18,540,294	12,582,499	13,137,313
Seirbhísí Uisce	13,315,144	13,447,345	(132,201)	(1,797,512)
Bainistíocht Forbartha	13,143,835	5,213,359	7,930,476	9,270,428
Seirbhísí Comhshaoil	29,921,392	9,153,225	20,768,167	22,531,588
Áineas & Áiseanna	11,309,584	631,331	10,678,253	9,270,784
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	2,147,968	1,197,487	950,480	1,149,511
Seirbhísí Ilghnéitheacha	10,554,474	5,690,823	4,863,652	12,066,572
Caiteachas/Ioncam Iomlán	**152,774,551**	**96,326,416**		
Glanchostas na Rannóg le maoiniú as Rátaí & cáin mhaoine áitiúil			**56,448,135**	63,563,063
Rátaí			52,012,763	53,649,542
Cáin mhaoine áitiúil			14,139,276	14,625,159
Asbhaint a Bhaineann le Pinsean			2,760,686	2,929,305
Barrachas / (Easnamh) don Bhliain roimh Aistriú			**12,464,590**	7,640,943
Aistriú ó /(chuig) Cúlchistí			**(12,304,259)**	(7,615,197)
Barrachas /(Easnamh) Foriomlán don Bhliain			**160,330**	25,746
Cúlchiste ginearálta @ 1 Eanáir 2015			**599,561**	573,815
Cúlchiste ginearálta @ 31 Nollaig 2015			**759,891**	599,561

DRÉACHTRÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS
(CLÁR COMHARDAITHE) AR AN 31 NOLLAIG 2015

	2015 €	2014 €
Sócmhainní Seasta		
Oibríochtúil	688,191,172	692,471,509
Infreastruchtúir	2,513,325,452	2,512,179,520
Pobal	11,955,768	7,329,489
Neamh-Oibríochtúil	37,045,061	33,154,069
	3,250,517,452	3,245,134,587
Obair idir Lámha agus Reámhchostais	34,061,723	28,607,979
Long Term Debtors	55,139,551	50,717,774
Current Assets		
Stoc	291,827	309,162
Féichiúnaithe & Réamhíocaíochtaí Trádála	20,960,362	32,469,135
Infheistíochtaí Bainc	62,233,193	65,885,083
Airgead sa Bhanc	4,136,517	1,871,382
Airgead faoi Bhealach	4,827	4,827
	87,626,727	100,539,590
Dliteanais Reatha (Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)		
Rótharraingt Bhainc	-	-
Creidiúnaithe & Fabhruithe	34,424,182	43,382,351
Léasanna Airgeadais	-	-
	34,424,182	43,382,351
Glansócmhainní Reatha / (Dliteanais)	**53,202,545**	57,157,238
Creidiúnaithe (Suimeanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin		
Iasachtaí Iníoctha	66,373,599	79,148,544
Léasanna Airgeadais	0	0
Éarlaisí In-aisíoctha	1,912,513	1,902,753
Eile	1,882,353	881,960
	70,168,465	81,933,256
Glansócmhainní	**3,322,752,806**	3,299,684,321
Curth i láthair ag		
Cuntas Caipitlithe	3,250,517,453	3,245,134,587
Ioncam WIP	33,333,204	27,915,075
Cúlchiste Ioncaim Sonraithe	384,904	384,904
Cúlchiste Ginearálta Ioncaim	759,891	599,561
Iarmhéideanna Eile	37,757,354	25,650,193
Cúlchistí Iomlána	**3,322,752,806**	3,299,684,321

TEICNEOLAÍOCHTAÍ FAISNÉISE & CUMARSÁIDE (ICT)

Lean Rannóg ICT Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le tacaíocht a thabhairt do rannóga a gcuspóirí a bhaint amach i gcaitheamh 2015. In éineacht le gníomhaíochtaí oibríochtúla mar mhonatóireacht ar shlándáil, bonneagar agus córais a chothabháil, agus tacaíocht úsáideora & deisce a sholáthar i gcaitheamh 2015, tugadh faoi roinnt mórthionscadal.

Ba iad seo cuid de na tionscadail ar tugadh futhu i rith 2015:-

Tionscadal Fhearainn Luimnigh

Bhí Eolaire Gníomhach (AD) ag Comhairle Cathrach Luimnigh & Comhairle Contae Luimnigh roimh an gcumasc. Le linn an phróisis chumaisc

Tosaíodh ar an aistriú chuig fearainn nua nasctha sa tríú ráithe mar ar aistríodh gach úsáideoir ó fhearainn leagáide, cuntais ríomhaireachta, agus fíordheimhniú an gcóras leagáide maidir leis an bhfearann nua. Is é a bhí i gceist sa tionscadal grúpaí nua slándála agus cead maidir le córais, comhroinnt na gcomhad, printéirí agus gléasra eile an líonra. Cuireadh an tionscadal i bhfeidhm leis an gcur isteach ba lú ar an bhfoireann, le simpliú á dhéanamh ar logáil isteach an úsáideora le cuntas aonúsáideora don ghréasán agus r-phost.

Tionscadal Fhreastalaí Windows 2003

Ba chóras oibriúcháin é Microsoft Windows Server 2003 ar fhormhór na bhfreastalaithe i gComhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Tháinig Windows Server 2003 go deireadh saoil (EOL) ar an 14ú Iúil, 2015. Mar thoradh ar sin ní sholáthródh Microsoft réiteach ar fhabhtanna níos mó agus bheadh leochaileacht nua nach dtabharfaí aghaidh orthu, rud a d'fhág go mbeadh riosca ollmhór slándála ag baint lenár gcórais Windows Server 2003.

Bhí os coinn sé fhreastalaí ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag rith ar Windows Server 2003. Bhí obair ollmhór ag baint leis na córais agus na sonraí ó na freastalaithe seo a aistriú chuig Freastalaithe nua Windows 2008, gan cur isteach ar na húsáideoirí. Áiríodh sa tionscadal freastalaithe nua a chruthú, aistriú na gcóras agus na sonraí ó na seanfhreastalaithe, agus uasghrádú i gcásanna áirithe ar chórais de bharr cheisteanna comhoiriúnachta leis an gcóras nua oibriúcháin. Críochnaíodh an tionscadal faoin spriocdháta.

Uasghrádú Wi-Fi

Is é a bhí i gceist sa tionscadal seo athsholáthar a dhéanamh ar na rialaitheoirí Wi-Fi agus ar na pointí rochtana agus éascú a dhéanamh ar Aitheantóir Tacair Phríobháideach agus Aonair Seirbhíse Poiblí (SSID) amháin ar fud an údaráis nua cumaiscthe.

Sholáthair an tionscadal rochtain simplithe ach slán gan sreagn don fhoireann & don phobal ar ghreásán amháin ardfheidhmíochta, ag cur deireadh leis na baill dhubha a bhí roimhe sin ann.

Tionscadal Sheomra ICT an Granary

Is é a bhí i gceist sa tionscadal seo athlonnú agus méadú ar an seomra Cumarsáide ICT sa Granary, agus éascú a dhéanamh ar shuíomh Athshlánaithe ó Thubaiste (DR) do Ché na gCeannaithe sa Granary.

Soláthraíonn an seomra nua ICT acmhainní a cheadaíonn méadú ar an lorg ICT laistigh den Granary, agus bhí deis ann le comhdhlúthú a dhéanamh ar na córais reatha agus aon trealamh nach raibh gá leis a bhaint as.

Athlonnú HAP HUB

Déanadh HAP Hub a athlonnú ó Ché na gCeannaithe chuig an nGráinseachi rith 2015. Is é a bhí i gceist leis seo cáblú a dhéanamh ar na hoifigí nua, suiteáil, cumraíocht, agus tástáil a dhéanamh ar threalamh gníomhach, agus suiteáil ar phointí rochtana Wi-Fi mar ullmhúchán don aistriú. Leanadh ar seo le suiteáil, cumraíocht agus tástáil ar Ríomhairí Deisce, fóin agus printéirí. Aistríodh an fhoireann de 15 duine i HAP Hub chuig an nGráinseachde réir an sceidil a bhí aontaithe.

Grásán 10GB LAN\SAN

Rinne suiteáil ar chábla Snáthoptaice eáscú ar ghrásán 10GB idir Cé na gCeannaithe, an Granary, Tuar an Daill, agus Lissanalta House. Is é a bhí i gceist leis an tionscadal seo ceannach, suiteáil, cumraíocht agus tástáil a dhéanamh ar an trealamh gníomhach d'fhonn acmhainn an 10GB seo a chumasú. Tugann seo feidhmíocht tábhachtach gréasáin, agus éascaíonn sé athsholáthar agus cúltacú sonraí chuig láithreáin DR.

Athdhearadh Limerick.ie

Toisc go bhfuil ár suíomh gréasáin reatha bunaithe ar theicneolaíocht agus dearadh tá as dáta, tá gá le hinfheistícoht a dhéanamh i suíomh gréasáin reatha na Comhairle, Limerick.ie agus i suíomhanna gaolmhara faoi scáth Limerick.ie. Is príomhbhealach cumarsáide atá sa suíomh gréasáin agus é mar chainéal do sheirbhísí ar líne do shaoránaigh Luimnigh.

Tá méadú ag teacht i gcónaí ar chuairteoirí chuig an suíomh gréasáin agus níos mó seirbhísí ar líne á n-éileamh acu. Le forbairt an chainéil féinseirbhíse beidh an fhoireann níos éifeachtaí agus beidh méadú ar shástacht an úsáideora. Soláthróidh suíomh gréasáin nuashonraithe tairseach fheabhsaithe gairmiúil agus soláimhsithe do ghnó agus do thurasóireacht.

Úsáideadh an nós imeachta soláthair "Idirphlé Iomaíoch" le soláthróí ra roghnú do dhearadh agus ailtireacht Limerick.ie, agus bronnadh an conradh ar Dara Design & Print Limited i Meán Fómhair, 2015. Tosaíodh ar an bpróiseas deartha i Q4 - 2015.

Deasc Chabhrach ICT

Rinne an Deasc Chabhrach ICT déileáil le os cionn 9,400 Ticeád ar déanadh logáil orthu i rith 2015. Déanann an Deasc Chabhrach iarracht ar iarratais a réiteach ar bhealach tráthúil agus cúirtéiseach. In éineacht le tacú le húsáideoirí déanann foireann na Deasc Chabhrach ICT cúramaí eile freisin:-

- Airteagail bhunachair eolais a chruthú do chumasú an úsáideora.
- Caidreamh le foirne eile ICT le hathruithe a mholadh agus a thionscnamh agus cabhrú le ceisteanna a réiteach nó a chosc sa todhchaí.
- Úsáideoirí a choimeád ar an eolas go hiomlán maidir le hathruithe/ceisteanna.
- Polasaithe agus nósanna imeachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir le seirbhísí agus crua-earraí a sholáthar.
- Eagrú agus cothabháil oifige agus trealaimh.
- Tacaíocht Tionscadail ICT.

Staitisticí Ticéid 2015







Táscairí Feidhmíochta
C4: Costas foriomlán soláthair ICT in aghaidh WTE

Is é an Figiúr iomlán ná €3,165,186, nuair a roinntear sin ar líon WTE de 1,034.05, is é an figiúr deirneach ná €3,060.96

Baile & Pobal, Cultúr agus Spórt

PAT DOWLING
LEAS-PHRÍOMHFHEIDHMEANNACH, STIÚRTHÓIR AR BHAILE & POBAL / CULTÚR / SPÓRT

POBAL
- An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil
- Mórtas Áite
- PPN Líonra Rannpháirtíochta Pobail
- Deontais Diaspóra
- Féile Foghlama ar Feadh an tSaoil
- Mórghníomh Sóisearach
- Comhairle na nÓg Luimneach
- Seachtain na hAfraice/Luimneach Cathair Idirchultúrtha
- Coiste Comhairleach maidir le Cóiríocht Áitiúil do Thaistealaithe (LTACC)
- Scéim Ranníocaíochta 2015
- Pool and Leisure Ltd Eas Géitine
- Ionad Fóillíochta Oileán an Gharráin
- Aonad Bainistíochta Eastáit
- Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Chathair Luimnigh
- Ag obair le Daoine Aosta
- Spiorad Pobail a Spreagadh
- Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh

BAILE
- Forbairt Baile agus Sóisialta
- Clár Athghiniúna
- Áiseanna Pobail
- Feabhsúcháin Chomhshaoil
- Athchóiriú ar Shráid San Nioclás
- Athfhorbairt an Ionaid Ceoldrámaíochta
- Oíche Chultúir
- Duaiseanna Pleanála Náisiúnta Institiúid Pleanála na hÉireann
- Imeachtaí
- Cláir Fheabhsúcháin Tí
- Cothabháil Tithíochta
- Cláir Éifeachtúlachta Fuinnimh
- Leithdháiltí
- Scéim Chóiríochta ar Cíos
- Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean
- Táscairí Feidhmíochta

CULTÚR
- Buaicphointí na Seirbhíse Leabharlainne 2015 Táscairí Seirbhíse
- Clár Comórtha 2016
- Imeachtaí Cultúrtha agus Cathrach 2015
- Imeachtaí do Leanaí 2015
- Imeachtaí Leabharlainne Ceoil ag Leabharlann an Granary
- Taispeántais 2015
- Oifig Ealaíon Luimnigh
- Creat Straitéise Cultúrtha do Luimneach
- Tairiscint Luimnigh do Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020
- Oíche Chultúir
- Clár Ealaíona
- Forbairt Foirme Ealaíne
- Clár Oiliúna
- Oibrithe Deonacha
- Ionad Ealaíon an Belltable
- Forbairt, Cur chun Cinn Lucht Féachana agus na Meáin Shóisialta
- Punann na bhFoirgneamh Ealaíon
- Músaem agus Cartlann Luimnigh
- Gailearaí Ealaíne Chathair Luimnigh (LCGA)

FORBAIRT BAILE AGUS SÓISIALTA

Príomhchuspóir ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, de réir na Straitéise Tithíochta Sóisialta 2020, a chinntiú "chomh fada agus is féidir é, go mbíonn rochtain ag gach teaghlach ar thithíocht slán, ar chaighdeán maith a oireann dá riachtanais ar chostas inacmhainne i bpobal inbhuanaithe".

Soláthraíonn Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh tithíocht do thionóntaí trí mheascán de thithíocht chaighdeánach údaráis áitiúil, Cóiríocht do Thaistealaithe, Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS), Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP), Ceannach agus Cláir éagsúla Léasachta. Oibrímid go dlúth freisin le roinnt Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta le réimse leathan réiteach tithíochta a sholáthar.

Thug Straitéis Tithíochta Sóisialta 2020, a d'fhoilsigh an DoECLG i Samhain 2014, imlíne ar na cuspóirí straitéiseacha náisiúnta seo a leanas:

- €1.5 billiun d'infheistíocht ón Státchiste ó 2015-2017;
- 35,000 teach nua faoi 2020; agus
- 75,000 aonad á soláthar trí scéimeanna tacaíochta tithíochta údaráis áitiúil.

Sheol na hAirí Alan Kelly agus Padraig Coffey na spriocanna Tithíochta Sóisialta 2015-2017 ag láthair Shráid an Tiarna Éadbhard ar an 1ú Aibreán 2015.

Is í an sprioc fhoriomlán do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh suas go dtí 2017 ná 753 aonad ar aonaid a bhfuil cistiú caipitil acu iad 293 acu. Cuirfear an sprioc fhoriomlán chun cinn trí mheascán de cheannach, tógáil agus léasú.

Ar na príomhthéamaí a gcuirtear béim orthu sa tuarascáil seo áirítear:

1.0 Infheistíocht Chaipitiúil
2.0 Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta;
3.0 Scéim Cúnaimh CAS (CAS) 2015;
4.0 Clár Ceannaithe Tí;
5.0 Clár Léasa Fadtéarma;
6.0 Cóiríocht do Thaistealaithe;
7.0 Clár Athghiniúna Fisiciúil.

1.0 Infheistíocht Chaipitiúil

Is é atá sa chlár tógála tithíochta ag Nollaig 2015 ná na scéimeanna seo a leanas:

Ainm na Scéime	Líon na nAonad
Sráid an Chláir	6
Cúirt Chill Mhuire, Garraí Eoin	7
Bailtíní Uí Aisí, Sparr Thuamhan	3
Páirc na Lisíní, Tobar Phádraig	20
Radharc an Ghleana, An tOspidéal	20
An Chluain Mhór, Áth Dara	30
Cluain Maicín	40
Láithreáin Éagsúla	10
An Ráth Bhán (SHIP - Clár Infheistíochta Tithíochta Sóisialta)	8
Sráid Iósaif	3
Waller's Well Céim 2	18
IOMLÁN (ag Nollaig 2015)	165

Seoladh Spriocanna Tithíochta Sóisialta 2015-2017 in Aibreán, 2015 ag láthair tithíochta Shráid an Tiarna Éadbhard, Luimneach.

Seoladh Spriocanna Tithíochta Sóisialta 2015-2017 in Aibreán, 2015 ag láthair tithíochta Shráid an Tiarna Éadbhard, Luimneach.

2.0 Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta

Lean an Fhoireann Caipitil ag obair go dlúth leis na Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta d'fhonn na spriocanna uaillmhianacha a leagadh síos sa Straitéis Tithíochta Sóisialta 2020 a bhaint amach. Leanann an earnáil le tionscadail a faomhadh faoin Scéim Cúnaimh Caipitil (CAS) 2015 a chur chun cinn. Tá aonaid bhreisie á gcur chun cinn faoin Ardsaoráid Léasaithe Caipitil (CALF) le líon suntasach aonad le soláthar i gcaitheamh 2016.

Tá na tionscadail nua tógála agus athchóirithe seo a leanas á gcur chun cinn i gcomhar leis na AHBanna:

Fóram Comhlachta Ceadaithe Tithíochta

Tionóladh fóram do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHBs), i gcomhar leis an gComhairle um Tithíocht Shóisialta in Éirinn (ICSH), agus é óstaithe ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, ar an 20 Iúil 2015 ag Cé na gCeannaithe, Luimneach. D'fhreastal ionadaithe ó Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta bunaithe ar fud Luimnigh ar an bhfórm chomh maith leo siúd ar mhian leo athlonnú i Luimneach. Ba é príomhthéama an fhóraim, a raibh Kathleen McKillion ón ICSH mar chathaoirleach air, comhoibriú a spreagadh idir na AHBanna maidir leis na spriocanna uaillmhianacha a leagadh síos sa Straitéis Tithíochta Sóisialta 2020 a bhaint amach.

Comhlacht Ceadaithe Tithíochta	Ainm na Scéime	Líon na nAonad
Cumann Tithíochta Clúid	Athchóiriú Bhóthar de hÍde	20
Fócas Éireann	Ilchineálach	4
Fócas Éireann	Ardán Bengal	4
Seirbhísí Tacaíochta do Dhaoine ar Mhíchumas Iníonacha na Carthanachta	Lios na Graí	1
Cíos in Ionad Morgáiste	Ilchineálach	4
Novas	Ilchineálach	8
Fondúireacht Iósaif	Lios Coinéad, Cill Mocheallóg	9
IOMLÁN (ag Nollaig 2015)		50

3.0 Scéim Cúnaimh CAS (CAS) 2015

D'fhógair an tAire Alan Kelly faomhadh ar chistiú CAS do thionscadail Tógála agus Ceannaithe le bheith críochnaithe ag Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta ar fud Chathair agus Chontae Luimnigh i mí Iúil 2015. Faomhadh na scéimeanna seo a leanas ag mí na Nollag 2015 agus táthar ag dul ar aghaidh leo.

Comhlacht Ceadaithe Tithíochta	Ainm na Scéime	Líon na nAonad
Clann Shíomóin an Iarthair Láir	Speaker's Corner	4
Clann Shíomóin an Iarthair Láir	Láithreacha éagsúla	2
Respond!	An Cuarbhóthar Thuaidh	11
Cumann Tithíochta Clúid	Caladh an Treoigh	21
Comharthithíocht Éireann	An Réabóg	21
Iontaobhas Peter McVerry	Láithreacha éagsúla	4
Fócas Éireann	Láithreacha éagsúla	15
IOMLÁN (ag Nollaig 2015)		

4.0 Clár Ceannaithe Tí

I rith 2015 faomhadh Stiúrthóireacht Forbartha Baile agus Sóisialta le 22 aonad a cheannach ar chostas €3.9 milliún. Le dea-choinníollacha an mhargaidh ag an am, d'éirigh leis an bhfoireann 36 aonad a cheannach laistigh den bhuiséad a tugadh.

5.0 Clár Léasa Fadtéarma

Lean an Fhoireann Caipitil le saoráid léasaithe fadtéarma a chur chun cinn d'úinéirí chóiríocht phríobháideach ar cíos. Nuair a bhíonn éileamh ar an réadmhaoin íoctar 80% de chíos an mhargaidh leis an úinéir don réadmhaoin sin, le cothabháil na réadmhaoine aistrithe chuig an Údarás Áitiúil do thréimhse an léasa (10 - 20 bliain). Tá leású fadtéarma ar cheann den iliomad roghanna atá ar fáil do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le tithíocht shóisialta a sholáthar. Tá aighneachtaí á lorg r bhonn leanúnach faoin scéim seo.

6.0 Cóiríocht do Thaistealaithe

Leanann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le Clár Cóiríochta do Thaistealaithe na Comhairle a chur i bhfeidhm trí aonaid nua a sholáthar agus bainistiú a dhéanamh ar an stoc cóiríochta ar leith atá ann do Thaistealaithe. Coimeádann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh 11 láithreán stat. Ghlac an Chomhairle le Clár Cóiríochta do Thaistealaithe agu bunaíodh Coiste Comhairleach nua Áitiúil do Chóiríocht do Thaistealaithe i Meán Fómhair 2014. Tionóladh an cruinniú tionscnaimh i mí na Nollag. Leagann an clár ar glacadh leis amach moltaí maidir le cóiríocht don tréimhse 2014-2018 agus cuirfear chun cinn é i gcomhairle leis an gcoiste.

Clár Cóiríochta do Thaistealaithe

Ainm na Scéime	Staid
Caladh an Treoigh	Méadú ar thrí chlós, 95% críochnaithe (Nollaig 2015)
Droichead Bhánaí	Oibreacha Athchóirithe Críochnaithe (Márta 2015)

PRÍOMH-GHARSPRIOCANNA AGUS GNÓTHACHTÁIL AN CHLÁIR ATHGHINIÚNA I 2015

Ghlac baill Chomhairle Cathrach Luimnigh le Plean Forfheidhmithe an Chreata Athghiniúna do Luimneach (LRFIP) i mí Feabhra 2014. Tá dul chun cinn maith déanta ar fhorfheidhmiú an phlean dírithe ar ghníomhaíocht agus ar bhonn fianaise faoi gach ceannteideal cláir - Athghiniúint Sóisialta, Geilleagrach agus Fisiciúil - agus i ngach ceann den chéithre réimse: Maigh Rois, An Cnoc Theas, Béal Átha na Cora Weston agus Páirc Mhuire.

Sóisialta

Mar chuid den chur chuige 'rialtais uile' tá sé mar aidhm ag an gClár Idirghabhála Sóisialta tionchar a bheith aige ar conas a chaitear maoiniú príomhshrutha ar idirghabháil pholasaí sóisialta le haghaidh a thabhairt ar eisiamh sóisialta sa chathair, le fócas ar leith ar na ceantair athghiniúna, agus feabhas a chur ar chomhordú sóisialta an phacáiste foriomlán maoinithe stáit. Tacaíodh le 159 tionscadal i 2015 faoin gciste idirghabhála sóisialta. Chuir an Chomhairle creat measúnaithe i bhfeidhm i 2015 do mhonatóireacht gach deontas agus tá seo tar éis

Oscailt Oifigiúil Scoil Náisiúnta Le Chéile ag Baile an Róistigh.

cabhrú le hidirghabháil sa todhchaí a mhúnlú agus feabhas a chur ar na seirbhísí do na pobail.

Críochnaíodh an Scoil Náisiúnta Le Chéile ag Baile an Róistigh, agus osclaíodh na doirse den chéad uair i Meán Fómhair 2015. Is cónascadh atá sa scoil nua de Scoil Náisiúnta na Gallmhóna agus Scoil Shóisearach An Cnoc Theas le hais sheanfhoirgneamh Scoil Náisiúnta na Gallmhóna, mar a bhfuil Gaelscoil Sheoirse Clancy suite anois. Dúirt an tAire Airgeadais, Michael Noonan, a sheol an oscailt go hoifigiúil gur "am dearfach eile i gclár Athghiniúna Luimnigh" a bhí sa scoil nua. "Beidh an scoil seo mar leagáid inmharthana ar an gclár agus cuirfidh sí go mór leis an saol anseo agus le deisceart na cathrach."

Eacnamaíoch

Tá sruth maoinithe ag an gclár athghiniúna do thionscnaimh gheilleagracha le cabhrú le freastal ar chuspóirí geilleagracha Phlean Forfheidhmithe Chreata Athghiniúna Luimnigh. Tugann na tionscnaimh seo tacaíocht d'fhostaíocht, d'oiliúint/printíseachtaí agus do chruthú jabanna.

Bhí an-rath eacnamaíoch ar an gClár Oiliúna Fáilteachais & Scileanna ag an LEDP ó tosaíodh air i Meán Fómhair 2014. Is tionscadal il-chomhpháirtíochta atá ann a sholáthraíonn scileanna cócaireachta, bialanna agus tí tabhairne do dhaoine a bhfuil gá acu le hoiliúint & fostaíocht. Bhí 148 duine faoi oiliúint ar an gclár i 2015, chríochnaigh 117 an oiliúint agus fuair 81 fostaíocht in oibríochtaí scileanna cócaireachta agus bialanna agus tí tabhairne. Leanann monatóireacht ar thorthaí an chláir tar éis na daoine atá faoi oiliúint céim a bhaint amach agus post a fháil agus tá ardú céime faighte ag a lán acu chuig post maoirseachta. Is tionscadal riachtanach athghiniúna idirghnjíomhaireachta atá anseo agus áirítear ar na comhpháirtithe Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh & an Chláir, Solas, Coláiste Breisoideachais Luimnigh, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Cónaidhm Óstán na hÉireann agus Fostóirí.

Fisiciúil

Áirítear sa chlár athghiniúna fisiciúil príomhghníomhaíochtaí sna réimsí seo a leanas:

- Tógáil Tithe Nua;
- Mór-Athfhorbairt ar Thithíocht atá Folamh;
- Uasghrádú Teirmeach ar Thithe atá ann;
- Saoráidí Pobail a Thógáil;
- Scartáil Straitéiseach;
- Oibreacha sa bhFearann Poiblí, Bonneagair agus Comhshaoil; agus
- Ceannach Láithréán Straitéiseach.

Áirítear cuspóir sa LRFIP le 593 teach nua a thógáil agus uasghrádú teirmeach a dhéanamh ar 1504

teach atá ann thar shaolré an phlean. Ag deireadh 2015, ba é líon iomlán na n-aonad tithíochta nua a bhí críochnaithe ná 108. Táthar le tosú ar 94 aonad tithíochta a thógáil i Q1 2016 agus ar 53 aonad i Q2 2016. Táthar ag leanúint le tithe atá folamh a thabhairt ar ais in úsáid i ngach réimse le 68 teach le daoine ina gcónaí anois iontu i ndiaidh athfhorbartha fhairsing i 2015. Déanadh athbhreithniú ar an bpolasaí coimeádta agus scartála i 2015. Ba é toradh an athbhreithnithe seo, atá le foilsiú i 2016, ná laghdú foriomlán ar líon na dtithe atá sceidealta le scartáil, a dtugtar imlíne orthu san LRFIP ar glacadh leis. Déanann an laghdú ar líon na dtithe atá sceidealta le scartáil laghdú ar an riachtanas foriomlán tithíochta i gceantair athghiniúna maidir le hathsholáthar tithíochta.

Seo a leanas stádas an chláir athghiniúna fisiciúil um Nollag 2015:

Stádas um Nollag 2015	Líon na nAonad
Scéimeanna le Réamh-Fhaomhadh Roinne	132
Scéimeanna ag Céim an Deartha / Pleanáil Chuid a 8	104
Scéimeanna ag Céim Miondeartha	224
Tionscadal Uasghrádaithe Teirmeach (Céim Pleanála/Tairisceana)	328
Scéimeanna ag Céim Tógála (ar a n-áirítear Uasghráduithe Teirmeach)	181
Scéimeanna a Críochnaíodh i 2015 (ar a n-áirítear Uasghrádú Teirmeach agus Tithíocht a bhí Folamh sa bhFadtéarma)	202

Príomhcháipéisí taighde, polasaí agus measúnaithe a foilsíodh i 2015 ar a n-áirítear:

- Straitéis Forbartha agus Seandálaíochta d'Oileán an Rí (DASKIL): Críochnaíodh DASKIL i 2015 agus is í an chéad straitéis forbartha agus seandálaíochta dá leithéid in Éirinn í a aithníonn athghiniúint agus acmhainn dúchasach cheantair atá saibhir ó thaobh na seandálaíochta de ach atá suite go straitéiseach freisin - Oileán an Rí. Is plean físeach atá i DASKIL d'fhorbairt inbhuanaithe maidir le sócmhainní seandálaíochta Oileán an Rí a bhaint amach d'fhonn leas eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil a chruthú, ag tabhairt aghaidh ar gach gné d'fhorbairt inbhuanaithe.
- Cód Deartha agus Ríochta Poiblí do Cheantair Athghiniúna: Críochnaíodh an Cód Deartha agus Ríochta Poiblí do Cheantair Athghiniúna Luimnigh agus rinne an DoECLG faomhadh air i mí Lúnasa 2015. Cabhraíonn an Cód a chinntiú go mbaintear an caighdeán is airde maidir le dearadh uirbeach agus comhfhorbairt áite amach i Luimneach. Is treoir amhairc, achomair atá ann a mhíníonn go soiléir ionchas na hOifige Athghiniúna maidir le paraiméadair dheartha don timpeallacht tógtha agus don ríocht phoiblí.
- Tuarascáil Monatóireachta d'Athghiniúint Fhisiciúil 2014-2015: I mí Feabhra 2015, bliain tar éis gur glacadh go foirmeálta leis an LRFIP, ullmhaíodh Tuarascáil Monatóireachta ar na gníomhaíochtaí le bliain anuas ar thionscadail Tithíochta agus Comhshaoil Fhisiciúil. Déanadh dul chun cinn láidir go dtí seo ar na príomhtháscairí le 28 as an 38 cuspóir ag feidhmiú go maith/á mbaint amach. Tá sé riachtanach go gcoimeádtar an dul chun cinn atá le feiceáil i mórán de na táscairí sa tuarascáil seo thar shaolré an chláir athghiniúna. Tá an tuarascáil ar fáil ag: http://www.limerick.ie/council/annual-monitoring-report-housing-and-physical-environment.

Fótamontáis den síneadh nua atá beartaithe ar Ionad Pobail agus Fiontar Mhaigh Rois.

ÁISEANNA POBAIL

D'fhógair an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Alan Kelly T.D go foirmeálta i Meán Fómhair 2015, maoiniú suntasach de €3 milliún d'athfhorbairt Ionaid Pobail agus Fiontar Mhaigh Rois (MCEC). Tá an tionscadal sceidealta le tógáil i 2016. Tharla oscailt oifigiúil áiseanna imreora AFC Mhaigh Rois, in aice leis an MCEC, sa Mheán Fómhair freisin.

FEABHSÚCHÁIN CHOMHSHAOIL

Críochnaíodh feabhsú ar an Láithreán Líonadh Talún ag Páirc Mhuire, maoinithe tríd an gclár athghiniúna, i 2015, le feabhas á chur ar thimpeallacht an cheantair agus ar an gcathair níos leithne. Tá clár oibre le deireadh a chur leis an nGlúineach Bhiorach, speiceas ionrach a bhfuil an-fhadhbanna ag baint leis, ar phríomhláithreacha forbartha, mar chuid den chlár comhshaoil. Le feabhas a chur ar shábháilteacht an phobail faomhadh tuilleadh ceamara slándála TCI le suiteáil i mBéal Átha na Cora Weston agus i bPáirc Mhuire. Tosaíodh ar phríomhpháiobán nua uisce do Pháirc Mhuire, á sholáthar ag Uisce Éireann, ar an láthair i mí na Nollag 2015 leis an obair le bheith críochnaithe faoi lár 2016.

ATHCHÓIRIÚ AR SHRÁID SAN NIOCLÁS

Tá oibreacha athchóirithe agus leasúcháin/deisiúcháin ar siúl i roinnt struchtúr ar Shráid San Nioclás d'fhonn feabhas a chur ar cháilíocht na timpeallachta sa tsráid tábhachtach seo sa chathair, agus foirgnimh atá folamh a thabhairt ar ais chuig úsáid tráchtála, cónaithe agus pobail. Ar na foirgnimh atá in úinéireacht Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh tá 24, 25, 26, 27 agus 35 Sráid San Nioclás, agus an 'Fireplace Site' (36-39).

ATHFHORBAIRT AN IONAID CEOLDRÁMAÍOCHTA

Tá infheistíocht os cionn €800,000 déanta ag an Oifig Athghiniúna in oibreacha cobhsaithe ar láthair an Ionaid Ceoldrámaíochta a thugann aghaidh ar phríomhcheisteanna le athúsáid inbhuanaithe na bhfoirgneamh seo a chinntiú, ar a n-áirítear síondíonadh agus obair chobhsaithe ar uchtbhallaí ag leibhéal an dín agus ar aghaidh na bhfoirgneamh.

OÍCHE CHULTÚIR

Chan Soprán Luimnigh Sarah Shine ag uimh.4 Sráid Phádraig - ceann d'fhoirgnimh an Ionaid Ceoldrámaíochta agus iartheach an Amhránaí Catherine Hayes, ar an 18ú Meán Fómhair 2015. Rinne cur i ngníomh an fhoirgnimh spléachadh a thabhairt do phobal Luimnigh ar acmhainn agus ar thábhacht an láithreáin seo - ceann de mhórshóchmhainní na cathrach.

Athchóiriú ar Shráid San Nioclás - Roimh Ré.

Athchóiriú ar Shráid San Nioclás - Ina Dhiaidh.

An Amhránaí Ceoldrámaíochta Sarah Shine ag áit bhreithe Catherine Hayes - Sráid Phádraig.

DUAISEANNA PLEANÁLA NÁISIÚNTA INSTITIÚID PLEANÁLA NA hÉIREANN

Cuireadh cúig thionscadal Athghiniúna de chuid Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar ghearrliosta i mí na Nollag 2015 do Dhuaiseanna Pleanála Náisiúnta Institiúid Pleanála na hÉireann. Ba iad sin:

- Plean Forfheidhmithe Chreata Athghiniúna Athghiniúna Luimnigh;
- Monarcha Éadaigh Tait: Stór Ilmheán Pleanála agus Oidhreachta ar Líne;
- Straitéis Forbartha agus Seandálaíochta a Fhorbairt d'Oileán an Rí (DASKIL);
- Ráiteas ar Rannpháirtíocht an Phobail i bPlean Forfheidhmithe Chreata Athghiniúna Luimnigh; agus
- Cód Deartha agus Ríochta Pobail do Cheantair Athghiniúna Luimnigh.

Aithníonn na Duaiseanna Náisiúnta Pleanála straitéisí rathúla agus nuálacha pleanála, scéimeanna nó forbairtí, a chuireann go mór le cáilíocht na beatha in áiteanna uirbeacha agus tuaithe in Éirinn.

IMEACHTAÍ

Rinne os cionn 500 freastal ar Lá Oscailte Luimnigh ag láithreán Monarcha Éadaigh Tait ag Sráid an Tiarna Éadbhard i Meitheamh 2015. Bhí seimineár i ndiaidh an imeachta seo, 'The Tait Clothing Factory: A Testament to Time' maoinithe ag an gComhairle Oidhreachta i mí Lúnasa 2015 le linn na Seachtaine Oidhreachta. Toisc a thábhachtaí a bhí an Monarcha Éadaigh don saol i Luimneach, déanadh coimisiúnú ar leabhar ar an Monarcha i 2015 agus é le foilsiú i 2016. Tá ardú feasachta agus próifíl na gceantar athghiniúna mar chuid tábhachtach d'obair Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Cabhraíonn imeachtaí mar thuras bus Lá Oscailte Luimnigh 2015 ar na ceantair athghiniúna leis an bpróiseas a bhaineann le tuiscint níos fearr a chur chun cinn agus bacanna a scaoileadh.

Lá Oscailte Mhonarcha Éadaigh Tait i Meitheamh 2015.

Lá Oscailte Mhonarcha Éadaigh Tait i Meitheamh 2015.



Seimineár maoinithe ag an gComhairle Oidhreachta 'The Tait Clothing Factory: A Testament to Time".

Lá Oscailte Mhonarcha Éadaigh Tait i Meitheamh 2015.

Seimineár maoinithe ag an gComhairle Oidhreachta 'The Tait Clothing Factory: A Testament to Time".

Toscaireacht ón dTuras Bus Athghiniúna ag tabhairt cuairt ar Walnut House, Cé an Bhrúnaigh mar chuid de Lá Oscailte Luimnigh 2015.

CLÁIR FHEABHSÚCHÁIN TÍ

Fuair **494** teaghlach Deontas Oiriúnaithe Tí, Deontas na nÁiseanna Soghluaisteachta agus Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta de €2.6 milliún le tacú le daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas cónaí go neamhspleách.

COTHABHÁIL TITHÍOCHTA

Oibríochtaí Thuaidh

Caitheadh €2.1m ar chothabháil fhrithghníomhach agus ar bhainistíocht shaoráidí pobail, agus déanann an leibhéas suntasach maoinithe seo a chinntiú go gcoimeádtar leibhéal cothabhála i stoc tithíochta na Comhairle le cóiríocht a bhíonn dea-choimeádta a bhaint amach. Tá sé mar phríomhthosaíocht ag an gComhairle tithe sábháilte agus ar ardchaighdeán a sholáthar dár dTionóntaí agus go ndéantar ardleibhéal Seirbhíse do Chustaiméirí a sholáthar dár dTionóntaí trí shaothar díreach agus conraitheoirí.

Soláthraíodh caiteachas de €240,000 ar chothabháil phleanáilte ar fud an Chontae i 2015.

Déanadh athchóiriú ar 52 aonad folamh trí mhaoiniú speisialta roinne do stoc folamh go fadtéarmach ar luach €384,000 le €86,000 den chostas seo ag teacht as acmhainní Chomhairle Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.

Déanadh athchóiriú ar 58 aonad athligin ócáideach trí shaothar díreach agus sainchonraitheoirí ar mheánchostas €8,134.00.

CLÁIR ÉIFEACHTÚLACHTA FUINNIMH

Chuaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i gcomhpháirtíocht le roinnt Cuideachtaí Fuinnimh i 2015 le leas abhaint as Deontas na bPobal Fuinnimh Níos Fearr. Ceapadh an Deontas le múnla maoinithe trí pháirtí a sholáthar le huasghrádú a dhéanamh ar an stoc tithíochta le leibhéal níos airde éifeachtúlachta fuinnimh. Ba é an leibhéal infheistíochta ón gComhairle agus ón Roinn Comhshaoil do gach tionscadal ná €405,000.

- Taiscthéitheoirí nua Candaim le hArdéifeachtúlacht Fuinnimh a chur in Ionad na dTaiscthéitheoirí i 73 Aonad
- Pumpáil chuasbhallaí 154 aonad agus lochta gach aonaid inslithe go hiomlán
- Insliú seachtrach ar 16 Aonad agus iad ath-shuiteáilte le Coirí Comhdhlúthúcháin A Rátaithe.

LEITHDHÁILTÍ

Déanadh 395 tairiscint ar chóiríocht agus ghlac 304 teaghlach le tionóntacht.

SCÉIM UM CHÓIRÍOCHT AR CÍOS

Ar an 31 Nollaig 2015 bhí 1,136 tionóntacht RAS ann ar a n-áirítear 33 aistriú nua ar chliaint liúntais chíosa chuig RAS.

Tharla 967 cigireacht réadmhaoine maidir le caighdeáin Chóiríocht Phríobháideach ar Cíos.

SEIRBHÍSÍ DO DHAOINE GAN DÍDEAN

Rinne Meitheal Gníomhaíochta na nDaoine gan Dídean próiseáil ar 1659 teagmháil chustaiméara maidir le daoine gan dídean an bhliain seo caite. Freastalaíodh ar 740 cliaint i gCóiríocht Éigeandála agus soláthraíodh cineál éigin tithíochta tacaíochta do 204 eile tríd an Margadh Príobháideach nó Tithíocht Dheonach. Soláthraíonn an Fhoireann agus Focus Ireland Tionóntacht Chothabhálach do Thionóntaí thar ceann an Údaráis Áitiúil agus Cóiríocht Phríobháideach ar Cíos.

Chuir an Grúpa Bainistíochta Réigiúnach do Dhaoine Gan Dídean tús le hathbhreithniú ar mhúnla an tsoláthair seirbhíse do dhaoine gan dídean sa Réigiún sa Mheán Fómhair, d'fhonn luas a chur faoin aistriú chuig réiteach tithíochta. Déanafar an t-athbhreithniú a fhoilsiú i 2016. Cuireadh tús le 3 thionscadal tithíochta i 2015 leis an Meitheal Gníomhaíochta do Dhaoine Gan Dídean, le soláthar ag tionscnaimh Focas Ireland, Clann Shíomóin an Iarthair Láir agus Novas, ag lorg réitigh fhadtéarma do 44 duine aonair agus 15 teaghlach. Tiocfaidh toradh orthu seo i 2016.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Tithíocht: H1, H2 & H4

A. Líon foriomlán na n-áras cónaithe a sholáthair an ÚA sa tréimhse 1/1/2015 go dtí 31/12/2015	914
B. Líon na n-áras cónaithe a soláthraíodh go díreach	39
B1. Líon na n-áras cónaithe a tógadh	10
B2. Líon na n-áras cónaithe a ceannaíodh	29
C. Líon na n-aonad a soláthraíodh faoi RAS	26
D. Líon na n-aonad a soláthraíodh faoi Scéim HAP	845
E. Líon na n-aonad a soláthraíodh faoi SHLI	4
F. Líon iomlán na n-áras cónaithe tithíochta sóisialta ag an údarás áitiúil ar an 31/12/2015	7303
G. Líon iomlán na n-áras cónaithe á soláthar go díreach (tógtha nó ceannaithe) ag an ÚA	5094
H. Líon iomlán na n-aonad a soláthraíodh faoi RAS	1149
I. Líon iomlán na n-aonad a soláthraíodh faoi HAP má bhí ag oibriú	1056
J. Líon iomlán na n-aonad a soláthraíodh faoi SHLI	4
A. Céatadán líon na n-áras cónaithe ag H1G a bhí folamh ar an 31/12/2015	3.79 %
Líon na n-áras cónaithe laistigh dá stoc foriomlán nach raibh tionónta iontu ar an 31/12/2015	193
A. Caiteachas i rith 2015 ar dheisiú agus ar chothabháil tithíochta a cheannaigh nó a thóg an ÚA roinnte ar H1G	€610.13
Caiteachas ar dheisiú agus ar chothabháil ar stoc an ÚA tiomsaithe ar bhonn leanúnach i rith 2015	€3108018

Tithíocht: H3 & H5

A.Meán-am tógtha ó fágadh áras cónaithe go dtí dáta tosaithe na tionóntachta nua Meán-am tógtha ón dáta a fágadh áras cónaithe go dtí dáta tosaithe tionóntachta nua	0.06 wk
B. Meánchostas caiteachais ar aonaid faoi ath-thionóntacht a ullmhú d'athligean	€5402.24
Líon na n-aonad a bhí faoi ath-thionóntacht ar aon dáta i 2015 (seachas na cinn a bhí folamh d'athchóiriú eastáit)	287
Líon seachtainí ó d'fhág an tionónta roimhe sin an t-áras cónaithe go dtí dáta an cheád dochair chíosa ag an dtionónta nua	16 wk
Caiteachas iomlán ar dheisiúcháin riachtanach le hathligean a cheadú ar na haonaid áirithe thuas	€1550443
A. Líon iomlán na dtionóntacht cláraithe i gceantar an ÚA	12907
B) Líon na gcigireachtaí a déanadh	967

Tithíocht: H6

A. Líon na ndaoine i gcóiríocht éigeandála go fadtréimhseach mar % d'iomlán na ndaoine fásta gan dídean	26.44 %
Líon na ndaoine fásta rangaithe mar dhaoine gan dídean i gcóiríocht éigeandála ar an oíche den 31/12/2015	174
Líon na ndaoine fásta ar an dáta sin a bhí i gcóiríocht éigeandála ar feadh 6 mhí go leanúnach	46

AN COISTE FORBARTHA POBAIL ÁITIÚIL

Tháinig an Coiste Forbartha Pobail Gheilleagrach Áitiúil (LCDC) le chéile uair sa mhí i 2015 agus tá 17 ball ann. Bhí 11 cruinniú acu i 2015. Seo a leanas an ballraíocht:

Ionadaithe Earnála Poiblí

Baill Údaráis Áitiúil		An Clr. Seamus Browne An Clr. Daniel Butler An Clr. Eddie Ryan (Cathaoirleach) An Clr. Jerome Scanlan
Foireann Údaráis Áitiúil		Conn Murray
Údaráis Phoiblí	FSS D.S.P LCETB	Bernard Gloster Jim Lynch George O' Callaghan

Ionadaithe Earnála Neamhreachtúla

Cuideachtaí Forbartha Áitiúla	Comhpháirtíocht Paul Acmhainní Iarthar Luimnigh Forbairt Bhealach Abhra	Anne Kavanagh Shay Riordan Carmel Fox
Ionadaithe Pobail & Deonach		Nuala Rennison Cathal McCarthy Donal Cooper Marion Harnett
An Colún Comhshaoil		Trish Forde-Brennan
Earnáil Talmhaíochta		Aidan Gleeson

Ar fheidhmeanna LCDC áirítear:

- eilimintí pobail de Phlean 6 bliana Geilleagrach agus Pobail Áitiúil a ullmhú
- na heilimintí pobail den Phlean a chur i bhfeidhm, a shocrú le cur i bhfeidhm
- athbhreithniú a dhéanamh ar eilimintí pobail an Phlean ar a laghad uair amháin laistigh de thréimhse 6 bliana agus, más gá é, leasú a dhéanamh ar eilimintí pobail an Phlean
- monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar fhorfheidhmiú eilimintí pobail an Phlean agus, más cuí, athbhreithniú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí agus na straitéisí atá socraithe d'fhonn na cuspóirí sna heilimintí pobail den Phlean a bhaint amach,
- comhordú, bainistú agus maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na gclár forbartha áitiúla agus pobail a ndearna an t-údarás áitiúil ábhartha faomhadh orthu nó a aontaíodh Idir an LCDC agus údárás poiblí cuí (m.sh. roinn rialtais, gníomhaireacht Stáit etc.)
- feabhas a chur ar chomhordú na gclár forbartha áitiúla agus pobail atá maoinithe go poiblí agus laghdú a dhéanamh ar dhúbláil
- in éineacht le cláir atá maoinithe go poiblí, comhordú ginearálta a dhéanamh ar chláir forbartha áitiúla agus pobail laistigh de réimse feidhme an LCDC
- féachaint ar dhréacht d'eilimintí eacnamaíochta an Phlean agus glacadh le ráiteas comaoine na Comhairle chuige sin, agus
- tuarascáil bhliantúil a ullmhú ar a fheidhmíocht agus a fheidhmeanna.

I 2015 bhí an Coiste réamhghníomhach maidir leana fheidhmeanna a chomhlíonadh agus ar a phríomhréimsí oibre áirítear:

- Monatóireacht, tuairisciú agus athbhreithniú ar Chlár Gnóthachtála Cuimsithe Shóisialta 2015.
- Léiriú Spéise rathúil amháin a ullmhú agus a chur isteach le bheith mar Ghrúpa Gníomhaíochta Áitiúil (LAG) do Mhaoiniú Forbartha Tuaithe (Clár Leader an AE) do Luimneach. I 2015 déanadh buiséad de €9.276 milliún a leithdháileadh do Chlár Forbartha Tuaithe i Luimneach don tréimhse 2014-2020.
- Ullmhúchán do Straitéis Forbartha Tuaithe don tréimhse 2014-2020 a ndearna Coiste Neamhspleách Measúnaithe náisiúnta faomhadh uirthi.
- Anailís ar Shonraí Shocheacnamaíoch do Luimneach a chríochnú.
- Críochnú an phróisis ullmhúcháin, comhairliúcháin agus glachadh le Cuspóirí Ardleibhéal agus Ráiteas Socheacnamaíoch don Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail.
- Tosú ar Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail a ullmhú.

MÓRTAS ÁITE

Lean Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh leis an traidisiún breá leis an gComórtas Mórtais Áite IPB atá á rith ag Comhoibriú Éireann i 2015.

D'ainmnigh an Chomhairle 4 phobal/grúpa pobail le bheith rannpháirteach, Cill Tíle, An Brú/An Ghráinseach/Méanas, Tait House An Cnoc Theas agus Páirc Uí Scanláin, Caisleán Uí Chonaill.

Tharla an maoirseacht ar an 9ú & an 10ú Iúil le Donal Connolly, Port Láirge agus Rita McNulty, Sligeach. Dúirt na breithiúna go raibh gach ceann de cheithre iontráil Luimnigh ar chaighdeán an-ard. Fógraíodh na duaiseanna ag searmanas an chomórtais sa West County Hotel, Inis ar an Satharn 14ú Samhain 2015. Ba í Cill Tíle an buaiteoir foriomlán as chatagóir daonra 0-300 le hEastát Tithíochta Pháirc Uí Scanláin i gCaisleán Uí Chonaill, Co Luimnigh sa dara háit sa Chatagóir Eastáit Tithíochta.

PPN LÍONRA RANNPHÁIRTÍOCHTA POBAIL

Chláraigh 434 grúpa leis an PPN i 2015. Tionóladh cruinniú tionscnaimh PPN i Ráschúrsa Luimnigh ar an 29ú Eanáir 2015. Bunaíodh Rúnaíocht an PPN i lár an Aibreáin le 9 ball ag tabhairt ionadaíochta do 4 Cheantar Bardasach agus 3 earnáil (Pobal & Deonach, Cuimsiú Sóisialta agus Comhshaol). D'athoscail Clárú PPN i mí Dheireadh Fómhair trí limerick.ppn.ie d'aon ghrúpa nua ar mhian leo clárú. Síníodh conradh le BundlBee le suíomh gréasáin saincheaptha PPN a fhorbairt

http://limerick.ppn.ie/ a chuirfidh ar chumas bhaill PPN fanach suas chun dáta lena bhfuil ar siúl i PPN Luimnigh chomh maith le heolas a fháil ar mhaoiniú agus ar ghníomhaíochtaí na Comhairle. Soláthróidh sé ardán freisin le smaointe a roinnt ar bhaill eile.

Tá an PPN tar éis an Dr. Matt Cannon a cheapadh mar Oibrí Rannpháirtíochta sa Phobal ar chonradh gearrthéarma. Is é ról Matt feasacht a ardú maidir leis an PPN agus tacú le heagraíochtaí a bheith rannpháirteach go gníomhach.

Tosaíodh ar PPN Luimnigh do Dhea-Chleachtas i Rannpháirtíocht Saoránach i nDámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil 2015.

DEONTAIS DIASPÓRA

Loirgíodh iarratais ar mhaoiniú faoin Tionscnamh Turasóireachta Pobail don Diaspóra.
Tógann an tionscnamh ar an rath a bhí ar an Gathering i 2013, ag leanúint ar an tionscnamh tionscadail Turasóireachta Diaspóra i 2014. Ceapadh an tionscnamh le tacú le himeachtaí agus le féilte pobail a bhíonn dírithe ar chuairteoirí breise ó thar lear.

Roghnaíodh 19 iarratas le maoiniú a fháil faoin tionscnamh seo i Luimneach i 2015. Soláthraíodh maoiniú i gcomhpháirt le Fáilte Éireann, Comhlachtaí Poiblí na hÉireann agus Údaráis Áitiúla.

FÉILE FOGHLAMA AR FEADH AN TSAOIL

Tionóladh an cúigiú Féile Foghlama ar Feadh an tSaoil ón 23ú go dtí an 29ú Márta, 2015. Ba é teáma na féile i mbliana ná "Foghlaim do Mhaireachtáil Dhearfach". Tionóladh os cionn 150 imeachtaí ar fud Chathair agus Chontae Luimnigh. Seoladh an fhéile ag Ionad Cuairteoirí Loch Goir ar an 13ú Márta, 2015.

MÓRGHNÍOMH SÓISEARACH

Ar an gCéadaoin, 25ú Márta, 2015 thug rang a haon ó Ardscoil Mhuire, An Corrbhaile cuairt ar Halla na Cathrach, ar lá Scoile go hOibre le Mórghníomh Sóisearach. Chuir an Méara, An Clr. Kevin Sheahan fáilte rompu, agus thug Valerie Stundon, Oifigeach Sábháilteachta Uisce agus Ellen O'Sullivan, Taisteal Níos Cliste cur i láthair ar a ngairmréim.

COMHAIRLE NA NÓG LUIMNEACH

Fuarthas maoiniú ó DYCA le feabhas a chur ar chlár Chomhairle na nÓg do 2015.
Tionóladh Cruinniú Cinn Bhliana Chomhairle na nÓg in OL ar an 23 Deireadh Fómhair, 2015. D'fhreastal níos mó ná 80 toscaire óg ó scoileanna, clubanna óige agus ó chláir don ógra air. Rinne na toscairí plé ar cheisteanna easpa dídine agus soláthar díreach, a raibh Comhairle 2014/5 ag obair orthu le 12 mí roimhe sin

SEACHTAIN NA HAFRAICE/ LUIMNEACH CATHAIR IDIRCHULTÚRTHA

Críochnaíodh seachtain rathúil imeachtaí le Lá na hAfraice 2015 a mharcáil. Ba iad na príomhimeachtaí:

- Seimineár ar Imeascadh agus Idirchultúrachas "Footprints: Our Shared Journey, Our Integration".
- Rince Nua-aimseartha Aetópach á dhéanamh in Ollscoil Luimnigh
- Cuireadh Ceardlann Rince agus Ealaíne ar siúl i Leabharlann Pobail Chrois Theach na Foraire
- Tionóladh Féile Lae na hAfraice i Margadh an Bhainne ar an Domhnach 31ú Bealtaine. Bhí stallaí bia, rince, amhránaíocht, drumadóireacht, seó faisin, cluichí agus gníomhaíochtaí do leanaí (a sholáthair Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh).

COISTE COMHAIRLEACH MAIDIR LE CÓIRÍOCHT ÁITIÚIL DO THAISTEALAITHE (LTACC)

Tháinig LTACC le chéile ar an 12ú Feabhra, 30ú Aibreán, 2ú Meán Fómhair, 28ú Deireadh Fómhair agus 16ú Nollaig 2015. Tá 12 ball ar an gcoiste seo. Is coiste comhairleach atá sa choiste agus áirítear ar an mballraíocht baill tofa, oifig ón gComhairle agus baill den Phobal Taistealaithe.

SCÉIM RANNÍOCAÍOCHTA 2015

Fuair Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh iarratais ar chúnamh deontais le spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do roinnt tionscnamh pobail, cultúrtha nó oidhreachta i gCathair & Contae Luimnigh. Tá an Scéim Ranníocaíochta oscailte d'eagraíochtaí pobalbhunaithe/neamhbhrabúis agus caithfidh baint díreach a bheith ag na hiarratais le ceann de na catagóirí seo a leanas: - Tonscnaimh/imeachtaí a chuireann cultúr agus oidhreacht áitiúil chun cinn. Tionscnaimh/imeachtaí a chruthaíonn mórtas i measc an phobail. Rinne Baill na Comhairle faomhadh ar gach ceann den 23 iarratas agus déanadh íocaíocht i rith 2015.

Seo a leanas liosta de na heagraíochtaí a fuair maoiniú.

Toghcheantar	Eagraíocht	Méid
Áth Dara/Ráth Caola	Cluichí Pobail Luimnigh	€2,000
	Oidhreacht Áth Dara	€10,000
	Iontaobhas Cathartha Eas Géitine	€5,000
	Músaem Eitlíochta & Muirí Fhainge	€8,000
An Cheapach Mhór/ Cill Mocheallóg	Comhaltas Fleadh Luimní 2015	€2,000
	Ceoláras na hOllscoile	€17,000
	Ceolfhoireann Aireagail na hÉireann	€3,000
	Raidió Pobail Luimnigh Thoir	€2,000
	Amharclann Friarsgate	€3,000
	Comharchumann Forbartha Loch Goir	€3,000
Luimneach Uirbeach	Ceolchumann Luimnigh	€1,000
	Ceolchumann Cecilian	€1,000
	Músaem Hunt	€3,500
	Cuardach & Tarrtháil Muirí Luimnigh	€5,000
	Amharclann an Limetree (69 Sr Uí Chonaill)	€4,000
	Ionad Éigeandála um Éigniú an Iarthair Láir	€2,000
	Scoil & Ionad Naomh Gaibréal	€2,000
	Seirbhís d'Aos Óg Luimnigh	€1,500
An Caisleán Nua	Fóillíocht Pobail Mhainistir na Féile	€2,000
	Cuardach & Tarrtháil Cheantar Mhainistir na Féile	€5,000
	Raidió Pobail Luimnigh Thiar	€2,000
	Amharclann Glórach	€5,000
	Turasóireacht Luimnigh Thiar	€3,000
	Iomlán	**€92,000**

POOL AND LEISURE LTD EAS GÉITINE

Lean Linn Snámha agus Ionad Fóillíochta Eas Géitine le réimse leathan deiseanna fóillíochta agus áineasa a chur ar fáil do cheantar Luimnigh Thiar i 2015.

In éineacht le ballraíocht agus roghanna íoctar mar a úsáidtear, soláthraíonn an Ionad ceachtanna do 46 scoil ó gach áit ar fud Contae Luimnigh. Déanann an Ionad freastal ar shnámhaithe de gach aois agus cumas agus bíonn sé oscailte trí mhaidin in aghaidh na seachtaine ag 7.30am. Bíonn ranganna ar fáil don phobal freisin 5 lá in aghaidh na seachtaine.

IONAD FÓILLÍOCHTA OILEÁN AN GHARRÁIN

Lean Ionad Fóillíochta Oileán an Gharráin le saoráidí iontacha a sholáthar do shláinte agus folláine i gceantar Luimnigh i 2015. Déanann rogha fairsing trealaimh aclaíochta a chinntiú go mbíonn an réimse is fearr saoráidí aclaíochta agus sláinte ar fáil do gach ball. Déanadh suiteáil ar chaidéal nua cúrsaíochta uisce san Ionad Fóillíochta i 2015.

AONAD BAINISTÍOCHTA EASTÁIT

Tá trí phríomhchuid ag baint leis an Aonad Bainistíochta Eastáit: (i) Tacaíocht Eastáit (ii) Tacaíocht do Thionónta Indibhidiúil agus (iii) Forfheidhmiú Tionóntachta / Iompraíocht Fhrithshóisialta.

(i) Tacaíochtaí Eastáit

- Is í príomhaidhm an chláir seo tacaíochtaí asholáthr d'fhonn feabhas a chur ar cháilíocht na beatha agus spiorad an phobail a fhorbairt in eastáit na Comhairle. Chuige sin, oibríonn an tAonad go dlúth le cumainn na n-áitritheoirí atá ann agus spreagann sé grúpaí nua dá leithéid a bhuntú, ag tacú le forfheidhmiú na bpríomhghníomhachtaí a d'aithin siad le feabhas a chur ar a n-eastát. Bhain an tacaíocht a soláthraíodh le cúnamh maidir le mionoibreacha bonneagair a sholáthar, mar fhálú, ballaí, comharthaíocht etc. go dtí céimeanna níos boige nar oiliúint ar scileanna choiste, cur le laethanta glanta, le himeachtaí do leanaí etc.
- Tionóladh dhá chruinniú d'Fhóram Ionadaithe na nÁitritheoirí Eastáit i rith na bliana a raibh an-rath orthu. Is í príomhaidhm an Fhóraim ardán a sholáthar mar ar féidir le hionadaithe ó gach cumann áitritheoirí bualadh le chéile agus le hoifigigh na Comhairle d'fhonn eolas agus taithí a chomhroinnt i spiorad comhpháirtíochta. Tugtar cuireadh d'aoichainteoirí le saineolas i réimsí éagsúla caint a thabhairt.
- Roghnaíodh Eastát Pháirc Uí Scanláin i gCaisleán Uí Chonaill le cur isteach ar chomórtas Mórtais Áite Náisiúnta Uile-Éireann i gcatagóir na nEastát Tithíochta. Bhí obair ollmhór ullmhúcháin ar an eastát i gceist don choiste agus do na háitritheoirí, i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle, ag déanamh ar chuairt na mbreithiúna ar an 10ú Iúil 2014 agus ba léir go raibh an cur i láthair foirmeálta a rinne an grúpa, an timpeallacht fisisciúil san eastát agus an spiorad pobail a léiríodh, tar éis dul i gcionn go mór an na breithiúna. Bhí an-toradh ar an spiorad seo nuar a fógraíodh go bhfuair siad an dara áit ina gcatagóir ag an sermanas bronnta a bhí ar siúl in Inis i mí na Samhna.
- Soláthraíodh tacaíocht maidir le bainistíocht eastáit sna heastáit mhóra uirbeacha, go háirithe trí an Oifig Athghiniúna agus/nó tró chomhlachtaí faofa le cúnamh deontais ón gComhairle. Bhí an tAonad rannpháirteach go gníomhach le háitritheoirí choimpléasc Árasán Gheata an Uisce, mar a bhfuil 99 aonad cóiríochta i gcroílár na cathrach, agus, beagán níos lú ná sin le Cumann Áitritheoirí Sparr Thuamhan.

(ii) Tacaíocht don Tionónta Indibhidiúil

- Soláthraíonn an tAonad seirbhís, le hoibrí sóisialta i gceannas uirthi, de dhian-tacaíocht do thionóntaí a aithneofaí a bheith leochaileach nó gá acu le cabhair dá leithéid ar aon chúis eile. Ina theannta sin, déantar monatóireacht ar thionóntachtaí indibhidiúila a mbeadh aire ar leith ag teastáil uathu le cosc a chur ar fhadhbanna a thiocfadh chun cinn.
- Soláthraítear oiliúint réamh-thionóntachta do gach tionónta nuacheaptha. I measc nithe eile, déantar téarmaí an Chomhaontaithe Ligin a bhíonn sínithe a mhíniú i dtreo is go dtuigter dualgais na dtionóntaí agus, go deimhin, na Comhairle, go soiléir. Ba é líon na dtionóntaí a fuair a leithéid d'oiliúint i 2015 ná 277.

(iii) Forfheidhmiú Tionóntachta/Iompraíocht Fhrithshóisialta

- Déanann an tAonad déileáil le breis agus 400 gearán gach bliain, le timpeall leath acu seo bainteach le hiompraíocht fhrithshóisialta. Is é polasaí na Comhairle na ceisteanna seo a fhreagairt go tapaidh agus go láidir agus oibríonn sí go dlúth leis An Garda Síochána nuair is gá é.
- Fuarthas 3 ordú nua eisiaimh in aghaidh daoine indibhidiúla sa Chúirt Dúiche i 2015, agus mar thoradh orthu sin cuireadh cosc ar na daoine sin ó bheith in eastaít ainmnithe, nó, i láithreán stad, faoi mar a bhí i gcás amháin. Thug sin líon iomlán na nOrduithe dá leithéid a bhí i bhfeidhm ag deireadh bliana go dtí 11. Féachtar ar Ordú dá leithéid a shárú mar chion coiriúil, inphionóis le fíneáil agus/nó príosúnacht. Bhí na Gardaí an-réamhghníomhach á gcur seo i bhfeidm agus fuair roinnt cionntóirí téarma príosúnachta de bharr iad a shárú.
- Ba í an fhorbairt ba shuntasaí sa réimse seo ná feidhm dlí a bheith ag na forálacha sin Acht Tithíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014 ar an 1ú Aibreán 2015 maidir le hiompraíocht fhrithshóisialta. Thug seo deireadh leis an bhfolús sa dlí a bhí ann le blianta mar thoradh ar bhreithiúnas uaschúirte maidir le forálacha a rabhthas taobh leo roimhe seo faoi Acht Tithíochta 1966.
- Rinne an tAonad seiceálacha garda ar thinóntaí ionchasacha nua. Déanadh 563 athbhreithniú foirmeálta i rith na bliana.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA 2015

Óige agus Pobal: Y1 & Y2

Céatadán an scoileanna áitiúla rannpháirteach i scéim áitiúil Chomhairle na nÓg	37.93 %
Líon iomlán na meánscoileanna i gceantar an ÚA ar an 31/12/2015	29
Líon na scoileanna dara leibhéal i gceantar an ÚA ar fhreastal a n-ionadaithe ar CGB Chomhairle na nÓg	11
Líon na n-eagraíochtaí i gClár an Chontae agus an sciar a roghnaigh an Coláiste Cuimsithe Shóisialta	11.54
Líon na n-eagraíochtaí ar Chlár an Chontae do cheantar an údaráis áitiúil	442
Líon iomlán na n-eagraíochtaí cláraithe a roghnaigh dul leis an gColáiste Toghcháin Cuimsithe Shóisialta	51

Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC).

Páirc Uí Scanláin, Co Luimnigh sa Sara Áit sa Chomórtas Mórtais Áite.

Buaiteoir Mórtais Áite, Cill Tíle, Co. Luimnigh.

Seoladh ar Fhoghlaim ar feadh an tSaoil.

Ceardlann drumadóireachta ar Lá na hAfraice.

Seoladh Lá na hAfraice

Seoladh ar Mhíle Órga Chill Tíle.

COMHPHÁIRTÍOCHT SÁBHÁILTEACHTA POBAIL CHATHAIR LUIMNIGH

Is é príomhghníomhaíocht na Comhpháirtíochta soláthar a dhéanamh ar Scéim Chomhordaitheora Chomhpháirtíochta Sábháilteachta Pobail Chathair Luimnigh. Is í aidhm na Scéime feabhas a chur ar shábháilteacht an phobail In eastáit tithíochta poiblí i gCathair Luimnigh, trí eagla roimh choiriúlacht agus iompraíocht fhrithshóisialta a laghdú; feabhas a chur ar an timpeallacht; spiorad an phobail a ardú agus feasacht ghinearálta a ardú maidir le sábháilteacht an phobail trí oideachas. Soláthraíonn foireann ina bhfuil tríúr an scéim (3) Comhordaitheoir a oibríonn in eastáit ainmnithe ar bhonn laethúil.

I rith na bliana ó Eanáir go Nollaig 2015 sholáthair na Comhordaitheoirí Pobail na cláir seo a leanas chuig scoileanna náisiúnta ar fud na cathrach:

Súile Oscailte; Sábháilteacht Idirlín; Club Tráchta; Saoránacht Ghníomhach; Iompraíocht Fhrithshóisialta; 'JUMP', Clár Frithbhulaíochta; Clár Idirghlúine.

I rith na bliana freisin bhí Sinead, Jean agus Yvonne ag obair ar thionscadail timpeallachta le trí scoil, Naomh Eoin Baiste, Scoil Náisiúnta Phádraig na mBuachaillí agus Corpus Christi le feabhas a chur ar ghairdíní a scoile.

Mar chuid den chlár Saoránachta Gníomhach thug na Comhordaitheoirí Pobail daltaí ó rang 5 agus 6 chuig Dáil Éireann i mBealtaine agus Meitheamh 2015.

AG OBAIR LE DAOINE AOSTA

Oibríonn na Comhordaitheoirí Pobail go gníomhach le daoine aosta sa phobal, go háirithe sna clubanna seo a leanas:
Club Gníomhaíochta Lucht Scoir Eoin
Club Gníomhaíochta Lucht Scoir Bhaile Shinéad

Seoladh Aoisbhá Lúimnigh 2015-2020 a d'fhógair Luimneach go hoifigiúil mar láthair Aoisbháúil.

Club Gníomhaíochta Lucht Scoir Bhríde
Club Gníomhaíochta Lucht Scoir Mhuire

In Aibreán agus Deireadh Fómhair 2015, d'eagraigh na Comhordaitheoirí Pobail dhá imeacht 'Tae Beag' do sheandaoine. D'éirigh thar barr leis an dá imeacht le breis agus 200 seanóir ó ar fud na cathrach ag freastal ar an imeacht.

I Meán Fómhair 2015, d'eagraigh na Comhordaitheoirí Pobail turas chuig Dáil Éireann do na seanóirí. Thaisteal caoga seanduine ó ar fud na cathrach go Baile Átha Cliath don turas.

Tá Yvonne McMahon oilte leis an gclár 'Go for Life' a sholáthar. Déantar iarracht leis an gclár seandaoine a chumasú leis na gníomhaíochtaí spóirt nó áineasa ar mhial leo dul ina mbun a roghnú agus a phleanáil. Mar chuid den Chlár Foghlama ar Feadh an tSaoil, sholáthair na Comhordaitheoirí Pobail an clár seo i mí Aibreán do sheanóirí ar fud na cathrach. Tugadh an-tacaíocht don imeacht.

SPIORAD POBAIL A SPREAGADH

Tá sé mar phríomhchúram ar an gComhordaitheoir Pobail an-aithne a chur ar áitritheoirí na n-eastát. Chuige sin eagraíodh roinnt 'Laethanta Spraoi' i 2015.

I mí Iúil 2015 d'oibrigh Jean Ryan le Pobal Gharraí Eoin le Lá Spraoi a eagrú don phobal uile. Bhí

freastal an-mhaith ar an imeacht seo agus rinne na Comhordaitheoirí Pobail urraíocht ar na duaiseanna do na cluichí.

COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT LUIMNIGH

I 2015 fuair Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh maoiniú ar luach €800,000 (ar a n-áiríter maoiniú Core, Oideachais agus cláir) ó mhaoinitheoirí iomadúla le cabhrú lena oibriú. Is iad na príomh-mhaoinitheoirí ná Spórt Éireann (Comhairle Spóirt na hÉireann roimhe seo), Ciste LCETB YP, an FSS agus clár na gCuntas Díomhaoin. Is iad 3 phríomhfheidhm an LSP daoine agus pobail a Chur ar an Eolas, a Mhúineadh agus a Chumasú le bheith gafa le gníomhaíochtaí fisiciúla. Tá sé mar aidhm againn an líon atá rannpháirteach a mhéadú 1% in aghaidh na bliana agus laghdú 0.5% a dhéanamh ar iompar neamhghníomhach in aghaidh na bliana.

Ar na príomhnithe ar éirigh leo i 2015 bhí an clár Women on Wheels mar a raibh 110 bean idir 25 - 65 bliana d'aois rannpháirteach i Rothaíocht ó Aibreán go Deireadh Fómhair. Bhí os coinn 1545 leanbh rannpháirteach i gclár Lúthchleasaíochta Sportshall ag na 5 Mhol a bunaíodh idir an Chathair agus an Contae. Chríochnaigh 2000 leanbh clár traenála Scoileanna GLR agus mheall rith Sport Kids OL 3300 rannpháirtí le 1750 rannpháirtí ag frestal ar scoileanna i Luimneach. Mar thoradh ar an imeacht seo tugadh €11,500 ar ais do scoileanna do chláir Ghníomhaíochta Fisiciúil.

Tá an clár Men on the Move dea-bhunaithe ag 4 láthair le 4 phobal eile (130 fear) ag glacadh leis an gclár i mbliana mar chuid de chlár taighde PhD. Bunaíodh an Fóram maidir le Míchumas i rith nabliana agus rinne siad óstáil ar 2 lá spóirt do os coinn 500 duine faoi mhíchumas. Chruthaigh na himeachtaí seo nasc idir rannpháirtithe agus deiseanna spóirt ar fud Luimnigh.
Tá an Clár VIP (Rannpháirtíocht faoi Spreagadh Oibrithe Deonacha) tar éis dul ó neart go chéile le 25 mac léinn TY ag freastal air i mbliana. Gach Déardaoin déanann siad freastal ar chúrsaí agus ar chláir a sholáthraíonn LSP le bheith oilte mar chóitseálaithe/ceannairí ina bpobal. Cabhraíonn na VIPanna freisin leis an LSP le cláir a sholáthar agus óstáil a dhéanamh ar imeachtaí oll-rannpháirtíochta, is dream den scoth iad.

I 2015 freisi nsholáthair an LSP cúrsaí traenála cóitseála Pobail do chuardaitheoirí post i gcomhpháirtíocht leis an LCETB. Déanadh earcú ar 25 duine don chlár le 19 ag críochnú na 14 seachtain agus an socrúcháin pobail. Déanadh maoiniú ar an gclár seo as cúntais dhíomhaoine a rinne cistiú freisin ar ár Mol nua Spóirt i gCromadh. D'éirigh le Cromadh €70,000 a fháil le rannpháirtíocht i PA a mhéadú ag an saoráid atá ann.

D'éirigh linn ardchaighdeán a choimeád i soláthar na gcúrsaí de réir dea-chleachtais le cúrsa nua slánchumhdaithe agus cúrsaí garchabhrach spóirt do chlubanna agus grúpaí pobail.

Faoi dheireadh, tá grúpaí siúlóide Pobail ag fás ar fud an chontae mar a bhfuil an LSP sa riocht le héascaitheoir a sholáthar ar feadh 6 seachtainí le grúpaí a bhunú agus a chur amach ag siúl.

Bhí an LSP rannpháirteach i rith na bliana le 43,667 rannpháirtí agus ionad rannpháirtithe.

BUAICPHOINTÍ NA SEIRBHÍSE LEABHARLAINNE 2015 TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE

Seirbhís Leabharlainne: L1

A. Líon na gcuairteanna ar leabharlann in aghaidh an daonra	4.05
B. Líon na nithe eisithe d'iasachtaithe i rith na bliana	767853
Líon na gcuairteanna ar leabharlann i rith na bliana	776100
Líon na nithe a fuarthas ar iasacht i rith na bliana	767853

Seirbhís Leabharlainne: L2

Sonraí Chláir F den Ráiteas Airgeadais Bhliantúil / de réir daonra cheantar an ÚA 2011 de réir an daonáirimh	€28.13
Clár AFS F02 Costas na Seirbhíse Leabharlainne	€5395077

CLÁR COMÓRTHA 2016

Rinne an tSeirbhís Leabharlainne, faoi threoir na gcomhordaitheoirí tionscadail Damien Brady agus Tony Storan, óstáil ar sheoladh oifigiúil Chlár Comórtha Céad Bliain 2016 na hÉireann ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar an 7ú Nollaig i Leabharlann an Granary. Tá clár Luimnigh mar thoradh ar chomhairliúcháin le grúpaí, eagraíochtaí agus daoine indibhidiúla sainleasa áitiúla, ar tugadh cuireadh dóibh a bheith rannpháirteach ina phleanáil agus a fhorfheidhmiú. Faoi cheannas an Comhairle, beidh imeachtaí agus tionscadail i gceist thar gach ceann de na seacht gcuid den Chlár Éire 2016.

IMEACHTAÍ CULTÚRTHA AGUS CATHRACH 2015

- Bhí an-rath ar shraith Léachtanna an nGráinseachi 2015. Ar na buaicphointí áirítear cur i láthair an údair Michael Smith ar dhuine de mhórthaiscéalaithe na staire, Sir Ernest Shackleton agus Nuacht chuig Luimneach ón gCogadh Mór curtha i láthair ag an Dr. Tadhg Moloney.
- Rinne Leabharlann Chill Mocheallóg óstáil ar sheoladh ar Ár nOidhreacht Mórtasach: Stair Chumann CLG Chill Mocheallóg 1884-2015 i mí na Nollag. Sheol Uachtarán an CLG, Aogán Ó Fearghail, an leabhar cuimsitheach, álainn seo le hoíche cheiliúrtha, ar fhreastal os cionn 200

Michael O'Reilly, Éire 2016, Leas POF Pat Dowling, An Clr. Liam Galvin, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh agus Damien Brady, Leabharlannaí Cathrach & Conate, ag seoladh oifigiúil Chláir Chomórtha Céad Bliain 2016 Luimnigh.

Óglaigh na hÉireann agus cuairt á thabhairt acu ar Scoil Náisiúnta Mhuire na mBuachaillí, Mainistir na Féile, le bratach trí dhath agus cóip den Fhorógra a bhronnadh do chomóradh céad bliain Éirí Amach 1916. Tugadh cuairt ar 152 Bunscoil ar fad mar chuid den tionscnamh seo.

duine uirthi.

- Sheol an t-údar sárdhíola Donal Ryan an chéad leabhar de chuid an scríbhneora áitiúil Carole Gurnett dar teideal The Curtain Falls ag Leabharlann Thuar an Daill sa Mhárta.
- Déanadh ceiliúradh ar Sheachtan Foghlaima ar Feadh an tSaoil ag roinnt dár leabharlanna brainse. Cuireadh ceardlanna ar siúl i Leabharlann Chrois Theach na For aire ar ghinealas agus ar gharrchabhair do thuismitheoirí. Chuir Leabharlann na Gráinsísraith imeachtaí ar siúl ar a raibh caint ar Luimneach agus an Limerick, agus ceardlann ar uaschúrsáil.
- Bhí Éigse Michael Hartnett, leis an údar cáiliúil Joseph O'Connor mar phríomhchainteoir, agus Lá Idirnáisiúnta na mBan ag cur béime ar chaint a thug an t-údar Liz Gillis ar Mhná na Réabhlóide in Éirinn ar bhuaicphointí na bliana i Leabharlann An Chaisleán Nua.
- Nochtadh píosa troscáin sráide speisialta ar thailte Leabharlann & Stiúideo Ealaíne na Ceapaí Móire in onóir laoch spóirt na háite, John "The Bull" Hayes. Rinne mic léinn gaibhneachta dubh suíochán iarainn shaothrsithe a dhearadh do Choláiste Pobail Mhichíl, An Cheapach Mhór, faoi theagasc Eric O'Neill, ealaíontóir cónaithe i Stiúideo Ealaíne na Ceapaí Móire.

IMEACHTAÍ DO LEANAÍ 2015

- Sheol an tAire Oideachais agus Scileanna, Jan O'Sullivan Clár Náisiúnta Léitheoireachta Samhraidh 2015 ar an Máirt 21 Iúil ag Leabharlann Thuar an Daill. Le ceiliúradh a dhéanamh ar an seoladh, bhí cóisir ag Leabharlann Thuar an Daill le breis agus 120 leanaí ag freastal air. Sholáthair Myles Breen, pearsa mór i gcúrsaí geamaireachta agus amharclannaíochta, siamsaíocht den scoth do leanaí agus do dhaoine fásta araon agus bhí péinteáil aghaidhe, milseáin agus nithe fónta ar fáil do gach duine a bhí ag freastal. Ghlac os coinn 50,000 leanbh in Éirinn páirt i gCláir Léitheoireachta Samhraidh na Leabharlanna Poiblí i 2015 le os cionn 1,300 ag clárú i Luimneach.
- Déanadh Féile Leabhar na Leanaí a cheiliúradh ar fud bhrainsí leabharlainne sa Chathair agus

An t-udar Michael Smith ag caint le lucht éisteachta ag Leabharlann na Gráinsímar chuid de Shraith Léachtanna bliantúla oíche.

Jan O'Sullivan, Aire Oideachais agus Scileanna, sa phictiúr le Zoe agus Ava Ryan, Caladh an Treoigh ag seoladh Chlár Léitheoireachta Samhraidh na leabharlanna poiblí i Leabharlann Thuar an Daill.

sa Chontae le clár imeachtaí eágsúla ar a raibh cuairt ó na scéalaithe Niall De Burca agus Eddie Lenihan agus na scríbhneoirí Oisin McCann agus Sarah Moore Fitzgerald. Ar na himeachtaí eile a raibh tóir orthu bhí ceardlann staire le Michael Moylan, seisiún scéalaíochta, ealaíona agus ceardaíochta agus cuairt ó Bertie an madra San Baernard agus Leas Ainmhithe Luimnigh.

- Chuir Leabharlann Chrois Theach na Foraire seónna ar siúl a raibh an tóir orthu ó Aaron Towers agus Circus Chorcaí.
- Thug an t-údar iomráiteach Michael Smith léacht le léaráidí ar Tom Crean do scoileanna áitiúla ag Leabharlann Thuar an Daill sa Mheitheamh.
- Rinne Leabharlann An Chaisleán Nua ceiliúradh ar Sheachtain na Gaeilge, i gcomhoibriú le bunscoileanna áitiúla, le comóratas oibreacha ealaíona deartha le ceannscríbhinní i nGaeilge orthu.
- Chuir Leabharlann Áth Dara dráma puipéad ar siúl mar chud de cheiliúradh bliantúil Fhéile na Máighe.
- Chuir Leabharlann Mhainistir na Féile sermanas bronnta duaiseanna ar siúl don Chomórtas Ealaíona Fleadh by the Feale san Aibreán. Cuireadh iontrálacha isteach ó gach bunscoil áitiúil agus d'fhreastal slua mór os coinn 150 duine air.

IMEACHTAÍ LEABHARLAINNE CEOIL AG LEABHARLANN AN GRANARY

- Thug Ceathairéad Téadach ConTempo RTÉ sraith ceolchoirmeacha ag am lóin i rith 2015 le slua os cionn 100 ag reastal go rialta ar gach ceann dá gcaidail.
- Rinne An Ghráinseachóstáil ar bhanna nua fuinniúil, Guitarchestra, don Oíche Chúltúir sa Mheán Fómhair. Bhí an grúpa seo de 10 ghiotáraithe óga ag seinm ceoil scannán, teilifíse agus chluichí do lucht éisteachta de os coinn 150 duine.
- Ar na beo-léirithe eile i 2015 bhí coelchoirmeacha ón amhránaí Freddie White agus an Ceathairéad Nua-aimseartha Éireannach.

TAISPEÁNTAIS 2015

- Rinne Leabharlann Chrois Theach na For aire óstáil ar thaispeántas ó Mhúsaem Hunt mar chuid dá gclár Pobail an Chultúir dar teideal A Story to Tell-Maigh Rois. Cuireadh an-spéis sa taispeántas seo go háitiúil.
- Chuir Leabharlann Chill Mocheallóg an 3ú Grúpthaispeántas Ealaíona bliantúil ar siúl i mí Lúnasa. Ceapadh é le léiriú a dhéanamh agus le tacaíocht a thabhairt do chumas cruthaitheach mhuintir an réigiúin, léirigh 13 ealaíontóir saothar ó obair shnáthaide go ceirmeacht, troscán uaschúrsáilte, dealbhóireacht agus péinteáil sa taispeántas dar teideal Cruinniú.
- Sa Mhárta, rinne Leabharlann An Chaisleán Nua óstáil ar thaispeántas saothair ealaíona leis an Ealaíontóir as Greanach, Grace McCarthy agus sa Bhealtaine léiríodh saothar na mac léin VTOS ón Ionad Foghlama ar Feath an tSaoil sa tSeanghualainn.

Peg Prendeville, Leabharlainní Brainse, le roinnt dá cuairteoirí dílse ar an leabharlann.

Féile Leabhar na Leanaí ag Leabharlann Chrois Theach na For aire.

Ceathairéad Téadach ConTempo RTÉ ag seinm ag Leabharlann an Granary.

limerick
2020

OIFIG EALAÍON LUIMNIGH

Toisc go raibh Luimneach mar chéad Chathair Náisiúnta an Chultúir i 2014, táimid ag staid ar leith inár stair agus ár bhforbairt chultúrtha. Bhí Cathair Náisiúnta na Chultúir 2014 ina leagáid chumhachtach do shaoránaigh agus do chleachtóirí agus chuir cultúr i gcorílár an bhonneagair agus na fealsúnachta do na pleananna don Chathair agus don Chontae sa todhchaí.

CREAT STRAITÉISE CULTÚRTHA DO LUIMNEACH

I 2015 tosaíodh ar obair ar Chreat nua Straitéise Cultúrtha do Luimneach, a bhí le plé agus le faomhadh i 2016. Tacaíonn seo le tionscnaimh nua agus le méadú ar lucht féachana ar fud Chathair agus Chontae Luimnigh uile.

TAIRISCINT LUIMNIGH AR A BHEITH MAR PHRÍOMHCHATHAIR CHULTÚIR NA HEORPA 2020

Tá tairiscint Luimnigh ar a bheith mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa (ECoC) 2020 ag croílár na straitéise forbarth cultúrtha. Tá an Oifig ealaíon ar cheann de na pointí tagartha sona iarratas ar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020 tar éis coimeád ar an eolas maidir leis an deis ó 2010 i leith.

Tháinig foireann tairisceana Luimneach 2020 i láthair giúiré na hEorpa i mí na Samhana 2015 agus cuireadh ar ghearrliosta iad mar cheann d'iarratais na hÉireann ar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020, as a roghnófar an buaiteoir i lár 2016.

Tá méadú mór ar an lucht féachana i Luimneach agus den chéad uair tá dian-mheasúnú á dhéanamh, ó Luimneach, Cathair Náisiúnta an Chultúir 2014, maidir leis an tionchar ar na healaíona agus ar chultúr, sa Staidéar Tionchair Shóisialta agus sa Mheasúnacht Tionchair Eacnamaíoch.

Tacaíonn Oifig ealaíon Luimnigh le soláthar a dhéanamh do na healaíona de gach cineál. Bhí tacaíocht roinnte ar na réimsí seo a leanas:

1. Faisnéis agus Comhairle
2. Tacú le forbairt Bhonneagair na nEalaíon
3. Tacaíocht don Ealaíontóir Indibhidiúil
4. Cláreagrú Féilte

Soláthraíonn féilte deiseanna don lucht féachana agus don na healaíontóirí taithí a fháil ar shaothar nua agus ar bhealaí le hobair a dhéanamh agus freagairt do nithe is spéis leis an lucht féachana. Féilte a thagann faoinár gcúram:

- Tionscnamh Fhéile Liteartha Luimnigh (Féile Liteartha Luimnigh in onóir Kate O'Brien, Féile Liteartha agus Ealaíona Éigse Michael Hartnett, Cuisle, Féile Idirnáisiúnta Filíochta Chathair Luimnigh agus SoulScapes).
- Comhpháirtíochtaí féile tríd ár sraith Ealaíona Ógra (Féile Scannán Fresh, Féile Make A Move, Féile Eiliminteach), sraith Rince (Féile Light Moves of Screendance), sraith Ceoil (Féile Snagcheoil Luimnigh, Club Amhránaíochta Iarthar Luimnigh, Deireadh Seachtaine Amhránaíochta Garry McMahon, Féile Idirnáisiúnta Clos-Ealaíona HearSay, Deireadh Seachtaine Amhránaíochta Joyce agus Féile Phíborgáin Luimnigh, sraith na nAmharc-Ealaíona (Eas Géitine an Lae Inniu) agus sraith Ailtireachta (OpenHouse Luimnigh).
- Tudgar tacaíocht do EVA Idirnáisiúnta.

OÍCHE CHULTÚIR

Cuireadh an Oíche Chultúir ba mhó riamh i láthair i 2015 le os coinn cúig imeacht is ochtó. Déantar an Oíche Chultúir a sholáthar ar fud Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus é maoinithe i bpáirt ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Is oíche d'imeachtaí saor in aisce í seo agus bíonn idir óg agus aosta ag freastal ar ionaid chultúrtha Luimnigh agus ó thaobh lucht féachana de tá sí ar cheann de na hoícheanta is mó den bhliain a ndéantar freastal uirthi.

An Clr. Liam Galvin, Méara Chathair Chathair agus Chontae Luimnigh ag seoladh Oíche Chultúir Luimnigh.



Tionscadal Park Kiosk le hAmharclann Wildebeest.

Éigse Michael Hartnett 2015, An Caisleán Nua.

CLÁR EALAÍONA

Ealaóna Ógra (Amharclann Ógra Chontae Luimnigh, Cór Ógra Luimnigh agus an Clár Drámaíochta Ógra), Oideachas (Scéim na nEalaíontóirí i Scoileanna á rith sa Chontae), Rince (Rince Comhtháite agus Ealaíontóir Cónaithe ag Rince Luimnigh), An Clár Ceoil (Sraith Ceolchoirmeacha an Fhómhair Chaisleán Uí Chonaill, Sraith de Cheolchoirmeacha Cheathairéd Contempo RTÉ "taithí 20/20", cór pobail Dhrom Bainne), Amharc-Ealaín (taispeántas bhaill Ormston House, Déantóirí Priontaí Luimnigh), an Clár Liteartha (Féilte) agus an díolaim filíochta bliantúil The Stony Thursday Book, Amharclannaíocht, (HatchLk, bunaithe ag 69 Sráid Uí Chonaill, Scéim Forbartha Ealaíontóra Amharclannaíochta) agus Ailtireacht.

FORBAIRT FOIRME EALAÍNE

- Tacaíocht d'fhéilte mar chuid den fhéilire bliantúil cultúrtha.
- Tacaíocht d'eagraíochtaí atá rannpháirteach i bhfoirmeacha ealaíona.

ACMHAINN CHULTÚTHA CHLEACHTÓIRÍ SAN EARNÁIL A THÓGÁIL: CLÁR OILIÚNA

I 2015 cuireadh le clár oiliúna a tionscnaíodh i gcomhpháirtíocht le Leagáid Amharc-Ealaín agus Coimisiúnú Luimneach, Cathair Náisiúnta an Chultúir 2014, agus soláthraíodh chuig féilte agus cleachtóirí cultúir ar fud na ndisciplíní é. Soláthraíodh oiliúint i gcomhpháirtíocht le Cumann Fhéilte na hÉireann, Amharc-Ealaín na hÉirean, Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh, Gréasán Ceoil, Luimneach 2020, Scoil Mhainistir Ghleann Stail agus Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir.

DEISEANNA A SHOLÁTHAR DO CHÁCH A BHEITH RANNPHÁIRTEACH I GCULTÚR: OIBRITHE DEONACHA

Aithníonn Oifig ealaíon Luimnigh obair luachmhar na n-oibrithe deonacha agus déanadh cohórt d'oibrithe deonacha a fhorbairt as Luimneach, Cathair Náisiúnta an Chultúir 2014 le bheith rannpháirteach sna mórimeachtaí ealaíona agus sna féilte. I 2015 d'oibrigh Oifig Ealaíon Luimnigh le hOibrithe Deonacha na hÉireann le hoibrithe deonacha a aithint agus a oiliúint don Oíche Chultúir agus OpenHouse Luimnigh.

IONAD EALAÍON AN BELLTABLE

Cuireadh Comhaontú Seirbhíse chun cinn le hAmharclann an Lime Tree le feidhmiú mar amharclanna ar feadh cúig bliana ar thaobh sin an fhoirgnimh a bhí mar Chomhar Creidmheasa roimhe sin. I 2015 críochnaíodh oibreacha caipitiúla ar thaobh an Chomhair Chreidmheasa, ag déanamh soláthair do Mhol Ealaíona le spás do chleachtadh, do chruinnithe agus spás oifige.
Tá 69 Sráid Uí Chonaill cláreagraithe anois ag Amharclann an Lime Tree, maoinithe ag an gComhairle Ealaíon agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Is forbairt tábhachtach atá sa chomhoibriú seo i soláthar na n-ealaíon don lucht féachana agus do na healaíontóirí.

FORBAIRT, CUR CHUN CINN LUCHT FÉACHANA AGUS NA MEÁIN SHÓISIALTA

Déanadh lógó nua le féiniúlacht chomhtháite a thabhairt don Oifig Ealaíon a dhearadh agus a sholáthar i 2015. Soláthraíodh comhfheachtas nua margaíochta i gcomhpháirt le Margaíocht Luimnigh do sheacht bhféile fómhair trí Chur Chun Cinn Fhéilte 2015 061 Mheán Fómhair. Tacaíodh le lucht féachana a fhorbairt trí fheabhas a chur ar bhailiú sonraí le comhpháirtíocht nua le hAmharclann an Lime Tree le háirithintí ar líne agus seirbhísí oifige ticéad a sholáthar d'imeachtaí na hOifige Ealaíon.

Is ríomhiris séas´´urach atá i Nuachtlitir na hOifige Ealaíon a sholáthraíonn faisnéis ar imeachtaí ealaíona agus cultúir, deiseanna maoinithe agus oiliúna agus faigheann os cionn 3,379 duine é. Úsáideann an Oifig Ealaíon réimse de na meáin shóisialta le himeachtaí a chur chun cinn, le Facebook (Daoine aimsithe sna 28 lá deireanacha - timpeall 7,596, Lucht leanúna - timpeall 1,295) agus Twitter 5,747.

Seoladh Fhéile Liteartha Luimnigh.

Oíche Chultúir Luimnigh.

Seoladh Fhéile Liteartha Luimnigh.

Oíche Chultúir Luimnigh.

Seoladh Fhéile Liteartha Luimnigh.

Oíche Chultúir Luimnigh.

Éigse An Caisleán Nua.

Seoladh Story Thursday.

Oíche Chultúir Luimnigh.

PUNANN NA BHFOIRGNEAMH EALAÍON FAOI CHÚRAM NA HOIFIGE EALAÍON

Rince Luimnigh, 1-2 Cearnóg Eoin, an chéad urlár, íoslach agus Spás Rince Luimnigh.	Déanann Oifig Ealaíon Luimnigh seribhísí a chomhroinnt le Rince Luimnigh agus Árasáin na nEalíontóirí atá suite os cionn oifigí Rince Luimnigh. Ceadaíonn seo do chéimeanna comhroinnte atá éifeachtach ó thaobh costais.
Árasáin Ealaíontóirí, 1-2 Cearnóg Eoin, urláir 1-2.	Sa tríú bliain acu ag feidhmiú is scéim tacaícohta rathúil atá in Árasáin na nEalaíontóirí. Déantar sé árasán ar mheánmhéid a cheadúnú do chleachtóirí cultúrtha agus tá sias ar fad lán. Tá dhá árasán eile ann d'úsáid ghearrthéarma le tacú le cleachtóirí ar cuairt chuig eagraíochtaí ealaíona sa chathair agus le costais chóiríochta ar na heagraíochtaí ealaíon a laghdú. Tá ardleibhéal éilimh ar an dá scéim.
Stiúideo Ealaíne na Ceapaí Móire	Tá ceithre Stiúideo Ealaíne ceadúnaithe agus tá scéim sparántachta ann le tacú le beogacht ealaíne sa phobal tuaithe agus tacaíocht riachtanach a sholáthar d'ealaíontóirí. Tá na stiúideonna seo lán.
Stiúideo Ealaíne Shráid Shéamais	Ocht stiúideo ealaíontóra. Soláthraíonn Ocht Stiúideo Ealaíontóra in aice le Cearnóg Eoin rochtain 24 uair an chloig ar stiúideonna indibhidiúla. Íocann ealaíontóirí táille ceadúnais in aghaidh na míosa le costas na stiúideonna seo a bhíonn lán a chlúdach.
69 Sráid Uí Chonaill (Belltable roimhe seo)	Amharclann agus oifigí le húsáid ag eagraíochtaí ealaíona. Tá athchóiriú déanta ar iar-Chomhar Creidmheasa an tSáirséalaigh agus é ar intinn Mol Ealaíona a dhéanamh as an bhfoirgneamh iomlán, as an amharclann agus taobh an Chomhair Chreidmheasa.
Miss Alton's Cottage, Gleann Oisín	Tugadh cead pleanála do pháirceáil don teachín, foirgneamh álainn atá liostáilte atá i dtírdhreach sárscéimhe tuaithe Luimnigh Theas. Tá nuachóiriú de dhíth ar an teachín agus tá sin mar sprioc do 2016. Ina dhiaidh sin tá sé ar intinn obair a dhéanamh i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí cultúrtha d'fhonn an teachín a úsáid chun cónaitheachta.
Park Kiosk, Páirc an Phobail	Tar éis an rath a bhí ar an gclár seo le linn Luimneach, Cathair Náisiúnta an Chultúir 2014, tá Oifig Ealaíon Luimnigh ag bainistiú an Park Kiosk stairiúil. Soláthraíonn Cónaitheacht an Park Kiosk spás d'ealaíontóirí, pobail, lucht féachana agus rannpháirtithe. Cuireadh 'Separation' leis an gCompántas Drámaíochta Wildebeest ar siúl sa bhFomhar

Limerick City and County Council
Limerick 2020

COMHAIRLE CATHRACH & CONTAE Luimnigh Limerick CITY & COUNTY COUNCIL

WWW.LIMERICK2020.IE

limerick 2020

limerick 2020

Tagann tairiscint Luimnigh ar bheith mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020 ag am nuair atá an t-údarás áitiúil, institiúidí acadúla, an pobal gnó, agus cleachtóirí cultúrtha agus an pobal i gcoitinne ag obair i dtreo fhíse nua do Luimneach agus dá thodhchaí.

Léiríonn tairiscint Luimnigh 2020 uaillmhian, mórtas, fuinneamh agus plean comhtháite le leas a bhaint as an mbeogacht a bhí le feiceáil i 2014 agus Luimneach a chur i láthair mar chathair chruthaitheach ar féidir léi athbheochan eacnamaíoch ár réigiún a thiomáint. Feictear dúinn go bhfuil acmhainn sa tairiscint seo feabhas a chur ar ár gclú maidir le nuálaíocht agus oideachas. Feictear dúinn go bhfuil deiseanna sa tairiscint le mórtas áite maidir le Luimneach a chruthú agus tógáil air. Tuigtar dúinn go ndéanfadh tairiscint a n-éireodh léi timpeallacht chultúrtha a fhorbairt a bheadh inrochtana do chách.

Baineann Luimneach 2020 le croí cultúrtha na cathrach a fhorbairt in éineacht le hathghiniúint sóisialta agus eacnamaíochta. Léiríonn tiomsú an fhuinnimh, na físe, an fhuinnimh agus an nuálaíocht gur fearr sinn i dteannta a chéile, mar dhaoine, mar chathair agus mar réigiún. #Limerick2020



poppies blow,

Between the crosses
row on row,

That mark our place
and in the sky,

The larks, still brave
singing, fly

Scarce heard amid t
guns below

John McCrae
'In Flanders Fields,'
May 1915

Ag seoladh Stand Up and Fight Taispeántas.

MÚSAEM AGUS CARTLANN LUIMNIGH

Chuir Músaem agus Cartlann Luimnigh sraith de thaispeántais i gcomhpháirt ar siúl i 2015. Léirigh bailiúchán Ludlow saothar an ghrianghrafadóra amaitéaraigh le híomhánna iontacha de dhaoine as Luimneach ag scátáil ar oighear 100 bliain ó shin. Cuireadh an taispeántas ar siúl ar shráid ghloinithe na bhfoirgneamh cathartha.

San Aibreán osclaíodh taispeántas mór ag comóradh ról Luimnigh sa Chéad Chogadh Domhanda. Dhírigh 'Stand Up and Fight' atá á choimeád ag Músaem agus Cartlann Luimnigh ar thraidisiún míleata níos leithne Luimnigh agus comóradh á dhéanamh ar an 4,000 fear as Luimneach ar fuair bás i gceann de na cogaí ba mheasa ar domhan. Mar chuid den tSeachtain Oidhreachta rinne Músaem agus Cartlann Luimnigh óstáil ar mhórléacht le Kevin Myers a dhírigh ar 1915 mar an bhliain ba mheasa maidir le líon na ndaoine as Luimneach a fuair bás sa Chéad Chogadh Domhanda, i Gallipoli agus ar an Fronta Thiar.

Leanann Ceiliúradh a dhéanamh ar lása Luimnigh le bheith mar théama tábhachtach do Mhúsaem agus Cartlann Luimnigh. Tionóladh 'Bring Out Your Lace' i mí Lúnasa nuair a tugadh cuireadh don phobal a gcuid lásaí a thabhairt isteach go ndéanfaí é aithint agus le comhairle a fháil maidir le caomhnú. Bhí ardchaighdeán ag baint le mórán píosaí lása Luimnigh agus ba lása ón gcoigríoch cuid eile, cróise nó lása innill.

CARTLANN LUIMNIGH

In Aibreán 2015 d'fhoilsigh Cartlann Luimnigh City and Cemetery i gcomhpháirtíocht le Coláiste Mhuire gan Smál: *Stair Reilige Chnocán San Labhrás.* Féachann an leabhar ar stair na reilige is mó i Luimneach mar a bhfuil os cionn 70,000 duine curtha. Le os cionn 80 agallamh staire béil agus iad léirith le híomhanna ó albaim theaghlaigh, is leabhar tábhachtach é ar stair shóisialta Luimnigh.

I Márta 2015 sheol Cartlann Luimnigh foilseachán nua dar teideal 'Poem and Place: Limerick and the limerick'. Féachadh den chéad uair ar an nasc idir an bhfoirm filíochta a bhfuil cáil dhomhanda air agus Luimneach mar áit. Tugadh cuireadh do gach bunscoil i gcathair agus i gcontae Luimnigh limerick nua a scríobh le foilsiú agus bheadh na hiontrálacha a mbeadh an bua acu sa leabhar.

MÚSAEM LUIMNIGH

I 2015 bhí líon na gcuairteoirí 40% os cionn na bliana roimhe sin. Cuireadh 308 mír leis an gcatalóg, ar a n-áirítear earraí cuimhneacháin ó 1916 agus Cogadh na Saoirse ó mhuintir Slattery agus Dargan agus nithe ó scoil Naomh Mainchín a dhún i rith na bliana. I rith na bliana sholáthair an músaem íomhánna le naoi leabhar agus cláir theilifíse a léiriú. Le linn na Seachtaine Oidhreachta d'eagraigh an múseam cainteanna agus siúlóidí timpeall ar an gcathair meánaoiseach le maoiniú ó Líonra Bhailte Múrtha na hÉireann.

Bailiúchán Ludlow - Leanaí i Sparr Thuamhan ag Baint Taitneamh as an nGeimhreadh.

An imeacht Bring Out Your Lace i Sheachtain na hOidhreachta.

GAILEARAÍ EALAÍNE CHATHAIR LUIMNIGH (LCGA)

Lean Geailearaí Ealaíne Chathair Luimnigh le réimse éagsúil taispeántas comhaimseartha le 11 taispeántas, ar thaispeántais Aonair iad 7 gcinn acu le os cionn 70 ealaíontóir ag léiriú saothair agus 6 thaispeántas roghnaithe ó Bhailiúcháin Bhuana Ghealearaí Ealaíne Chathair Luimnigh.

Gan amhras ba é buaicphointe na bliana ná léiriú an tsaothair suntasach a crochadh ar stíl "seomra suite" ón mBailiúchán Buan, faoi choimeád ag Paul M O' Reilly. Thug sé deis don ghealearaí freisin ar ceannaíodh le déanaí, nach bhfaca an pobal roimhe seo, a chur i láthair.

Ba iad na Taispeántais a bhí ann ná: *With Bread le Abigail O'Brien-, Excavation le Anthony Haughey; Prints from Life faoi choimeád ag Caitlin Quinn ó Bhailiúchán Póstaeir Michael O'Connor de LCGA; WASTELAND - leis na ehalaíontóirí Seiceacha Eva Koťátková agus Dominik Lang, taispeántas taistil Coimisiúnaithe ag an Project Arts Centre, Baile Átha Cliath agus faoi choimeád agTessa Giblin; Drawings I, ón mBailiúchán Buan; Plan A + PLAN B faoi choimeád ag Suzannah O' Reilly; Líníocht ón mBailiúchán, Shadow Light le Gavin Hogg, GALLERY le Ramon Kassam; Drawings II ón mBailiúchán Buan; AT A TIME le Daphne Wright, EYE BEFORE E EXCEPT AFTER SEE le Vanessa Lopez, Grianghrafadóireacht ón mBailiúchán Buan; The Economy of Appearances le Mark Curran, Ceiliúradh 30 bliain (1985-2015) Bailiúchán Buan Ghailearaí Ealaíne Chathair Luimnigh, faoi choimeád ag Paul M. O'Reilly, The Future is Self-Organised - Artist-Run Spaces faoi choimeád ag Pallas Projects, Visions of Now, taispeántas ghrúpa le hEalaíontóirí Luimnigh.*

In éineacht le clár taispeántais rinne LCGA ceiliúradh ar 30 bliain mar ghailearaí tiomanta le ceiliúradh míosa ar na healaíona agus ar chultúr, 30 Days Hath September, ag eascairt as cathair Luimnigh agus níos faide anonn. D'oibrigh an gailearaí le hOllscoil Luimnigh, Músaem Hunt, Rince Luimnigh, Music Generation, Féile Snagcheoil Luimnigh agus le Ceolfhoireann Aireagail na hÉireann. Áiríodh sa chlár seo freisin ealaíontóirí náisiúnta ar a raibh Paula Meehan agus an Van Burgh Quartet. Bhí na himeachtaí uile saor in aice.

I gcaitheamh na bliana lean LCGA le tacú agus comhoibriú le healaíontóirí agus le heagraíochtaí pobail, leis an Oifig Ealaíon agus le Luimneach 2020. Áiríodh ar an tionscadail:

- A song of the (Urban) Bees comhshaothar le Softday productions agus LCGA
- Féile Make a Move - Clár Ealaíne Uirbeach
- Oíche Chultúir 2015
- Dhá cheadal Nollag

Lean LCGA le hoibriú le heagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta ar a n-áirítear EVA International, Ollscoil Luimnigh, Project Arts, Ionad Ealaíon Iarthar Chorcaí, Highlanes Gallery, Droichead Átha agus Model Arts, Sligeach, Comhairle Náisiúnta na mBan.

Bronnadh an Shinnors Scholar ar Simon Corcoran a thosaigh ar a thaighde i nDeireadh Fómhair 2015; is tionscnamh é seo a bhfuil comhthacaíocht aige ón LCGA agus LIT.

Lean LCGA le clár oideachais agus for-rochtana a sholáthar do scoileanna agus institiúidí acadúla sa chathair.

Lean LCGA le líon na gcuairteoirí a mhéadú le os cionn 80,000 do 2015.

Tá LCGA tar éis dul le clár amharc-ealaíona lucht féachana Here and Now na Comhairle Ealaíon le tacaíocht agus forbairt a dhéanamh ar thaithí an chuairteora. Beidh toradh na suirbhéireachta náisiúnta seo ar fáil i 2016.

Tá LCGA maoinithe ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus ag an gComhairle Ealaíon.

Tá tríúr fostaí lánaimseartha ag an LCGA faoi láthair le 7 cúntóir páirtaimseartha agus an Shinnors Scholar. www.limerick.gallery.ie

Íomhanna den taispeántas i 2015.

Suiteáil na mBailiúchán Buan.

Íocaíocht Cúnaimh Tithíochtas (HAP) HUB

EOGHAN PRENDERGAST
STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSE,
TIONSCDAL H.A.P.

ÍOCAÍOCHT CÚNAIMH TITHÍOCHTAS (HAP) HUB (IONAD SEIRBHÍSÍ IDIRBHEARTA COMHROINNTE)

Is iad Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh príomhúdarás ainmnithe Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach maidir leis an tionscadal HAP agus sa chomhthéacs sin tá mol trasghníomhaíochta seirbhísí comhroinnte á sholáthar do gach údarás áitiúil a oibríonn HAP le linn na tréimhse phíolótach. Is Seirbhís Comhroinnte trasghníomhaíochta náisiúnta atá anseo atá á oibriú ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, ag próiseaíl Íocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta thar ceann gach údaráis áitiúil faoi HAP ar fud na tíre, chomh maith le Feidhmeannas Réigiúnach Bhaile Átha Cliath do Dhaoine gan Dídean.

Tugadh HAP isteach le córas níos comhtháite a sholáthar do thacaíochtaí tithíochta leis an aidhm:

- go gceadófaí rochtain ar gach tacaíocht tithíochta sóisialta tríd an údarás áitiúil
- go gceadófaí don fhaighteoir fostaíocht lánaimseartha a ghlacadh agus a dtacaíocht tithíochta a choimeád

Go mbíonn aon teaghlach a bhíonn incháilithe do thacaíocht tithíochta sóisialta incháilithe do HAP. Déanfar daoine a fhaigheann liúntas cíosa a bhíonn incháilithe do thacaíocht tithíochta sóisialta a aistriú chuig HAP ar bhonn céimnithe.

Déanann HAP Hub réimse idirbheart airgeadais a chomhlíonadh thar ceann gach údarás áitiúil faoi HAP, ar iad na príomhchinn:

- Bunú agus tosú tionóntachtaí HAP
- Cíos míosúil tiarna talún a íoc
- Seiceáil imréitigh cánach
- Bailiú dochair chíosanna difreálacha tionónta do gach tionóntacht
- Bainistiú a dhéanamh ar an bpróiseas bailithe fiachais
- Monatóireacht, athbhreithniú agus cothabháil thionóntachtaí HAP
- Aisghabháil ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Faoi 2020, beidh HAP Hub ag déileáil le 70,000 tionóntacht i ngach údarás áitiúil ar fud na tíre, le súil le hidirbhearta airgeadais €450m.

Bhunaigh an tIonad Seirbhísí Comhroinnte 6,615 tionóntacht HAP ag 31ú Nollaig 2015.

An Fhoireann Íocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta (HAP).

Taisteal agus Iompar agus Comhshaol

KIERAN LEHANE
STIÚRTHÓIR AR THAISTEAL & IOMPAR / COMHSHAOL

TAISTEAL AGUS IOMPAR

- Clár Oibreacha Bóthair 2015
- Feabhsú Sábháilteachta ar Chostas Íseal
- Oibreacha ar Struchtúir/Droichid 2015
- Seirbhís Chothabhála & Oibríochtaí
- Uasghrádú ar Chosaint ar Thuilte (CFRAMS)
- Creat do Straitéis Ghluaiseachta Dúiche Chathrach Luimnigh
- Taisteal Níos Cliste/Inbhuanaithe
- Sábháilteacht ar Bhóithre
- Táscairí Seirbhíse 2015

COMHSHAOL

- Infreastruchtú Dramhaíola
- Údarú um Bainistiú Dramhaíola ar an nÁirítear Deonú agus Deimhniú
- Glanadh Sráide / Páirceanna & Gairneoireacht
- Scéim Fóirdheontais maidir le Bailiú Táillí Bruscair
- Reiligí
- Oibreacha Caomhnaithe
- Searmanas Bronnta Reiligí
- Seirbhísí Tréidliachta
- An Fhoireann um Rialú ar Thruailliú agus Cáilíochta Uisce
- Cáilíocht Uisce agus an Creat-treoir Uisce
- Dea-Chleachtas Talmhaíochta
- Ceadúnú Diúscartha
- Cigireacht ar Dhabhcha Séarachais
- Cur Chuige Pobail maidir le Bainistíocht Abhann
- Cáilíocht an Aeir
- Torann
- Táscairí Seirbhíse

CLÁR OIBREACHA BÓTHAIR 2015

ROADS PROGRAM 2015

Cuireadh clár fairsing cothabhála ar bhóithre ar chostas breis agus €20 milliún i bhfeidhm ar fud na Cathrach agus an Chontae i rith 2015, ó phaisteáil ar mhionbhóithre, deisiú cosán agus cóiriú dromchla go scéimeanna níos fairsinge atógála agus forleaghta bóthar.

Tá maoiniú náisiúnta ar chothabháil bóithre níos lú ná mar a bhí le 15 bliain agus tugann ár n-innealtóirí tosaíocht do scéimeanna mar a bhfuil an gá is mó le deisiú i gceist i ndiaidh suirbhéireachtaí agus measúnú fairsing ar riocht na gcosán. Déanadh forleagadh ar timpeall 3 km de bhóithre ag 23 láthair sa Chathair agus críochnaíodh cóiriú dromchla ar timpeall 82km ag 97 láthair ar fud an chontae agus cuireadh scéimeanna athchóirithe i bhfeidhm ar timpeall 80km de bhóithre ag beagnach 100 láthair. Ar na scéimeanna móra a críochnaíodh i rith 2015 áirítear Sheanbhóthar na Creatalaí, Gairdíní Lansdún agus an R518 ag Brú Rí.

Cuireadh roinnt oibreacha bóthair agus scéimeanna maolaithe tuilte ar aghaidh chuid staid deartha i rith 2015.

Maolú ar Thuilte Oileán an Rí

Ceapadh Arup Consultants le tosú ar obair dheartha ar chéimeanna a bheadh le glacadh le cosc a chur ar thuilte mar a tharla in Oileán an Rí i 2014 a tharlú arís.

Maolú ar Thuilte sa bhFaing

Críochnaíodh miondearadh na scéime seo i 2015 agus fógraíodh an tairiscint do chonradh na n-oibreacha d'fhonn Conraitheoir a cheapadh i 2016.

Maolú ar Thuilte Eas Géitine

Ceapadh comhairleoirí i 2015 agus tosaíodh ar réamhdhearadh scéime.

Oibreacha Bóthair Mhungairit

Cuireadh an scéim seo ar aghaidh trí Chuid VIII den phróiseas Pleanála. Críochnaíodh miondearadh na scéime agus bronnadh an conradh tógála ar Fox Civil Engineering ar chostas foriomlán tionscadail timpeall €4. Tosófar ar an tógáil go luath i 2016.

Athnuachan Shráidbhaile Thobar Phádraig

Ceapadh comhairleoirí le tosú ar scéim athnuachana sráidbhaile a dhearadh do Thobar Phádraig.

Sr. Parnell / Sr. an Dáibhisigh / Sr. Wickham

I ndiaidh faomhadh a fháil ar nós imeachta Pleanála Chuid VIII ag deireadh 2015, tosaíodh ar mhiondearadh na scéime seo agus táthar ag súil leis go mbronnfar Conradh agus go dtosófar ar oibreacha i 2016.

Uí Chuanach Cnoc an Lisín

Déanadh cul chun cinn ar thalamh a cheannach don scéim seo. Críochnaíodh miondearadh na scéime agus táthar ag súil leis go bhfógrófar an Tairiscint don chéad chuid den Chonradh i 2016 agus go dtosófar ar an obair roimh dheireadh 2016.

Obair ar athdhromchlú bóthair ar Shráid Newenham.

Sráid-dreach molta do Shráid an Dáibhisigh.

FEABHSÚ SÁBHÁILTEACHTA AR CHOSTAS ÍSEAL

Soláthraíodh Feabhsú Sábháilteachta ar Chostas Íseal ag na láithreacha seo a leanas:
R818 Gráigín, Eas Géitine
R519 Lios an Mhóta, Baile an Gharraí
R527 Bóthar Thiobraid Árann
R445 Bóthar an Oileáin
L1144 Ros Uí Bhriain
R858 Baile an tSrutháin
R445 Tobar na Pingine/Sráid an Chláir

OIBREACHA AR STRUCHTÚIR/ DROICHID 2015

Déanadh obair athshlánaithe ar 9 ndroichead i gCathair & i gContae Luimnigh i 2015. Bhí 5 de na struchtúir seo ar Bhóithre Áitiúla agus 4 ar Bhóithre Réigiúnacha. Bhain na príomhoibreacha deisiúcháin le ballaí ascaill stua, bíomaí ciumhaise, bairillí áirse agus teanntaí. Déanadh na hoibreacha ag na láithreacha seo a leanas.

Dún Catha, Seanghualainn
Gort na Cistean, An Dún
Fairy Hall, Montpelier
Port an Ard, An Cheapach Mhór
Cloch na Manach, Feadamair
Neantanán, Ráth Caola
Currach na Mallacht, an tSeanmhuileann, An Caisleán Nua
Droichead Leamhchoille

SEIRBHÍS CHOTHABHÁLA & OIBRÍOCHTAÍ

Freagairt do Thuilte an Gheimhridh

Bhí geimhreadh 2015 ar cheann de na cinn ba fhliche atá ar taifead le cuid de na stáisiúin aimsire ag taifead dhá uair gnáthbháisteach an gheimhridh. Bhí a thionchar sin i Luimneach le tuilte forleathan ó aibhneacha agus sruthchúrsaí eile le tuilte ar bhóithre agus ar thailte dá bharr. Bhí an tionchar ba mheasa ar an gceantar idir Cora an Phairtín agus Cathair Luimnigh leis na tuilte ba mhó ag Cora an Phairtín á scaoileadh isteach sa tSionainn íochtarach ag an ESB.

Thosaigh freagra na Comhairle ar na tuilte seo ag deireadh na Samhna agus de bharr ceann de na geimhrí ba fhliche ar feadh tréimhse fhada go dtí seo, d'fhan uiscí na dtuilte ag leibhéal ard go stairiúil sa tSionainn agus a craobh-aibhneacha. Tháinig líon mór stoirmeacha in éineacht leis an aimsir fhliuch seo i mí na Nollag ar a n-áirítear Stoirmeacha Desmond, Eva agus Frank. Bhí an fhreagairt don na tuilte ar fud an Chontae ach díríodh ach go hárithe ar an gceantar idir Cathair Luimnigh agus Cora an Phairtín ar a n-áirítear sráidbhailte Chaisleán Uí Chonaill agus Montpellier de bharr diúscartha uisce Tuile ag Cora an Phairtín. Tharla tuilte ar réadmhain i roinnt láithreach ar a n-áirítear Áth an Choite agus An Corrbhaile, mar sin féin bhí freagra agus eolas Fhoireann na Comhairle, go háirithe i gceantar Áth an Choite, go hiontach maidir le tionchar na dtuilte ar na pobail a laghdú agus tá seo aitheanta ag muintir na háite.

Droichead an Phortáin Ard L1127.

Droichead na Leamhchoille L6106.

Tuile sa tSionainn ag Caladh an Treoigh.

Oibrithe na Comhairle ag freagairt do thuilte sa Chathair.

Leis an tréimhse drochaimsire leanúnach i gcaitheamh an gheimhridh seo déanadh damáiste suntasach don infreastruchtúr ar a n-áirítear bóithre, droichid, cosaintí ar thuilte agus ballaí agus céanna cois cósta. Chuir an Stiúrthóireacht liosta le chéile de bhóithre agus struchtúir a ndearna tuilte damáiste dóibh le bille deisiúcháin measta os cionn €6.0 milliú agus cuireadh seo faoi bhráid an DTTAS le maoiniú a dháil agus táthar ag súil leis go dtosóidh clár oibreacha deisiúcháin i 2016.

UASGHRÁDÚ AR CHOSAINT AR THUILTE (CFRAMS)

Is gníomhaireacht atá in Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) atá chun tosaigh i mbainistíocht tuilte in Éirinn agus is údarás inniúil náisiúnta atá ann do Threoir an AE maidir le Tuilte. Oibríonn an OPW i ndlúth-chomhpháirtíocht le gach Údarás Áitiúil maidir le cuspóirí an Chláir CFRAM a sholáthar. Is é atá i CFRAM Measúnú agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuitle Dobharcheantair.

Tá clár náisiúnta C lárnach don straitéis meán agus fadtéarma maidir le laghdú agus bainistiú riosca i gcás tuilte agus tá sé beagnach críochnaithe anois. Tá an staidéar tar éis roinnt láithreacha a aithint ar fud Luimnigh atá leochaileach ó thaobh tuilte de. Cuireadh Scéim Faoisimh ó Thuilte Oileán an Rí ar aghaidh faoin gclár seo agus ceapadh Arup

Léaráid Ealaíontóra den Bhalla nua Cosanta ar Thuilte ag An Plás Úrghlas.

Consulting Engineers don scéim seo i 2015. Tá réamhdhearadh ag dul ar aghaidh de réir sceidil agus táthar ag súil leis go gcuirfear EIS do Scéim Oileán an Rí chuig An Bord Pleanála i 2017, leis na príomhchosaintí ar thuilte á dtógáil i ndiaidh dóibh cead pleanála a fháil.

Tá conradh tosaigh faoi láthair ag comhairliúchán Chuid VIII, ag áireamh bhalla cosanta ar thuilte ag an bPlás Úrghlas. Faoi réir dheimhnithe ar Chuid VIII tógáil tá Balla Cosanta ar Thuilte an Phláis Úrghlas sceidealta le críochnú faoi dheireadh 2016.

CREAT DO STRAITÉIS GHLUAISEACHTA DÚICHE CHATHRACH LUIMNIGH

Críochnaíodh Creat do Staidéar Gluaiseachta Luimnigh i rith 2015 ag obair go dlúth leis an Údarás Náisiúnta Iompair. Ba é príomhchuspóir an staidéir forbairt a dhéanamh ar fhís fhadtéarma do Limistéar Cathrach Luimnigh maidir le hinrochtaineacht, soghlusiteacht agus inbhuanaitheacht agus sraith de chéimeanna cuimsitheacha a aithint le huasghrádú a dhéanamh ar an líonra iompair retha thar thréimhse 5 bliana. Cuirter béim ar leith ar thosaíocht a thabhairt agus éascú a dhéanamh ar ghluaiseacht trí bhealaí iompair inbhuanaithe do choisithe, rothaíocht agus iompar poiblí agus ar Chathair Luimnigh a bhunú mar cheann scríbe mór siúlóide agus rothaíochta do shaoránaigh agus do chuairteoirí araon á chinntiú go mbíonn sé éasca dóibh gluaiseacht thar timpeall.

TAISTEAL NÍOS CLISTE/ INBHUANAITHE

Leanadh le hoibreacha i 2015 faoin tionscnamh Taisteal níos Cliste. Oibreacha Infreastruchtúir a críochnaíodh i 2015; thug An Bord Pleanala cead go dtosófaí ar obair ar an mBealach Suaitheanta 2 Rothaíochta agus Siúlóide a chruthóidh nasc Idir Ollscoil Luimnigh agus an Chathair; tá conradh tugtha don obair a bheidh críochnaithe ag deireadh an tsamhraidh i 2016. Le ceadú do Chríochnú Bhealach 2 Nasc 1 céim 2 Páirceanna na Sionainne, cheannaigh LST an cosán a bhí ann agus cheadaigh sin go dtosófaí ar an gcuid deireanach den obair i nDeireadh Fómhair 2015 a bheidh críochnaithe in Eanáir 2016. Tugadh córas nua bainistíochta tráchta isteach ag Droichead na Páirce.

Críochnaíodh Bealach 3 Glasbhealach Comharsanachta na Réabóige i nDeireadh Fómhair 2015 ar a raibh céimeanna maolaithe tráchta, cosáin, soilsiú agus comharthaíocht nua agus luasteorainn laghdaithe go dtí 30KM.

Críochnaíodh obair fheabhsaithe infreastruchtúir do Bhealach 4 i gceantar Caladh an Treoigh/An Baile Nua i bhFómhar 2015 agus áiríodh feabhas ar 12 acomhal, 10 T-acomhal, maolú tráchta agus 2 thimpeallán taispeána a dearadh de réir dea-chleachtais reatha agus an Lámhleabhar Náisiúnta Rothaíochta inar áiríodh lána rothaíochta scartha ón mbóthar laistigh de lánaí imrothlacha na dtimpeallán. Tógadh acomhal nua bus/rothaíochta ag ionad siopadóireachta An Bhaile Nua.

Tá líon na gcuideachtaí a ghlac páirt sa Chlár Ionaid Oibre agus Campais tar éis méadú go 11, suas ó 8 i 2014, le os cionn 32,000 fostaí agus mac léinn rannpháirteach anois i bPlean Gníomhaíochta Taistil a fhorbairt.

Tá Taisteal Níos Cliste Luimnigh páirteach freisin leis an Rannóg Pleanála ag an staid réamhphleanála le

Trasrian ar ardchaighdeán do Choisithe ag Sráid Mhala Íochtarach.

Bealach 4 Caladh an Treoigh.

comhairle a thaibhairt ar phleananna bainistíochta soghluaisteachta. Déantar pleananna bainistíochta soghluaisteachta, ar chuid d'iarratas pleanála iad, a thagairt do Thaisteal níos Cliste Luimnigh, le tuairim a fháil, agus go dtí seo bhí coinníollacha ag baint le 20 cead a tugadh a bhain le bainistíocht soghluaisteachta.

Ó tosaíodh an tionscadal bhí rannpháirtíocht leanúnach ann leis an bpobal, cuireadh oiliúin tar 14 oibrí deonach ó 10 bpobal ar chothabháil rothar, agus bíonn laethanta rialta cothabhála rothar acu dá bpobal áitiúil.

Bheartaigh agus d'eagraigh Taistean níos Cliste Luimnigh an Fhéile Rothaíochta BeSPOKE le linn Sheachtain Náisiúnta na Rothar 2015. Áiríodh anseo sraith imeachtaí deireadh seachtaine á rith ag LST ar fud na cathrach leis an mbuaicphointe ag an Teaghlach Cois Abhann a bhí ar siúl ar an Satharn 21ú Meitheamh le 550 rothaí ag freastal air. Lean an bealach rothaíochta an bealach 8km céanna le 2014, ag críochnú ag an gclárchosán nua ag Cé na Cathrach. I ndiaidh na rothaíochta bhí siamsaíocht agus sólaistí ag Cé Uí Uallaigh agus Cé na Cathrach agus b'iontach an imeacht do theaghlaigh é.

SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Scéim na Maor Scoile Sóisearach

Lean Maoir Scoile Sóisearach bhunscoileanna Ráth Caola & Bhaile an Londraigh le háiseanna sábháilte tarsnaithe a sholáthar dá gcomhscoláirí i rith 2015. Baineann an rath atá ar an scéim atá ag feidhmiú sa Chontae ó 1975 le tiomantas agus díograis na ndaltaí, na dutuismitheoirí, na múinteoirí agus na nGardaí.

Tionscadal Tarrthálaí

Leanadh le tionscnamh an Tionscadail Tarrthálaí, faoi threoir An Garda Síochána agus le tacaíocht

Maoir Scoile Sóisearach Bhaile an Londraigh 2015.

Páirtithe Leasmhara an Tionscadail Tarrthálaí.

ó Sheirbhís Otharchairr Luimnigh, an FSS, Seirbhísí Dóiteáin Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus Rannóga Sábháilteachta ar Bhóithre Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i rith 2015 le dhá chur i láthair ag an Southcourt Hotel, An Ráithín ar an 10ú & 11ú Samhain, 2015.

Bhí an ghlacadh ag institiúidí dara & tríú leibhéal leis an gclár sa Chathair & sa Chontae agus é anois mar chuid den chlár idirbhliana. Tá méadú ag teacht i gcónaí ar an lucht freastail le figiúirí ag baint 1800 dalta dara leibhéal & Ógtheagmhála amach i rith 2015. Fuair imeacht 2015 clúdach ar na meáin náisiúnta. Is cuntas an-díreach atá sa Tionscadal Tarrthálaí ar fhírinne Shábháilteacht ar Bhóithre in Éirinn inniu le mic léinn a bhí rannpháirteach sa chlár ag fáil eolais agus chomhairle choscrach maidir le baol agus torthaí thimpistí bóthar.

Oiliúint Sábháilteachta Rothaíochta

Ba bhliain an-rathúil í 2015 arís don chlár Sábháilteachta & Scileanna Rothaíochta le 607 dalta ó seacht mbunscoil déag ar fud an Chontae rannpháirteach ann. Tugann an clár tuiscint do leanaí ar theoraic sábháilteachta rothaíochta, ar chúram rothar agus ar shábháilteacht phraiticiúil rothaíochta, a chuirtear ar siúl ar thailte na scoileanna agus é ar intinn go mbeadh sé ag teacht le clár ama na scoile. Faigheann an clár fóirdheontas ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus faigheann sé maoiniú freisin ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.

An Coiste Sábháilteachta le Chéile ar Bhóithre

Tháinig an Coiste Sábháilteachta le Chéile ar Bhóithre, ar a bhfuil ionadaithe ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, An Garda Síochána, an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, Rothaíocht Luimnigh, Ollscoil Luimnigh, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le chéile ar dhá ócáid i rith 2015 le plé a dhéanamh ar cheisteanna mar:-

- Iompar Poiblí/Taisteal níos Cliste.
- Luasteorainneacha
- Timpistí
- Oideachas ar Shábháilteacht ar Bhóithre
- Bainistíocht Tráchta ag Éigeandálaí
- Sláinte agus Sábháilteach
- Fógairt na gclár
- Plean um Shábháilteacht ar Bhóithre.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL 2015

Bóithre: R1 & R2

% Ciliméadar de bhóithre Réigiúnacha le rátáil PSCI	59.00 %
% Ciliméadar Príomhbhóithre áitiúla le rátáil PSCI	94.00 %
% Ciliméadar de Bhóithre áitiúla den dara grád le rátáil PSCI	95.00 %
% Ciliméadar de Bhóithre áitiúla den tríú le rátáil PSCI	60.00 %
% de bhóithre Réigiúnacha a fuair rátáil PSCI i rith 2015	38.00 %
% Ciliméadair uile de bhóithre Réigiúnacha le rátáil PSCI de 1-4	0.00 %
% Ciliméadair uile de bhóithre Réigiúnacha le rátáil PSCI de 5-6	9.00 %
% Ciliméadair uile de bhóithre Réigiúnacha le rátáil PSCI de 7-8	36.00 %
% Ciliméadair uile de bhóithre Réigiúnacha le rátáil PSCI de 9-10	14.00 %
% Ciliméadair uile de Phríomhbhóithre le rátáil PSCI de 1-4	3.00 %
% Ciliméadair uile de Phríomhbhóithre le rátáil PSCI de 5-6	21.00 %
% Ciliméadair uile de Phríomhbhóithre le rátáil PSCI de 7-8	59.00 %
% Ciliméadair uile de Phríomhbhóithre le rátáil PSCI de 9-10	11.00 %
% Ciliméadair uile de Bhóithre den dara grád le rátáil PSCI de 1-4	5.00 %
% Ciliméadair uile de Bhóithre den dara grád le rátáil PSCI de 5-6	32.00 %
% Ciliméadair uile de Bhóithre den dara grád le rátáil PSCI de 7-8	51.00 %
% Ciliméadair uile de Bhóithre den dara grád le rátáil PSCI de 9-10	7.00 %
% Ciliméadair uile de Bhóithre den tríú grád le rátáil PSCI de 1-4	16.00 %
% Ciliméadair uile de Bhóithre den tríú grád le rátáil PSCI de 5-6	26.00 %
% Ciliméadair uile de Bhóithre den tríú grád le rátáil PSCI de 7-8	17.00 %
% Ciliméadair uile de Bhóithre den tríú grád le rátáil PSCI de 9-10	1.00 %
A1. Ciliméadair de bhóithre réigúnacha a neartaíodh ag úsáid deontais feabhsúcháin bóthair	11.9 km
A2. Méid Deontais Feabhsúcháin bóthair Réigiúnach	€6958200.00
B1. Líon na gCiliméadar de bhóithre réigiúnacha athshéalaithe ag úsáid deontais Chothabhála Bóithre	v15.2 km
B2. Méid Deontais Chothabhála Bhóithre Réigiúnacha	€1750956.00

Mótarcháin: R3

% na n-idirbheart mótarchánach ar líne	56.93 %

COMHSHAOL

Clúdaíonn an Roinn Comhshaoil réimse leathan gníomhaíochta ar a n-áirítear dramhaíl, bruscar, feasacht chomhshaoil, glanadh sráide, páirceanna, áiteanna súgartha, reiligí, seirbhísí tréidliachta, truailliú agus cáilíocht uisce.

INFREASTRUCHTÚ DRAMHAÍOLA

Feidhmíonn an t-aonad infreastruchtúir réimse iomlán saoráidí pobail agus inmheánach. Ar chuid de na seirbhísí sa réimse seo áirítear:

(1) 2 Líonadh Talún ceadúnaithe ag staid iarchúraim ag An Cosán Fada agus Gort an Droma agus 26 Líonadh Talún Stairiúil (iar-láithreacha á bhfeidhmiú ag an gComhairle)
(2) Déanann 5 Ionad Taitneamhachtaí Pobail atá suite ag Mungairit, Cill Mocheallóg, An Caisleán Nua, Iosta Bhóthar na Páirce agus Líonadh Talún Ghort an Droma freastal ar athchúrsáil réimse cuimsitheach ábhar ar a n-áirítear dramhaíl ghlas, adhmad agus nithe níos mó mar earraí bána agus troscán.
(3) 64 Ionad Fág Anseo suite ar fud Luimnigh d'athchúrsáil Ghloine, Channaí agus Teicstíle
(4) 1 ionad dramhaíola go fuinneamh ag Líonadh Talún Ghort an Droma a chuireann 1 MW leictreachais ar fáil ó ghás líonadh talún. Feidhmíonn an láthair freisin mar stáisiún aistrithe dramhaíola

RIALACHÁIN DRAMHAÍOLA ÚDARÚ AR A N-ÁIRÍTEAR DEONÚ AGUS DEIMHNIÚ

Tá líon mór láithreán údaraithe dramhaíola i Luimneach atá á rialú faoi rialacháin éagsúla faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola ar a n-áirítear:

Ceadúnais agus Teastais Chláraithe Saoráide Dramhaíola

- Bhí 52 Ceadúnas Saoráide Dramhaíola/Teastas Cláraithe gníomhach ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ann ag deireadh 2015. Is do phróiseáil nó d'aistriú dramhaíola - ithir agus clocha, páipéar, muirín, feithiclí i ndeireadh saoil agus dramhaíl dá leithéid m.sh. miotal conamair iad na láithreacha seo. Déanadh cigireacht/iniúchadh ar 28 de na saoráidí seo i 2015. Déanadh 21 athbhreithniú nua ar Cheadúnais/Clárú Saoráide Dramhaíola i 2015.

Rialacháin um Phacáistiú

- Eisíodh 4 Féin-Chomhlíontóirí Pacáistithe agus déanadh iniúchadh orthu le 18 eile ag dul le Repak - an scéim náisiúnta comhlíonta. Líon iomlán clárú i Luimneach = 316 áitreabh.

Dreamhthrealamh Leictreach agus Leictreonach agus Cadhnraí Dramhaíola

Rinne Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh údarú ar 13 pointe bailithe sealadach i 2015. Chuir na pointí bailithe leis an "Tógáil ar Ais" de WEEE/Cadhnraí ag ionaid athchúrsála agus asraonta mhiondíola.

Dramhbhia Tráchtála

- Déanadh cigireacht ar 40 áitreamh tráchtála a dhéanann bia a tháirgeadh .i. bialanna, bialanna mearbhia agus óstáin.

Dramhaíl Talmhaíochta

- Eisíodh 126 cead d'fheirmeoirí dramhaíl ghlas talmhaíochta a dhó.
- Rinne an Chomhairle údarú ar 8 ionad bailithe Phlaisteach Feirme mar ar bailíodh 1,500 tona dramhaíola plaisteach feirme.

Fuíollábhar Tógála agus Scartála

- Déanadh 32 cigireacht maidir le gníomhaíochtaí bainistíochta dramhaíola ar láithreáin thógála. Éilíonn na próiseas eo go gcuirfeadh an forbróir plean isteach le himlíne ar an gcineál dramhaíola atá á ghiniúint agus conas a bhíonn sé beartaithe sin a bhainistiú.

Bailitheoirí Dramhaíola Údaraithe

- Bhí a gceanncheathrú oifige i Luimneach ag 96 bailitheoir dramhaíola údaraithe ag deireadh 2015. Déanadh cigireacht/iniúchadh ar 13 acu i 2015.

Comhfhreagras maidir le Forfheidhmiú Dramhaíola

Fuarthas 783 gearán madiir le dramhaíl i rith 2015. Eisíodh 125 litir fholáirimh agus 287 fógra reachtúil. Tionscnaíodh 41 ionchúiseamh a bhain le dramhaíl i 2015.

Bainistíocht Bruscair

Bhain Cathair Luimnigh an rátáil 'Glan de Réir Norm Eorpach' i nGnó na hÉireann in aghaidh Bruscair amach do 2015

I rith 2015, lean foireann Bainistíochta Bruscair Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le forálacha na nAchtanna um Thruailliú ó Bhruscar, na nAchtanna um Bainistiú Dramhaíola in éineacht le Fodhlíthe Chomhairle Contae Luimnigh maidir le "Cur i Láthair, Stóráil & Scarúint chun críche dheireach chúrsa de "Bháiliú Dramhaíola Tí agus Tráchtála" agus Fodhlíthe Chomhairle Cathrach Luimnigh maidir le "Cur i Láthair agus Bailiú Dramhaíola Tí agus Tráchtála". Aithnítear go bhfuil polasaí éifeachtach forfheidhmithe in éineacht le sprioc-ghníomhaíochtaí feasachta riachtanach d'fhonn iompar a athrú, le laghdú dá réir ar mhéid an bhruscair a ghintear i Luimneach.

- Déanadh 2,099 gearán maidir le bruscar agus dramhaíl a thaifead ar bhunachar sonraí na Rannóige Comhshaoil i rith 2015.
- Eisíodh os cionn 558 fíneáil ar an láthair ar chionta a bhain le bruscar.
  Ba é an ioncam iomlán ó fhíneáil ar an láthair ná breis agus €36,000.
- D'éirigh le 27 ionchúiseamh de chuid na Comhairle maidir le neamhíoc fhíneálacha i 2015.
- Eisíodh fíneálacha freisin faoi na Fodhlíthe a bhaineann le Cur i Láthair Dramhaíola.
- Déanadh oibreacha glanta ag "Siocracha Móra Bruscair" agus cuireadh comharthaí "Ná Déantar Dumpáil" in airde ag láithreacha agus ar bhealaí ar a mbíonn dumpáil neamhdhleathach. Ina theannta sin, cuireadh aonaid CCTV in airde ag suíomhanna roghnaithe, nuair ab fhéidir é.

Áirítear ar an bhFoireann Bruscair cúigear Cigire Comhshaoil a bhíonn ar dualgas sa Chathair agus sa Chontae.

Plean Bainistíochta Bruscair 2015 -2018

Ghlac an Chomhairle leis an bPlean Bainistíochta Bruscair 2015-2018 i Meán Fómhair 2015. Cuireadh béim sa Phlean seo ar chur chuige dea-chleachtais maidir le:

- íoslaghdú a dhéanamh ar bhruscar sa chéad áit,
- feasacht a chruthú maidir le bruscar,
- oibriú i gcomhpháirtíocht le grúpaí ábhartha gnó, cumainn áitritheoirí, grúpaí na mbailte slachtmhara agus grúpaí pobail agus le scoileanna agus saoránaigh na Cathrach agus an Chontae le feabhas a chur ar bhainistiú dramhaíocha agus ar fhorfheidhmiú na reachtaíochta maidir le bruscar.

Déantar athbhreithniú gach bliain ar an bPlean Bainistíochta Bruscair agus cuirfear tuarascáil ar an bPlean faoi bhráid na Comhairle d'fhonn é a mheas.

Feachtas Feasachta ar Shalú ag Madraí

- Chuir an Rannóg Comhshaoil feachtas eile ar bun dírithe ar úinéirí madraí a spreagadh le glanadh i ndiaidh a n-ainmhithe a bhíonn ag salú in áiteanna poiblí.
- Thug foireann an fheachtais cuairt ar lár na cathrach agus a purláin, ar bhailte agus sráidbhailte ar fud Luimneach agus rinne siad sluaistíní caca, málaí "indíghrádaithe", bileoga eolais, etc. a leithdháileadh.

Feasacht

Ba bhliain ghnóthach eile í 2015 d'Fheasacht Chomhshaoil i gCathair agus i gContae Luimnigh.

- Tá 176 scoil cláraithe le clár Scoileanna Glasa An Taisce. Tá brat Glas ag 144 Scoil.
- Bhí 65 múinteoir rannpháirteach i Seimineár Bliantúil na Scoileanna Glasa sa Deireadh Fómhair.
- Coimeádann an Rannóg Comhshaoil cuntais Facebook agus Twitter.
- Rannpháirtíocht i líonra an LAPN le 'Tionscadal na mBuidéal Uisce Ath-Inúsáidte Chlub Rámhaíochta Mhichíl'.
- Cuireadh 2 Cheardlann Pobail ar Chosc a chur ar Dhramhaíl agus Éifeachtúlacht Acmhainn ar siúl sa phobal.
- Ceardlann ar mhúiríniú sa bhaile agus ar chosc a chur ar dhramhaíl bia le linn na Seachtaine Foghlama ar Feadh an tSaoil.
- Cuireadh Seimineár na mBailte Slachtmhara ar siúl i mí Feabhra le cabhrú le grúpaí na mBailte Slachtmhara ar fud na Cathrach agus an Contae.
- Cuieadh feachtas Going for Gold Luimnigh ar siúl i gcomhar le Fondúireacht Charthanachta JP McManus. Tá sé mar aidhm ag an bhfeachtas go mbeadh Luimneach ina háit níos gile, níos fearr agus níos glaine le cónaí agus le hoibriú inti. Ba é buaiteoir foriomlán Going for Gold 2015 ná Caisleán Uí Chonaill. Fuair Áth Dara an bua sa Chatagóir Luimneach faoi Bhláth.
- Bhí os cionn 10,054 oibrí deonach thar ceann

Cúplaí ó Bhunscoil Corpus Christi, Maigh Rois, Patricia agus Bridget Kerrigan le Cártaí Nollag Fairtrade a bhí deartha ag Patricia.

Ceiliúradh lae breithe Fair Trade ag an Strand Hotel, Bóthar na hInse, Luimneach.

Áitritheoirí Chaisleán Uí Chonaill ag fáil an chéad duais i Going for Gold 2015 Luimnigh.

Gordon Daly, Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Noel Earlie agus Joe Clery, Coiste Stiúrtha Fhoireann Ghlanta Luimnigh ag craobh Going for Gold Luimngih.

An Clr. Liam Galvin, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh agus Helen O'Donnell, Cathaoirleach, Bailte Slachtmhara Lár na Cathrach Luimneach ag seoladh Fheachtais Ghuma-Bhruscair Luimnigh.

An Clr. Liam Galvin, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, Sinead McDonnell, Oifigeach Feasachta Comhshaoil, Pauline McDonagh, SWMRO, Helen O'Donnell, Cathaoirleach, Bailte Slachtmhara Lár an Cathrach, Luimneach, agus Club Rámhaíochta Mhichíl ag cur athúsáide buitéal uisce chun cinn.

Ag baint taitneamh as an ngrian ag seoladh an Fheachtais in aghaidh Salú ag Madraí.

Paul O'Connell, laoch rugbaí agus áitritheoirí Luimnigh sa phictiúr le linn Fheachtais Ghlanta Fhoirne Luimnigh.

JP McManus agus áitritheoirí Luimnigh le linn Fheachtais Ghlanta Fhoirne Luimnigh.

200 eagraíocht rannpháirteach sa bhFoireann Glanta Luimnigh ar ionann é agus 20,108 uair an chloig de bhailiú bruscair ar Aoine an Chéasta 2015. Ghlan trucailí Mr Binman comhionann agus araid rothaí 4,000, 240 lítear de bhruscar TLC i málaí. Tugadh tae, caife agus crosbhorróga do na hoibrithe deonacha ag 66 láthair ar fud an chontae.

- Cuireadh Foireann Ghlanta Luimnigh a thaifead mar imeacht faoin nGlantachán Náisiúnta Earraigh. Bhí imeachtaí eile de chuid an Ghlantacháin Náisiúnta Earraigh ar siúl freisin. Sholáthair an Chomhairle lámhainní, málaí agus piocairí bruscair agus rinne an bruscar i málaí a bhailiú.

GLANADH SRÁIDE / PÁIRCEANNA & GAIRNEOIREACHT

Bhí bliain eile an-ghnóthach ag foirne na bPáirceanna, Tírdhreachadh agus Glanta i 2015.

Glanadh Sráide

- Leanadh le seirbhís laethúil scuabhta sráide agus bailithe dramhaíola a sholáthar le stádas IBAL "Glan de réir Norm na hEorpa" á choimeád ag Luimneach.
- Sholáthair criúnna glanta sráide cúnamh fairsing do na himeachtaí Going for Gold, na Bailte Slachtmhara, Foireann Ghlanta Luimnigh agus an Glantachán Náisiúnta Earraigh.
- Bhí gá le tuilleadh glanadh sráide le cabhrú le Rith Mór Luimnigh, Riverfest, Domhnach Comórtha, cluichí rugbaí Pháirc Thuamhan agus cluichí CLG.

Páirceanna agus Tírdhreachadh

- Cuireadh clár uaillmhianach gearrtha féir ar siúl i 20 ag clúdach 225 heicteár, idir Aibreán agus Deireadh Fómhair.
- Críochnaíodh na cláir prúnála crann agus tírdhreachtha ar fud na cathrach agus an chontae.
- Tugadh Cead Pleanála Chuid VIII maidir le forbairt Pháirc Comhasanachta Mhungairite atá le déanamh i 2016.
- Déanadh óstáil ar iliomad imeachtaí cathartha i bpáirceanna poiblí i gcaitheamh na bliana.
- Saothraíodh túir de bhláthanna, bláthanna ar dhroichid, ar thimpealláin agus bláthchiseáin ar crochadh le dathanna a thabhairt chuig spásanna poiblí.

SCÉIM FÓIRDHEONTAIS MAIDIR LE BAILIÚ TÁILLÍ BRUSCAIR

D'eisigh an Chomhairle 5,521 tarscaoileadh do theaghlaigh incháilithe i 2015.

REILIGÍ

Fodhlíthe maidir le Reiligí 2015
Rinne an Chomhairle faomhadh ag a cruinniú i mí na Samhna ar Fhodhlíthe maidir le Reiligí 2015 Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Baineann na fodhlíthe seo le bainistiú agus rialú reiligí laistigh de theorainn riaracháin Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh in ionad na bhFodhlíthe a bhí ann do reiligí.

Cur le Reilig Bhaile an Ghadaí
Bhronn an Chomhairle an conradh ar Martin Cussen Construction & Civil Engineering Ltd, Baile an Gheíll, An Caisleán Nua le cur leis an reilig agus leis an gcarrchlós ag Baile an Ghadaí i mí na Nollag 2015 agus tá obair tosaithe ar an láithreán. Nuair a bheidh an méadú ar an reilig críochnaithe, beidh timpeall 700 spás uaighe.

Cur le Reilig Chnocán San Labhrás
Críochnaíodh an méadú ar Reilig Chnocán San Labhrás, ar an gcarrchlós, an oifig agus ar na háiseanna stórais i rith 2015. Soláthraíonn an méadú nua ar an Reilig 675 spás uaighe ag Reilig Chnocán San Labhrás. Ba iad Nautic Building Co. Ltd., Mainistir na Féile, ar rinne na hoibreacha forbartha.

OIBREACHA CAOMHNAITHE

Leanadh le hoibreacha caomhnaithe ag Séipéal Chnocán San Labhrás i rith 2015. Rinne Iontaobhas Cathartha Luimnigh maoirseacht ar na hoibreacha a déanadh faoi Scéim Fostaíochta Pobail.

Is é a bhí sna hoibreacha caomhnaithe a déanadh ar Shéipéal na Marbh ná fásra a bhaint, deisiú a dhéanamh agus sclátaí a chur ar chúlbhá dín, oibreacha saoirseachta agus pointeáil, glanadh lintéar agus draein, doirse a phéinteáil.

Críochnaíodh oibreacha caomhnaithe le cobhsú a dhéanamh ar bhinn thiar an tséipéil i gCill Míde. Críochnaíodh an chéad staid de thionscadal ilchéime i mBaile an Chaisleáin. Is é a bhí i gceist anseo ná a lán den fhásra trom a bhaint as. Deisíodh na ballaí teorann i gcomhar le Forbairt Bhealach Abhra Teo. agus Acmhainní Iarthar Luimnigh Teo. sa Dromainn, Tobar Phádraig - Loch Goir agus Neantanán.

SEARMANAS BRONNTA REILIGÍ

Tionóladh Searmanas Bronnta Reiligí ag an Woodlands House Hotel, Áth Dara, Contae Luimnigh i mí na Nollag 2015. Ba í seo an 8ú bliain ag an searmanas bronnta a thug aitheantas don obair chrua agus do thiomantas na gcoistí reilige, na ngrúpaí pobail agus na ndaoine indibhidiúla maidir le cothabháil reiligí an chontae. Faoi mar a bhí i mblianta roimhe seo, bhain na duaiseanna le dhá chatagóir - Nua-Aimsertha agus Ársa. D'fhreastal timpeall 180 duine ar an sermanas bronnta agus ba é An Clr. Liam Galvin, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh a bhronn na duaiseanna.

Fuair Carn Fhearaigh, Baile an Fhaoitigh an chéad duais sa rannóg Ársa agsu ainmníodh an Dún mar bhuaiteoir san rannóg nua-aimseartha.

SEIRBHÍSÍ TRÉIDLIACHTA

Sholáthair an Rannóg Tréidlaichta rialuithe oifigiúla tréidliachta i 22 áitreabh faofa próiseála feola i rith na bliana. Soláthraítear an tseirbhís seo faoi chomhaontú chonradh le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Ar na háitribh ar déanadh maoirseacht orthu áiríodh seamlais, gnólachtaí ina ndéantar feoil úr a ghearradh agus monarcha earraí feola i gCathair agus i gContae Luimnigh.

Ag na seamlais, rinne cigire tréidliachta cigireacht ar gach ainmhí a bhí le marú mar bhia do dhaoine roimh agus tar éis é a mharú, faoi mar a éilínn an dlí maidir le sábháilteacht bhia. Ba iad seo a leanas an líon iomlán ar déanadh cigireacht orthu i 2015: 2949 Eallach, 10,340 Caora, 167 Muc, 47 Gabhar.

Rinne ár maoir madraí déileáil le 705 madra ar strae agus nach raibh ag teastáil i rith na bliana ar ionann é leis an mbliain roimhe sin. Díobh sin, éilíodh ar ais 59% agus fuarthas baile nua do 8%-~. Tá feabhas suntasach ar na rátaí athlonnaithe ó tugadh an leathanach Facebook isteach sa Mheaitheamh le timpeall 70 madra sa bhreis á gcur go baile nua i 2015. Tháinig feabhas freisin ar líon na madraí ar tháinig a n-úinéirí á lorg de réir rátaí 2014 le 25 madra breise á n-éileamh ar ais. D'éirigh ar fheabhas le leathanach facebook Fhoscadán Madraí Luimnigh le os cionn 5,000 togha go dtí seo agus é anois ar cheann de na príomhphointí teagmhála don fhoscadán.

Gabhadh 343 capall ar strae agus cuireadh i bpóna iad i 2015 ar loirg a n-úinéirí 10 acu ar ais agus fuarthas áit chónaithe nua do 15 acu.

AN FHOIREANN UM RIALÚ AR THRUAILLIÚ AGUS CÁILÍOCHTA UISCE

Tá freagracht ar an Rannóg um Rialú ar Thruailliú agus Cáilíochta Uisce as reachtaíocht chomhshaoil Rialtais Áitiúil a fhorfheidhmiú dírithe ar cháilíocht uisce agus aeir a chosaint agus a fheabhsú agus cosc a chur nó maolú a dhéanamh ar thorann agus núis eile.

CÁILÍOCHT UISCE AGUS AN CREAT-TREOIR UISCE

Bhain réimsí sonracha gníomhaíochta le cáilíocht uisce i 2015 ar a raibh forfheidhmiú na gclár céimeanna faoin gCreat-treoir Uisce (WFD), go háirithe maidir le talmhaíocht, tionscail gan séarach agus dobhach shéarachais. Tugadh faoi thionscadal freisin le cur chuige pobail a fhorbairt maidir le feabhsú abhann.

DEA-CHLEACHTAS TALMHAÍOCHTA

Clár na gcéimeanna maidir le talmhaíocht atá sna Rialacháin Dea-Chleachtais Talmhaíochta 2015. Rinne an Chomhairle 769 cigireacht ar fheirmeacha i 2015 d'fhonn oibriú le feirmeoirí maidir leis na rialacháin seo a chomhlíonadh agus tionchar na talmhaíochta ar cháilíocht uisce a laghdú. Tá díbhinn dhúbailte ag baint leis an obair seo, sa mhéid is go

ndéanann sé cosaint ar an gcomhshaol agus ar fhorbairt gheilleagrach san earnaíl talmhaíochta, atá ag brath ar an earnáil a bheith in ann diansaothrú inbhuanaithe a bhaint amach.

CEADÚNÚ DIÚSCARTHA

Tá an Chomhairle freagrach as ceadúnú diúscartha d'eisilteach trádála agus séarachais ag dul chuig uiscí ó thionscail gan séarach. Tá 31 ceadúnas dá leithéid ann faoi láthair a chlúdaíonn réimse saoráidí ar a n-áirítear óstáin, tithe altranais, cairéil agus áitribh thionsclaíoch. Déanadh na ceadúnais seo uile a scrúdú d'fhonn a chinntiú go mbeadh na coinníollacha a bhaineann leo ag teacht leis na dualgais maidir le cáilíocht ár n-uiscí faoin WFD á gcomhlíonadh. Déanadh 126 seiceáil chomhlíonta i 2015, ar a n-áirítear iniúchtaí ar an láthair agus athbhreithniú aighneachta.

CUR CHUIGE POBAIL MAIDIR LE BAINISTÍOCHT ABHANN

Tosaíodh ar thionscadal pobalbhunaithe ar An Lúbach go luath i 2015. Thosaigh sé le tionscadal comhpháirtíochta idir slatiascairí áitiúla, Iascaigh Intíre Éireann agus an Rannóg Comhshaoil le hoibreacha feabhsúcháin a dhéanamh ar an abhainn. Ba iad na Comhairleoirí i gCeantar Bardasach na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg a sholáthair an maoiniú ón Leithdháileadh Ginearálta Bardasach.

Soláthraíodh clár oideachais agus feasachta ar ar tugadh Loobagh Streamscapes do gach scoil agus do ghrúpaí pobail sa cheantar. Fuarthas aiseolas an-dearfach as seo agus dá bharr sin thug grúpa de pháirithe leasmhara turas staidéir ar Iontaobhas Aibhneacha Bhaile an Doire i dTuaisceart Éireann le féachaint ar shamhail Iontaobhas na nAibhneacha. I ndiaidh an turais seo déanadh cinneadh Iontaobhas an nAibhneacha a bhunú don Mháigh uile agus táthar ag súil leis go ndéanfar sin a bhunú i 2016.

Leanaí ó Scoil Fhíonáin, Cill Fhíonáin, lena Múinteoir ag Streamscapes.

CÁILÍOCHT AN AEIR

Leanadh le hiarrachtaí suntasacha i 2015 feasacht a ardú maidir le Rialacháin um Breosla Soladach agus an cosc atá ar mhargaíocht, ar dhíol, ar leithdháileadh nó ar dhó bhresla le toit i gceantar a bhfuil srian air. Cuireadh feachtais fheasachta ar bun ag úsáid phóstaeir agus na meáin shóisialta.

Leanadh le hobair ar na rialacháin maidir le lucht úsáide túaslagóra mar thirimghlantóirí agus athchríochnaitheoirí feithicle, le hardleibhéal comhlíonta á bhaint amach sna hearnálacha seo.

TORANN

Tháinig méadú suntasach ar líon na ngearán a bhain le torann le déanaí, le 103 earán faighte i 2015. Bhain siad seo le réimse ceistanna ar a raibh comharsana torannacha, torann tráchta, feirmeacha gaoithe agus gníomhaíochtaí eile tráchtála.

CIGIREACHT AR DHABHCHA SÉARACHAIS

Leanadh leis an gclár cigireachta ar dhabhcha séarachais i 2015, le cigireacht á dhéanamh i rith na bliana ar 26 córas.

Iomlán Dabhcha Séarachais				
Cigireacht	Comhlíontach	Neamhchomhlíontach	Cláraithe	Neamhchláraithe
51	12	39	44	4

TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE - COMHSHAOL

Dramhaíl: E1

Líon na dteaghlach sa cheantar atá clúdaithe ag oibreoir ceadúnaithe ag soláthar seirbhíse 3 araid bhruscair ar 31/12/2015	36514
% na dteaghlach laistigh den ÚA a seasann A dóibh	52.60 %

Truailliú an Chomhshaoil: E2

Líon na gcásanna truaillithe maidir le gearán i rith 2015	3170
Líon na gcásanna truaillithe a dúnadh i rith 2015	3408
Líon iomlán na gcásanna idir lámha ar an 31/12/2015	309
Líon iomlán na gcásanna truaillithe ar déanadh gearán futhu	3170
Líon na gcásanna truaillithe nár fiosraíodh nó nár tugadh chun críche	3408
Líon na gcásanna truaillithe nár tugadh chun críche	309

Truailliú ó Bhruscar: E3

Céatadán an achair nach bhfuil truaillithe ó bhruscar

Céatadán an achair atá beagán truaillithe ó bhruscar

Céatadán an achair atá cuíosach truaillithe ó bhruscar

Céatadán an achair atá truaillithe go suntsach ó bhruscar

Céatadán an achair atá thar a bheith truaillithe ó bhruscar

Forbairt Gheilleagrach & Pleanáil

PAT DALY
STIÚRTHÓIR AR FHORBAIRT GHEILLEAGRACH & PLEANÁIL

- Bainistíocht Forbartha
- Achomharc chuig an Bord Pleanála
- Ranníocaíochtaí Forbartha
- Forfheidhmiú 2015
- Táscairí Feidhmíochta
- Pleanáil Chun Cinn
- Forbairt Gheilleagrach
- Oifig Fiontair Áitiúil (LEO)

Landscape, Co. Limerick.

BAINISTÍOCHT FORBARTHA

Ar chuid de na cinntí móra maidir le pleanáil i 2015 bhí:

15/96 - Cead tugtha don Ghlacadóir Kieran Wallace maidir le Regalview Holdings Ltd. (Faoi Ghlacadóireacht) do mhéadú ar fhoirgneamh oifige 3 urlár a thógáil (ar a n-áirítear fostáisiún leictrachais agusna hoibreacha go léir a bhainfeadh leis a sholáthar) ar fhoirgneamh 3 urlár atá ag Plaza Oirthar na Cathrach, Tamhlachtain, Béal Átha Síomoin.

15/180 - Cead tugtha do Johnson and Johnson maidir le halla nua táirgeachta a thógáil le spás do mhonarcha idirurláir, bá lódála aon urláir, bloc nua oifige 3 urlár agus ceaintín aon urláir (iomlán an achair thógála 7,142m2) go léir siar ó thuaidh ón bhfoirgneamh atá ann; le méadú ar an gcarrchlós atá ann le 80 spás breise a sholáthar; bealach isteach nua a thógáil chuig an láthair chuig bóthar inmheánach; fál teorann nua a chur in airde don láthair atá ann; tírdhreachadh bog agus crua agus na hoibreacha láithreáin go léir a bhaineann leis ag Vistakon Ireland Ltd., Páirc Theicneolaícohta Náisiúnta, Plassey.

15/283 - cead tugtha do Analog ar chead 10 mbliana le cur le saoráid Déantúsaícohta le húsáid Taighde agus Forbairt Pilot Line/Déantúsaíocht.

15/431 - Cead tugtha do Denton Construction Ltd le 26 teach leathscoite agus 3 theach scoite a thógáil agus le leagan amach bhóithre agus seribhísí nach bhfuil ach leath-thógtha a chríochnú in éineacht leis na hoibreacha láithreáin a bhaineann leo ag Arraview, An Caisleán Nua.

15/818 Cead tugtha do CPL Fuels Ireland Limited do mhionleasuithe ar Chéim 1 d'fhorbairt a faomhadh roimhe sin faoi thagairt phleanála 14/603.

15/8002 - Cuid 8 tugtha do (i) 10 aonad cónaithe a sholáthar; (ii) tírdhreachadh crua ar a n-áirítear achar cruadhromchlaithe, coigeartú ar na cosáin atá ann agus soilsiú sráide agus troscán sráide a chur ann; (iii) tírdhreachadh bog ar a n-áirítear crainn agus nithe eile a chur;(iv) socraíochtaí nua teorann le tailte in aice láimhe; (v) uasghrádú agus athródú séarach bréan agus draenála uisce dromchla; agus (vi) na hoibreacha láithreáin go léir a bhaineann leo ag Maigh Rois.

ACHOMHARC CHUIG AN BORD PLEANÁLA

Valcroft Ltd, 13/733- Forbairt le athsholáthar a dhéanamh ar an ngníomhaíocht bainistíochta dramhaíola a ceadaíodh roimhe sin, foirgnimh agus trealamh ar an láthair mar a ceadaíodh faoi P94/1259, P98/1584 agus P08/245.

RANNÍOCAÍOCHTAÍ FORBARTHA

Airgead a fuarthas i 2015 maidir leis na Scéimeanna Ranníocaíochta Forbartha	€1,886,578.91
Airgead amuigh a bhaineann le hiarratais a thosaigh i 2015 de réir na Scéimeanna Ranníocaíochta Forbartha	€1,186,340.99

FORFHEIDHMIÚ

Gearáin a Fuarthas	426
A Diúltaíodh	32
A Réitíodh	135
Litreacha Foláirimh Eisithe	220
Fógraí Forfheidhmiúcháin Eisithe	78
Fógraí Forfheidhmiúcháin Eisithe faoi Sc 155	22
Ionchúisimh a Tionscnaíodh faoi Sc 154	31
Ionchúisimh a Tionscnaíodh faoi Sc 151	1
Urghairí	0
Ionchúisimh faoi Sc 154	5
Ionchúisimh faoi Sc 151	0

TUARASCÁIL AR PHRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA A PHLEANÁIL

Pleanáil: P1

Foirgnimh ar déanadh cigireacht orthu mar chéatadán d'fhoirgnimh nua a cuireadh in iúl don údarás áitiúil	24.53 %
Líon iomlán na bhfoirgneamh nua a cuireadh in iúl don údarás áitiúil	159
líon na bhfoirgneamh nua a cuireadh in iúl don údarás áitiúil i 2015 ar déanadh ar a laghad cigireacht amháin orthu	39

Pleanáil: P2 & P3

A. Líon na gcinntí pleanála faoi réir achomhairc chuig An Bord Pleanála a shocraigh an bord i 2015	42
B. % na gcinntí a dheimhnigh (le nó gan éagsúlacht) an cinneadh a rinne an ÚA	76.19 %
Líon na gcinntí ag deimhniú chinneadh an ÚA le nó gan éagsúlacht	32
A. Líon na gcásanna pleanála a ndearna an ÚA tagairt dóibh nó tús a chur leo i rith 2015 ar déanadh iad a fhiosrú	426
B. Líon na gcásanna a dúnadh i rith 2015	437
C. % na gcásanna ag B a diúltaíodh maidir le hAlt 15(2) nó a dúnadh de bharr forbartha faoi urchosc reachta nó díolmhaithe	45.08 %
D. % na gcásanna ag B a réitíodh chun sástachta an ÚA trí idirbheartaíocht	6.86 %
E. % na gCásanna ag B a dúnadh de bharr imeachtaí forfheidhmithe	48.05 %
F. Líon iomlán na gcásanna pleanála á bhfiosrú ag 31/12/2015	1137
Líon iomlán na gcásanna ag 'B' diúltaithe faoi alt 152(2) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	197
Líon na gcásanna ag 'B' a réitíodh chun sástachta an ÚA trí idirbheartaíocht	30
Líon na gCásanna ag 'B' a dúnadh de bharr imeachtaí forfheidhmithe	210

Pleanáil: P4

Sonraí Chlár D AFS roinnte ar dhaonra cheantar an ÚA	€24.20
Clár D AFS comhdhéanta de D01, D02, D03 (ag áireamh an mhuirir bainistíochta lárnach)	€4641474

TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE MAIDIR LE TÓGÁIL I GCÚRAM 2015

A.	Líon na n-eastát cónaithe le cead pleanála tar éis dul in éag, ar déanadh iarratas foirmeálta i scríbhinn len iad a thógáil i gcúram (ó áitritheoirí nó forbróirí), a bhí ar láimh ag tús na bliana.	54
B	Líon na n-eastát a tógadh i gcúram sa bhliain atá i gceist.	28
C	Líon na n-áras cónaithe maidir le colún B.	2031
D	Líon na n-eastát i gcolún A nach bhfuil críochnaithe chun sástachta an údaráis phleanála ag teacht leis an gcead pleanála.	18
E	Líon na n-eastát i gColún D ar bhain gníomhaíocht fhorfheidhmithe leo sa bhliain atá i gceist agus/nó mar ar glaodh isteach ar a mbanna.	6
F	Líon na n-eastát i gColún D mar a ndearna an t-údarás oibreacha d'fhonn an t-eastát a thabhairt go caighdeán cuí le tógáil i gcúram.	3

PLEANÁIL CHUN CINN

Tá freagracht ar an Rannóg Pleanála Chun Cinn as taighde, ullmhú agus cur ar fáil a dhéanamh ar pholasaí pleanála agus as pleanáil d'fhorbairt inbhuanaithe tithíochta, infreastruchtúir, as forbairt gheilleagrach agus chomhshaoil sa Chontae.

Pleananna Forbartha Contae agus Cathrach

Ghlac an Chomhairle le roinnt éagsúlachtaí ar na Pleananna Forbartha Cathrach agus Contae i rith 2015, le hionchorprú a dhéanamh ar Phlean Eacnamaíochta & Spásúlacht Luimnigh 2030 agus Creatphlean Comhtháite Inbhear na Sionainne.

Pleananna Ceantair Áitiúil

I ndiaidh tréimhse chomhairliúcháin fhairsing ullmhaíodh agus glacadh le Pleananna Ceantair Áitiúil Áth Dara, Eas Géitine agus Tobar Phádraig i mí Feabhra agus Márta 2015.

Caomhnú

Leanann an Chomhairle le seirbhís chomhairliúcháin phleanála a sholáthar do dhuine ar bith ar mhian leo oibreacha a dhéanamh ar fhoirgnimh atá suntasach ó thaobh ailtireachtd de nó struchtúir atá faoi chosaint sa Chathair agus sa Chontae. Déanadh próiseáil ar 25 fógra faoi Alt 57 ag tabhairt Imlíne ar an gcineál oibreacha a mbeadh nó nach mbeadh tionchar ábhartha acu ar shaintréithe na struchtúr atá faoi chosaint nó ar aon eilimint de na struchtúir. Cuireadh 3 struchtúr, agus baineadh 9 gcinn de Thaifead na Struchtúr atá faoi Chosaint.

Oidhreacht

Fuarthas €12,000 faoi scéim deontais na nOifigigh Oidhreachta d'oibreacha suirbhéireachta ar Chaisleán Bouchier, Loch Goir agus comórtas oidhreachta tuaithe Mhíle Órga Luimnigh 2015.

Cuireadh sraith de léachtanna ar Oidhreacht Thógtha Luimnigh ar siúl ag deireadh 2015 le 6 léacht taiscéalaíoch ag ardú feasachta ar oidhreacht thógtha uathúil Luimnigh.

FORBAIRT GHEILLEAGRACH

Tá an tAonad Forbarthartha Geilleagrach dírithe ar chur chun cinn agus ar fhorbairt acmhainne eacnamaíochta Luimnigh. Áirítear san obair Tionscadail Luimneach 2030, Tionscadail Nuáil Luimnigh, tionscnaimh na hOifige Fiontair Áitiúil agus Comhoibriú Idirghníomhaireachta maidir le Deiseanna Infheistíochta a thabhairt i gcrích.

Ar na buaicphointí do 2015 áirítear:

- Mórfhógraí infheistíochta/jabanna ó Dell, ICON, Northern Trust, Three, Uber, Viagogo, agus Vistakon
- Curtha le Scéim Dhreasachta Gnó & Miondíola go dtí Nollaig 2016
- Ionad Fiontar Ráth Caola oscailte go hoifigiúil i mí na Samhna 2015
- D'aontaigh an Chomhairle ar chomhpháirtíocht fhorbartha le Troy Studios le Saoráid mór Léirithe Scannán a sholáthar ag Caladh an Treoigh

- Cheannaigh an Chomhairle seanláthair Cleeves, láithreán 8 n-acra in aice le lár na cathrach
- Seoladh Scéim na gCathracha Beo i mbealtaine 2015 d'fhonn athbheochan a dhéanamh ar Cheathrú Sheoirseach Luimnigh.
- Rinne an Chomhairle Cathrach & Contae óstáil ar an 3ú Comhdháil Chnuasaigh Idirnáisiúnta i nDeireadh Fómhair 2015
- Rinne Luimneach óstáil ar Fhóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain i mí na Samhna 2015.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA 2015

Forbairt Gheilleagrach: J1

Líon na jabanna a cruthaíodh le cúnamh ón Oifig Fiontair Áitiúil i rith na bliana 167

OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL (LEO)

I 2015 lean LEO Luimnigh lena próifíl a ardú agus a ról a chur chun cinn mar ghníomhaireacht tosaíochta d'fhorbairt ghnólachtaí beaga sa Chathair agus sa Chontae. Bliain mhaith a bhí inti maidir le tacaíocht airgeadais a sholáthar do ghnólachtaí agus maidir le hoiliúint agus forbairt a sholáthar do chuideachtaí faoi bhainistíocht úinéara agus do phríomhfhostaithe i ngnólachtaí beaga i Luimneach.

Sholáthair LEO cúnamh airgeadais d'fhiontair i rith 2015 trí chúnamh deontais. Is iad na trí phríomhchatagóir deontais ná Staidéar Indéantachta, Cúnamh Deontais Phrímeála, agus cúnamh Deontais um Leathnú Gnó. Ghlac LEO Luimnigh le polasaí go mbeadh 30% de Dheontais Phrímeála agus 40% de Dheontais um Leathnú Gnó i bhfoirm in-aisíoctha d'fhonn in-aisíocacht fhoriomlán de 30% faofa a bhaint amach. Leanann Deontais Indéantachta le bheith neamh-in-aisíoctha. Déantar Cúnamh In-aisíochta a aisíoc le LEO Luimnigh le hordú seasta thar méid áirithe mí, de ghnáth 36 mí.

Ba é méid iomlán na ndeontas faofa ag LEO Luimnigh i 2015 ná €808,362, maidir le 40 tionscadal, ar chúnamh in-aisíochta ba ea €270,108 (33.4%). Ba é an méid a d'íoc LEO Luimnigh maidir le cúnamh deontais sa tréimhse ná €717,758 ar íocadh €237,617 (33.1%) de i gcúnamh in-aisíoctha. Roimh 2015 rinne LEO Luimnigh faomhadh ar €147,085 agus i 2015 bhí faomhadh ar €108,784 dídhílsithe i rith na tréimhse, le dliteanas deontais amuigh ar LEO

Seachtain Gnó Luimnigh.

Luimnigh ag deireadh 2015 de €372,380.

Rinne an cúnamh airgeadais a d'íoc LEO Luimnigh i rith 2015 cúanmh a thabhairt le 70 jab nua a chruthú san earnáil. Rinne lucht curtha chun cinn na dtionscadal a faomhadh i rith 2015 réamh-mheastacháin fhostaíochta ar 120 job breise cruthaithe i 2016 mar thoradh ar an gcúnamh airgeadais a fuarthas.

Maidir le hoiliúint agus forbairt, ghlach 1134 duine páirt i ngné éigin den chlár, cibé oiliúint agus forbairt, ceardlanna, nó gníomhaíochtaí eile, le 1100 mac léinn breise ag glacadh páirte sa Chlár Oideachais Fhiontraíochta na Mac Léinn. Is ionann sin agus méadú ar líon na rannpháirtithe i gcláir 2014. Bhí an-spéis i rith na bliana ag cuideachtaí a bhain úsáid as cláir fhorbartha LEO Luimnigh agus tá seo ag teacht leis an mbéim atá á chur ag LEO Luimnigh ar an réimse seo i gcónaí.

Tá cur chuige LEO Luimnigh maidir le himroinnt a dhéanamh agus díriú ar chuideachtaí de réir a stádas raolré tairbheach maidir le fás agus forbairt chuideachtaí a fuair cúnamh ó LEO Luimnigh a chinntiú. Tá LEO Luimnigh ag obair faoi láthair le cuideachtaí le hacmhainn agus toilteanas fás agus i 2016 déanfar níos mó acmhainní a leithdháileadh ar na cuideachtaí seo.

Seirbhísí Réigiúnacha - Uisce, Bainistícht Dramhaíola, Seirbhísí Dóiteáin & Éigeandála agus Oifig um Dhearadh Bóithre

CAROLINE CURLEY
STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ RÉIGIÚNACHA - UISCE/ BAINISTÍCOHT DRAMHAÍOLA/SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN & ÉIGEANDÁLA/ OIFIG UM DHEARADH BÓITHRE

SEIRBHÍSÍ UISCE

- Clár Uisce Tuaithe 2015
- Fóirdheontas i dtreo Chostais Oibriúcháin an Ghrúpa Scéimeanna Uisce
- Deontais do Thobar Príobháideach

AN RANNÓG SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN AGUS ÉIGEANDÁLA

- Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála
- Táscairí Seirbhíse
- Cosc Dóiteáin, Rialú Tógála & Foirgnimh Chontúirteacha
- Bainistíocht Móréigeandála
- Ionad Cumarsáide Réigiúnach na Mumhan
- Cosaint Shibhialta

OIFIG UM DHEARADH BÓITHRE NÁISIÚNTA AN IARTHAIR LÁIR

- Scéim Fhainge go Luimneach
- Pole Chill Airne go dtí An Bhearna Céim 2
- N24 Scéim Maolaithe Tráchta Dhrom Caoin
- N21 Scéim Bhealaigh Aniar Áth Dara
- Oibreacha Feabhsúcháin/ Athailínithe
- Oibreacha Athshlánaithe Droichead
- Sábháilteacht ar Bhóithre
- Creidiúnú Seachtrach / Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CDP)

Refurbished resevoir in Granagh.

SEIRBHÍSÍ UISCE

Bunaíodh Uisce Éireann (I.W.) i 2013 mar fhóntas nua náisiúnta uisce na hÉireann agus freagracht air maidir le seirbhísí uisce a sholáthar agus a fhorbairt ar fud na hÉireann. Aistríodh an dualgas reachtúil maidir le bonneagar uisce agus fuíolluisce a oibriú agus seirbhísí uisce agus fuíolluisce a sholáthar chuig I.W ar achtú Acht um Seirbhísí Uisce 2013. Chríochnaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Comhaontú Seirbhíse (S.L.A.) le hUisce Éireann. Déanann an S.L.A sainmhíniú ar an gcaidreamh idir an Chomhaile agus Uisce Éireann agus tá feidhm leis ó Eanáir 2014. Beidh Uisce Éireann freagrach do dhá chomhlacht rialála - An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) atá mar rialálaí eacnamaíoch do thionscal an uisce, agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) atá mar rialálaí comhshaoil. Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh fós freagrach as an gclár uisce tuaithe agus tugtar imlíne thíos ar an ngníomhaíocht sa réimse seo.

CLÁR UISCE TUAITHE 2015

Fuair Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh leithdháileadh deontais don Chlár Uisce Tuaithe de €650,000 i 2015 ón Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil agus cheadaigh an leithdháileadh infheistíocht i réimsí mar:

- Deontais le hUasghrádú a dhéanamh ar Ghrúpscéimeanna Uisce
- Seilbh a ghlacadh ar Ghrúpscéimeanna Soláthair Uisce

FÓIRDHEONTAS I DTREO CHOSTAIS OIBRIÚCHÁIN GHRÚPSCÉIMEANNA UISCE

Soláthraíonn an fóirdheontas oibriúcháin cúnamh do ghrúpscéimeanna uisce a sholáthraíonn usice chun úsáide tí. Tá grúpscéimeanna uisce i dteideal fóirdheontais agus réamhíocaíochta bliantúil gach bliain. Fuair 42 Grúpscéimeanna Uisce fóirdheontas i dtreo a gcostais oibriúcháin i 2015 le €891,145 ar fad á íoc amach.

DEONTAIS DO THOBAR PRÍOBHÁIDEACH

Íocadh deontaid de €92,645 ar fad le 54 duine indibhidiúil faoin gceannteideal seo i 2015. Is í aidhm an deontais cabhrú le daoine indibhidiúla uisce óil ar dhea-chaighdeán a sholáthar dá dtithe. Is féidir usamhéid deontais de €2,031 no 75% de chostas na n-oibreacha a thabhairt, cibé ceann is lú. Tá foirm iarratais agus sonraí ar fáil ón rannóg Seirbhísí Uisce ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA 2015

Uisce: W1

% na Scéimeanna Príobháideacha Uisce Óil atá comhlíontach	96.60 %

AN RANNÓG SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN AGUS ÉIGEANDÁLA

Déanann Údarás Dóiteáin Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh oibriú agus bainistiú ar Sheirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála i Luimneach. Tá freagrach ar Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Luimnigh as beatha agus réadmhaoin timpeall 200,000 duine atá ina gcónaí i dtimpeall 70,000 teach agus timpeall 18,000 áitreabh tráchtála a chosaint. Déanann Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála Luimnigh bainistiú freisin ar Ionad Cumarsáide Réigiúnach na Mumhan atá freagrach as slógadh éifeachtach an fhearais dóiteáin agus ghníomhaireachtaí eile i réigiún na Mumhan. Tá Cosaint Shibhialta freisin mar chuid den Rannóg Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála. Is eagraíocht í seo atá bunaithe ar oibrithe deonacha a thacaíonn le seirbhísí éigeandála líne tosaigh chomh maith le cabhrú ag imeachtaí pobail.

Tá cúig réimse leathan gníomhaíochta ag an Rannóg Sierbhísí Dóiteáin agus Éigeandála a thacaíonn lena chéile maidir le seirbhís chomhtháite a sholáthar don phobal.

A) Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála
B) Cosc Dóiteáin, Rialú Tógála agus Foirgnimh Chontúirteacha
C) Bainistíocht Móréigeandála
D) Ionad Cumarsáide Réigiúnach na Mumhan.
E) Cosaint Shibhialta

A) SEIRBHÍS DÓITEÁIN AGUS TARRTHÁLA

Is í feidhm na Seirbhíse Dóiteáin agus Tarrthála foráil a dhéanamh do mhúchadh tinte go pras i bhfoirgnimh agus áiteanna eile de gach cineál ina líomatáiste feidhme agus cosaint agus tarrtháil a dhéanamh ar dhaoine agus ar réadmhaoin i gcás dóiteáin agus éigeandála eile. Chuige sin coimeádann sé briogáid dóiteáin agus soláthraíonn sé stáisiúin dóiteáin, feithiclí agus trealamh. Is daoine eagraithe atá sa bhriogáid dóiteáin atá oilte agus trealamh acu le dóiteáin a mhúchadh i bhfoirgnimh agus in áiteanna eile agus le daoine agus réadmhaoin a tharrtháil ó thinte agus éigeandálaí eile dá leithéid.

D'fhrestal Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Luimnigh ar 1521 teagmhas ón 1ú Eanáir go dtí 31ú Nollag, 2015. Bronnadh Dearbhú ar Chaighdeán Cáilíochta ISO9001:2008 agus Dearbhú Sláinte & Sábháilteachta OHSAS 18001:2007 i 2015 ar an Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála (seirbhís dóiteáin lánaimseartha agus coinnithe).

Leanadh leis an oiliúint ar fheidhmiú Treoirlínte Caighdeánacha Náisiúnta Oibriúcháin (SOGs), Cúrsa Fo-Oifigigh creidiúnaithe NDFEM, Oiliúint Athnuachana ar Ghaireas Análaithe (BA), an Chéad Fhreagróir Cairdiach, Teagascóir Tiomána Faofa, Oiliúint Tiománaithe, An Chéad Fhreagróir Éigeandála, Raidió Ardmhinicíochta Muirí, Modhanna Iontrála, Oiliúint aerála le brú dearfach, Cúrsa oiliúna ar oibriú mótarbhád, Teagascóir ar láimhsiú, Bainistíocht ar tharluithe Uisce agus Uisce Tuile, Oibritheoir Sábh Slabhrach, Nósanna Imeachta Timpiste Bóthair chomh maith leis na Cúrasaí agu na Seimineáir éagsúla Oiliúna d'Oifigigh Sinsearacha agus Sóisearacha.

Chuir pearsanra dóiteáin an clár Sábháilteachta Dóiteáin do Scoileanna i láthair do dhaltaí rang 4 i mbunscoileanna.

Rinne Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála Luimnigh seoladh oifigiúil ar a mótarbhád nua (Fire swift) i 2015.

Déanadh deichniúr comhraiceoir dóiteáin lánaimseartha agus seachtar comhraiceoir dóiteáin coinnithe i 2015.

Oiliúint Dóiteáin agus Tarrthála Chathair Luimnigh.

Bád nua tarrthála Dóiteán agus Tarrtháil Chathair Luimnigh sa phictiú i mbun ainlithe ar an tSionainn

Bloc-Oiliúint Dóiteáin agus Tarrthála Lánaimseartha Chathair Luimnigh.

Bloc-Oiliúint Dóiteáin agus Tarrthála Lánaimseartha Chathair Luimnigh.

Bloc-Oiliúint Dóiteáin agus Tarrthála Lánaimseartha Chathair Luimnigh.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Seirbhís Dóiteáin: F1

Caiteachas Chlár E AFS roinnte de réir dhaonra dhaonáireamh 2011 a ndéanann an tSeirbhís Dóiteáin freastal orthu	€72.31
Sonraí caiteachais Chlár E AFS comhdhéanta de E11 – Oibriú Seirbhíse Dóiteáin agus E12 Cosc Dóiteáin	€14035744

Seirbhís Dóiteáin: F2 & F3

Meán-am (i nóiméid) le briogáid dóiteáin i Stáisiúin Lánaimseartha a shlógadh i gcás dóiteáin	1.5 noim
B. Meán-am (i nóiméid) le briogáid dóiteáin i Stáisiúin Pháirtaimseartha a shlógadh i gcás dóiteáin	5.4 noim
C. Meán-am (i nóiméid) le briogáid dóiteáin i Stáisiúin Lánaimseartha a shlógadh i gcás timpiste eile	1.7 noim
D. Meán-am (i nóiméid) le briogáid dóiteáin i Stáisiúin Pháirtaimseartha a shlógadh i gcás timpiste eile	5.3 noim
A % na gcásanna dóiteáin ag a raibh an chéad fhreastal ar an láthair laistigh de 10 noiméad	69.35 %
B. % na gcásanna dóiteáin ag a raibh an chéad fhreastal ar an láthair i ndiaidh 10 noiméad & laistigh de 20 noiméad	23.12 %
C. % na gcásanna dóiteáin ag a raibh an chéad fhreastal ar an láthair laistigh de 20 noiméad	7.53 %
D % na gcásanna neamhdhóiteáin ag a raibh an chéad fhreastal ar an láthair laistigh de 10 noiméad	54.24 %
E. % na gcásanna neamhdhóiteáin ag a raibh an chéad fhreastal ar an láthair i ndiaidh 10 noiméad & laistigh de 20 noiméad	35.73 %
F. % na gcásanna neamhdhóiteáin ag a raibh an chéad fhreastal ar an láthair i ndiaidh 20 noiméad	10.03 %
Líon iomlán na nglaoch amach maidir le dóiteáin ó 01/01/2015 - 31/12/2015	990
Líon na gcásanna dóiteáin ag a raibh an chéad inneall dóiteáin ag an láthair laistigh de 10 noiméad	534
Líon na gcásanna dóiteáin ag a raibh an chéad inneall dóiteáin ag an láthair i ndiaidh 10 noiméad ach laistigh de 20 noiméad	178
Líon na gcásanna dóiteáin ag a raibh an chéad inneall dóiteáin ag an láthair i ndiaidh 20 noiméad	58
Líon iomlán na nglaoch amach maidir le gach teagmhas éigeandála eile ó 01/01/2015 - 31/12/2015	531
Líon na gcásanna dóiteáin ag a raibh an chéad inneall dóiteáin ag an láthair laistigh de 10 noiméad	211
Líon na gcásanna dóiteáin ag a raibh an chéad inneall dóiteáin ag an láthair i ndiaidh 10 noiméad & laistigh de 20 noiméad	139
Líon na gcásanna neamhdhóiteáin ag a raibh an chéad inneall dóiteáin ag an láthair i ndiaidh 20 noiméad	39

B) COSC DÓITEÁIN, RIALÚ TÓGÁLA AGUS FOIRGNIMH CHONTÚIRTEACHA

Is í feidhm na Ranóige Cosc Dóiteáin, Rialú Tógála & Foirgneamh Contúirteach sábháilteach, sláinte agus leas na ndaoine a bhíonn sna foirgnimh, nó a úsáideann iad, a chinntiú trí laghdú a dhéanamh ar bhaol dóiteáin, bealach ceart éalaithe, rochtain do dhaoine faoi mhíchumas agus caomhnú ar bhreosla agus ar fhuinneamh.

D'fhonn na feidhmeanna seo a sholáthar, áirítear ar obair measúnú a dhéanamh ar iarratais ar Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán agus Teastais Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas, cigireacht a dhéanamh ar fhoirgnimh thráchtála agus ar fhoirgnimh árasán, iniúchadh a dhéanamh ar ghearáin agus cainteanna a thabhairt don phobal ar Shábháilteacht Dóiteáin.

Deimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán

Líon iomlán na n-iarratas ar dheimhniú um Shábháilteacht ó dhóiteán a fuarthas	177
Líon iomlán na n-iarratas ar dheimhniú um shábháilteacht ó dhóiteán próiseáilte (ar a n-áiríter cásanna a ceapadh a bheith neamhbhailí)	157
Líon iomlán na n-iarratas a ceapadh a bheith neamhbhailí	19
Foirgnimh ar déanadh cigireacht orthu mar % d'fhoirgnimh nua a cuireadh in iúl don údarás áitiúil	15.7%
Líon iomlán na bhfoirgneamh nua a cuireadh in iúl don údarás áitiúil	305
Líon iomlán na bhfoirgneamh nua a cuireadh in iúl don údarás áitiúil ar déanadh cigireacht orthu	48

Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas

Líon iomlán na dTeastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas bailí a fuarthas	122
Líon iomlán nd dTeastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas próiseáilte (ar a n-áirítear na cásanna a ceapadh a bheith neamhbhailí)	119
Líon iomlán na dTeastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas neamhbhailithe	7
Líon iomlán na nAchomharc Pleanála próiseáilte	280
Líon iomlán na bhFógraí um Thosach Feidhme a fuarthas	282
Costas iomlán Caiteachais do Chosaint Shibhialta	€311,159.13
Bronntanais a fuair Cosaint Shibhialta	Éadaí spóirt
Caiteachas iomlán don tSeirbhís Dóiteáin (ar a n-áirítear Táille Lárnach Mgt)	€10,764,869.44
Daonra iomlán Chathair agus Chontae Luimnigh	199,139
Caiteachas iomlán in aghaidh an duine	€70

C) BAINISTÍOCHT MÓRÉIGEANDÁLA

Is iad feidhmeanna na rannóige Bainistíochta Móréigeandála forfheidhmiú a dhéanamh ar fhorálacha Chreata 2006 do Bhainistíocht Móréigeandála i gComhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, athbhreithniú agus maoirseacht a dhéanamh ar Phlean Mhóréigeandála Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus feabhas a chur go leanúnach ar chumas Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnig hfreagairt do mhóréigeandáil. Chuige sin, rinne án Rannóg Sierbhísí Dóiteáin agus Éigeandála na dualgais seo a leanas a chomhlíonadh i rith 2015:

- Cruinnithe ag an gCoiste Bainistíochta Móréigeandála i gcaitheamh na bliana.
- Freastal ar chruinnithe Grúpaí Oibre agus Stiúrtha Idirghníomhaireachta Réigiúnacha MEM do Réigiún an Iarthair Láir.
- Chuir oiliúint ar phearsanra Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh sna nithe seo a leanas:-
  - Oifigigh Bainistíochta Faisnéise
  - Ionad Oiliúna Comhordaithe Áitiúil
- Cathaoirleach ar an bPlean do Lear Mór Básanna i Réigiún an Iarthair Láir agus Fo-ghrúpaí Seirbhísí Deonacha Éigeandála.
- Críochnú ar Bhreithmheas Náisiúnta Bliantúil ar ullmhacht Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh maidir le Bainistíocht Móréigeandála.
- Cuireadh Struchtúir Bhainistíochta Móréigeandála i ngníomh ar feadh tréimhse dhá mhí le linn na drochaimsire agus na dtuilte i 2015/2016.

D) IONAD CUMARSÁIDE RÉIGIÚNACH NA MUMHAN

Tá Córas Cumarsáide Réigiúnach na Mumhan (MRCC) suite ag an láthair céanna le Stáisiún Dóiteáin Shráid Mulgrave. Cuireadh an tionscadal MRCC ar bun le feabhas a chur ar luas freagartha agus ar éifeachtúlacht an chórais ghlaoite do na húdaráis dóiteáin sa Mhumhain agus tháinig sé i bhfeidhm i mí na Nollag, 1992. Is í Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an tÚdarás conarthach don chóras seo agus soláthraíonn sí seirbhís thar ceann na seacht Údarás Dóiteáin sa Mhumhain (Comhairle Contae an Chláir, Comhairle Cathrach Chorcaí, Comhairle Contae Chorcaí, Comhairle Contae Chiarraí, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Comhairle Contae Thiobraid Áran, Comhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge.

Is seirbhís láraithe atá san MRCC a sholáthraíonn mearfhreagairt agus slógadh maidir le glaonna 999/112 éigeandála dóiteáin. Ó cuireadh tús leis i 1992, tá an tIonad tar éis próiseáil a dhéanamh ar os cionn 500,000 glaonna, agus déanann slógadh anois ar 65 Staísiún Dóiteáin coinnithe agus 4 lánaimsertha sa Mhumhain. Soláthraínn an MRCC tacaíocht freisin do na Seirbhísí Dóiteáin le linn saolré na dteagmhas éigeandála go dtí go ndéantar iad a dhúnadh. Feidhmíonn an tseirbhís eo 24 uair an chloig in aghaid an lae 365 lá den bhliain agus déanann déileáil le timpeall 25,000 glao éigeandála in aghaidh na bliana.

Boinn Seirbhíse Cosanta Sibhialta 30 & 50 Bliain

Boinn Seirbhíse Cosanta Sibhialta 30 & 50 Bliain

E) COSAINT SHIBHIALTA

Déanann Cosaint Shibhialta freagairt, tríd an Údarás Áitiúil agus Seirbhísí Éigeandála, ar fhaoiseamh agus tacaíocht éigeandála le feidhmiú seirbhísí riachtanach a chinntiú agus go gcoimeádtar an saol poiblí chomh maith le mórán imeachtaí pobalbhunaithe i rith na bliana.

Is é atá in oiliúin tbhunata d'oibreacha deonacha ná Láimhsiú, An Chéad Fhregairt Cairdiach, Garrchabhair ag an Obair, Cumarsáid, Feasacht Dóiteáin, Druil Choise, Léamh Léarscáileanna, GPS, Cuardach & Tarrtháil Bhunúsach, Cúrsaí Cosanta Leanaí agus Cleachtadh ar Threalamh. D'éirigh le Cearthar Earcach is Fiche a n-oiliúint ionduchtúcháin a chríochnú agus fuair siad teastas ar Chéad Fhreagróirí Cairdiach agus i nGarchabhair ag an Obair.

Déanann oibrithe deonacha speisialú ansin i réimsí éagsúla le Teastais Leibhéal 2 agus Leibhéal 3, cumarsáide sa Chéad Fhreagairt Chairdiach, Teicneoir Míochaine Éigeandála, Modhanna Teagaisc, Seirbhís Dóiteáin Chúntach, Oibriú Chaidéil, Ceadúnas Raidiú Ardmhinicíochta Muirí agus Liagóir.

Cuirtear oiliúint sa Choláite Cosanta Sibhialta i Ros Cré ar na Teagascóirí i ngach araíonacht agus cuirtear le scileanna ár n-oibreithe deonacha i mórán réimsí éagsúla - CISM, modhanna teagaisc, Bainisteoir Cuardaigh, etc.

Cheannaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ceanncheathrú nua Chosaint Shibhialta Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh suite ag Páirc Gnó Cheantar na nDugaí.

OIFIG UM DHEARADH BÓITHRE NÁISIÚNTA AN IAR-THAIR LÁIR

1. SCÉIM FHAINGE GO LUIMNEACH

Leag Bonneagar Iompair Éireann (TII) mar chúram ar MWNRDO bóthar nua a dhearadh idir Faing agus Luimneach timpeall 35km ar fhad ar chaighdeán débhealaigh.

Cuireadh an bealach ba rogha leo ar taispeáint go poiblí i Luimneach agus i bhFaing ar an 1ú agus 2ú Nollaig 2015 le breis agus 700 ag freastal thar an dá lá. Tá an scéim ag dul ar aghaidh anois tríd an gCéim Deartha i dtreo Suirbhéireachta Faisnéise Geografaí a ullmhú agus Ordú Ceannaigh Éigeantaigh a fhoilsiú i 2017.

2. POLE CHILL AIRNE GO DTÍ AN BHEARNA CÉIM 2

Tosaíodh ar an dara céim agus an chéim deireanach de thionscadal an bhóthair Pole Chill Airne go dtí An Bhearna a thógáil i mí Feabhra 2015, agus críochnaíodh roimh am é agus é oscailte go hiomlán do thrácht, i Samhain 2015. Rinne an Clr. Liam Galvin, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an scéim iomlán a oscailt go hoifigiúil, ar an 26ú Samhain 2015.

3. N24 SCÉIM MAOLAITHE TRÁCHTA DHROM CAOIN

Thosaigh an scéim maolaithe tráchta i mí Feabhra 2015 agus críochnaíodh i Meitheamh 2015 é.

4. N21 SCÉIM AN BHEALAIGH CHUIG ÁTH DARA THIAR

Tá an scéim eo suite ar imeall thiar shráidbhaile Áth Dara ar an bPríomhbhóthar Náisiúnta idir an acomhal leis an L1422 Bóthar na Mainistreach Duibhe agus an acomhal leis an R519 Bóthar Bhaile an Gharraí. Tionóladh Oíche Eolais don Phobal ag an Dunraven Arms Hotel ar an 15ú Meán Fómhair 2015 le dearcadh an phobail a fháil maidir leis na tograí tosaigh. Cuireadh na Baill Tofa ar an eolas ar dhá ócáid ar an 8ú Meán Fómhair agus an 10ú Samhain 2015 maidir le togra na scéime seo.

5. OIBREACHA FEABHSÚCHÁIN/ ATHAILÍNITHE

Ceapadh Comhairleoirí Innealtóireachta i Meán Fómhair 2015 do Scéim Feabhsúcháin an N24 Beary's Cross agus do Scéim Feabhsúcháin an N20 Chrois Uí Ruairc. Tá obair ar siúl i gcónaí leis an réiteach is fearr a fháil do gach ceann de na scéimeanna seo.

Ceapadh céimeanna sábháilteachta tráchta agus déanadh iad a shuiteáil ag N69 Coill Tíre, N21 An Bealach Aniar chuig Áth Dara agus an N21 Sweeps Cross i rith 2015.

6. OIBREACHA ATHSHLÁNAITHE DROICHEAD

Tosaíodh ar oibreacha athshlánaithe droichead maidir le 16 droichead ar fud Luimnigh, an Chláir agus Chorcaí. Déanadh Scoruithe Ailt 85 le Comhairle Contae an Chláir agus le Comhairle Contae Chorcaí araon agus ceapadh conraitheoir d'fhonn na hoibreacha sin a dhéanamh.

7. SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Lean an MWNRDO le hIniúchtaí Sábháilteachta ar Bhóithre a dhéanamh sa réigiún i gcaitheamh na bliana toisc go bhfuil críochnú na hoibre seo mar thosaíocht ag TII toisc go gcabhróidh sé le scéimeanna feabhsaithe sábháilteachta a aithint a bheadh á ndearadh ag MWNRDO nó ag na comhairleoirí innealtóireachta a cheapfaí. Táthar ag féachaint faoi láthair ar naoi láthair maidir leis na hoibreacha feabhsúcháin sábháilteachta seo.

8. CREIDIÚNÚ SEACHTRACH/ FORBAIRT GHAIRMIÚIL LEANÚNACH (CPD)

Choimeád an MWNRDO a chreidiúnú do chaighdeán an ISO 9001:2008 i rith 2015 agus rinne sé a chuid iniúchóireachta inmheánach féin i gcaitheamh 2015 agus chuir cur chuige feabhsúcháin leanúnach i bhfeidhm ina oibríochtaí. D'éirigh le MWNRDO feisin as stádas Oifige Creidiúnaithe CPD le hInnealtóirí na hÉireann i 2015.

Pole Chill Airne go dtí An Bhearna Scéim 2.

Oscailt oifigiúil ar Chéim 2 den Scéim Pole Chill Airne go dtí An Bhearna leis an gClr. Liam Galvin, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh.

Oibreacha Athshlánaithe Droichead - An Bóthar Dóite, Baile Uí Fhlaithimh, Úlla, Co. Luimnigh.

Seirbhísí do Chustaiméirí

JOSEPHINE COTTER-COUGHLAN
STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ DO CHUSTAIMÉIRÍ

SEIRBHÍSÍ DO CHUSTAIMÉIRÍ
STRAITÉIS DIGITEACH

Abhainn na Sionainne.

SEIRBHÍSÍ DO CHUSTAIMÉIRÍ

Lean Seirbhísí do Chustaiméirí ag méadú ar líon na seirbhísí a soláthraíodh i 2015. Síníodh Comhaontú Leibhéal Oibríochtaí feabhsaithe le Comhshaol d'fhonn comhairleoirí a chumasú le ceisteanna a fhreagairt ar an bpointe agus luach a chur leis don chustaiméir. Tá seo ag teacht leis na prionsabail atá i 'Daoine a Chur sa Chéad Áit' mar a ndéantar seirbhís a sholáthar ag an bpointe Is cóngraí don chustaiméir.

Déanadh comhtháthú freisin ar an Oifig Airgid le Seirbhísí do Chustaiméirí i gCé na gCeannaithe. Síníodh Comhaontú Leibhéal Oibríochta le hAirgeadas d'fhonn rith na seirbhíse seo a chlúdach. Arís, chuir an comhtháthú seo feabhas ar sheirbhís do chustaiméirí toisc go bhfuil comhairleoirí oilte ní amháin i láimhseáil airgid ach i bhfeagairt cheisteanna a bhaineann le soláthar ginearálta seirbhísí na Comhairle. Déanadh comhtháthú freisin ar ghlaonna teileafóin Mótarchánach i 2015 le Seirbhísí do Chustaiméirí le cabhair tugtha le cáin ar fheithiclí a cheadú ar líne.

Bhí os cionn 30,000 custaiméir idirghníomhach ag ár gcuntair i dTuar an Daill agus Cé na gCeannaithe i 2015 le ceisteanna ó iarratais ar fhaisnéis go hiarratas ar mhionseirbhísí ón gComhairle.

Tugadh an Córas nua Bainistíochta Caidrimh le Custaiméirí, SugarCRM, isteach sa Chomhairle ar bhonn céimneach i rith 2015. Cabhraíonn an córas le riachtanais na gcustaiméirí a thuiscint agus tógann gaolmhaireacht leo trí na seribhísí is oiriúnaí agus seirbhís feabhasaithe do chustaiméirí a sholáthar dóibh. Déanann sé comhtháthú ar chórais oifige tosaigh agus cúl le bunachar sonraí a chruthú ar theagmháil le custaiméirí. Déanann an Chomhairle iarrachtaí go leanúnach an córas is fearr a bheith aici i dtreo is go mbíonn ár gcustaiméirí sásta leis na seirbhísí a bhíonn á soláthar againn.

Tugann na figiúirí seo a leanas sonraí ar líon na n-iarratas ón bpobal agus ó ionadaithe tofa ar déanadh taifed orthu ar SugarCRM i rith 2015.

- Fuarthas 19,421 Iarratas le 86.50% Dúnta le 83.58% Réitithe.
- Fuarthas 2,863 uiríoll ó 40 Comhairleoir, 5 TD, 3 Aire le 75.06% Dúnta le 70.81% Réitithe.

An fada a thógann sé?

- 5.16 lá oibre le formhór na n-iarratas a réiteach (meánach).
- 15.07 lá oibre (ar an meán)

Cad iad na réimsí ardéilimh?
Cásanna Taifeadta



Cad iad an ranna is mó a fuair an líon is mó aighneachtaí ó ionadaithe poiblí?
Aighneachtaí



SUIRBHÉ CUSTAIMÉIRÍ

Thug Seirbhísí do Chustaiméirí an suribhé seo isteach ar bhonn píolótach i mí na Nollag 2015. Soláthraíonn sé aiseolas neamhspleách ó chustaiméirí maidir le soláthar seirbhíse na Comhairle.

Bunaithe ar na freagraí a fuarthas le linn an phíolóta:

- dhéanfadh 80% de chustaiméirí sinn a mholadh.
- Cheap 77% de chustaiméirí go raibh sé éasca cabhair a fháil.
- Aontaíonn 85% de chustaiméirí go bhfuil comhairleoirí sheirbhísí do chustaiméirí fóinteach.
- Aontaíonn 76% de chustaiméirí gur éirigh linn a gceist a réiteach.

STRAITÉIS DIGITEACH

I mí na Nollag, 2015 bunaíodh Rannóg Straitéise Digiteach faoi Stiúrthóireacht Sheirbhísí do Chustaiméirí. Tá freagracht ar an Rannóg Straitéise Digiteach as Straitéis Digiteach Luimnigh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do Luimneach Cliste. Ina theannta sin, tosaíodh ar Chlár Trasfhoirmithe Digiteach na Comhairle ar a n-áirítear na réimsí seo a leanas

- An custaiméir ag tabhairt aghaidh ar eilimintí de ICT mar fheidhmchláir agus forbairt greásáin;
- Inlíon, eislíon agus sonraí;
- Anailísíocht agus GIS (Córais Faisnéise Geografaí);

Tá sé mar phríomhsprioc den Straitéis Digiteach forbairt agus soláthar a dhéaanmh ar thaithí digiteach do chustaiméirí ag obair le gach rannóg de chuid na Comhairle.

Tuar an Daill C-D: Caitlin Kirwan, Antoinette Holland, Stephanie Sheehy, Aedin Foley, Ailis Madden, Joanne Fleming, Fiona Casey, Georgina McCarthy.

Cé na gCeannaithe C-D: Oonagh Kirby, Elizabeth Frawley, Gillian McNamara, Stuart Calton, Aisling Walshe, Janette Deegan.

Oibríochtaí na Seirbhíse Bainistíocht Athruithe

GORDON DALY
STIÚRTHÓIR OIBRÍOCHTAÍ NA SERIBHÍSE/ BAINISTÍOCHT ATHRUITHE

BAINISTÍOCHT ATHRUITHE
SEIRBHÍSÍ MAOINE

Droichead na Beatha, Ollscoil Luimnigh

BAINISTÍOCHT ATHRUITHE

Dearadh ar Shamhail Oibriúcháin Nua d'Údarás Áitiúil Nua.

Bunaíodh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh go foirmeálta ar an 1ú Meitheamh, 2014 faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014. Roimh an gcumasc oifigiúil, tugadh an fhoireann, na próisis agus an teicneolaíocht a bhain leis an 500 seirbhís a sholáthraíonn an tÚdarás Áitiúil le chéile.

Is é *Daoine a Chur sa Chéad Áit* an clár gníomhaíochta do rialtas áitiúil éifeachtach 2012 agus tugtar imlíne ann ar pholasaí an rialtais maidir le hathchóiriú agus forbairt ar fud an chórais rialtais áitiúil. Cuireann an tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014 taca faoin gclár gníomhaícohta seo. Sa chlár seo *'feictear rialtas áitiúil chun tosaigh i bhforbairt gheilleagrach, shóisialta agus pobail, chomh maith le seirbhísí éifeachtacha a sholáthar a bhfuil luach maith orthu'*. Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh nua tar éis 'Daoine a Chur sa Chéad Áit' a choimeád i gcroílár dhearadh na Comhairle nua a léiríonn riachtanas soiléir maidir le:

- Chun tosaigh i bhforbairt gheilleagrach, shóisialta agus pobail
- Seirbhísí éifeachtacha agus ar luach maith a sholáthar, agus
- Ionadaíocht a thabhairt do shaoránaigh agus do phobail áitiúla go héifeachtach agus go freagrach.

Bhí an Fhoireann Bhainistíochta Athruithe ag obair leis an bhFoireann Bhainistíochta, an Fhoireann agus leis na Comhairleoirí le miondearadh ar an samhail nua oibriúcháin a chríochnú don Chomhairle nua le forfheidhmiú i 2016.

Déanfaidh á struchtúr nua:

- A chur ar chumas na foirne cinntí feasacha a dhéanamh le héifeacht agus go cothrom
- Iarracht ar shimpliú a dhéanamh ar phróisis agus ar nósanna imeachta i dtreo is go ndéanfar feidhmiú ar bhonn go ndéanann glao amháin gach ceann a fhreagairt i dtreo is nach mbíonn orthu sin a úsáideann ár seirbhísí déileáil ach le ball amháin den fhoireann. Mar sin féin, éilíonn seirbhísí áirithe ilchaidreamh agus níos mó ama len iad a réiteach
- A bheith i gcaidreamh lenár gcomhpháirtithe forbartha áitiúla agus sóisialta le bheith rannpháirteach go gníomhach trí ár Líonra Rannpháirtíochta Pobail, ár gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil agus ár gCostaí um Beartais Straitéiseacha.

Dá bhrí sin:

- Faoi cheannasaíocht ár mBall Tofa déanfar ár n-eagraíocht a athrú le freastal ar riachtanais Luimnigh sna blianta atá romhainn.
- Beidh ár bhfoireann lárnach maidir le freastal ar ár dtiomantas sa phlean seo agus déanfar an oiliúint iomchuí gairmiúil a sholáthar dóibh chuig sin.
- Beidh ár seirbhísí ag teacht leis na dúshláin geilleagracha, sóisialta agus fisiciúla atá i ndán do Luimneach agus don Iarthar Láir.
- Tá sé mar aidhm againn faoi dheireadh 2016 athdhearadh a bheith déanta ar ár seirbhísí do chustaiméirí, ár n-oibríochtaí seirbhíse, ár n-aonad airgeadais agus teicneolaícohta agus ár n-aonad seirbhíse corparáideach agus acmhainní daonna le seirbhísí intomhaiste, am-bhunaithe a sholáthar a léiríonn luach ar airgead agus iad ar ardchaighdeán.
- Táimid tiomanta tuairisciú agus soláthar a dhéanamh ar réimse leathan seirbhísí faoi threoir ár gComhairleoirí Cathrach agus Uirbeach.

Is Comhairle nua atá i gComhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, a chuireann seirbhísí do chustaiméirí i gcroílár gach a mbíonn á dhéanamh againn. Tá uasmhéadú á dhéanamh againn ar bhealaí nua agus nuálach soláthair seirbhíse le seirbhísí a sholáthar atá oiriúnach do mhuintir Luimnigh ar an mbealach is fearr, le luach níos fearr ar airgead á bhaint amach. Is é an tomhas is fearr ar éifeachtúlacht na Comhaile nua ná cáilíocht na dtorthaí agus na seirbhíse do shaoránaigh a bhaintear amach go díreach nó go hindíreach. Agus luach ar airgead á lorg cuirfidh an Chomhairle na spriocanna sóisialta, eacnamaíochta agus comhshaoil san áireamh.

Tá an samhail nua oibriúcháin fite sa Phlean Corparáideach 2015-2019, go háirithe i gCuspóir 7 - A bheit héifeachtach agus tiomanta maidir le seirbhísí a sholáthar a chuirfidh taca faoi Luimneach nuálach. Ceadóidh an cur chuige seo dúinn torthaí a bhaint amach maidir leis na trí cholún straitéiseach atá againn is iad sin forbairt gheilleagrach, shóisialta agus fhisiciúil.

SPRIOCANNA BAINTE AMACH

- Soláthar ar rochtain ar sheirbhísí duine le duine ag na hIonaid Sierbhíse do Chustaiméirí
- Tá nósanna imeachta oifige cúil na Roinne Comhshaoil simplithe, caighdeánaithe agus comhtháite inár gcóras Bainistíochta Caidrimh le Custaiméirí (SugarCRM). Áirítear othru seo modhanna caighdeánacha forfheidhmithe, cigireachtaí agus ceadúnú a bhfuiltear ag súil leis gur féidir iad a chur i bhfeidhm maidir le seirbhísí eile sa Chomhairle.
- Tá rochtain á sholáthar ar sheirbhísí Mótarchánach duine le duine ag gach ceann den 5 Ionad Seirbhíse do Chustaiméirí.
- Trí fheabhas a chur ar Sheirbhísí do Chustaiméirí:
  - Oiliúint agus úsáid SugarCRM a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta
  - Déantar gach ceist agus gearán ó chustaiméirí a thaifead agus a réiteach trí CRM
- Léiríonn suirbhéireacht ar chustaiméirí go bhfuil formhór na gcustaiméirí sásta le seribhís na Comhairle.
- Glactar le gach iarratas duine le duine do Iosta Áth an Choite anois ag Seirbhísí do Chustaiméirí.
- Bunaíodh an Rannóg Seirbhísí Maoine mar cheann de na chéad ranna nua sa tsamhail nua oibriúcháin. Áirítear ar a feidhmeanna ceannach, cur de láimh, cosaint agus bainistiú gach talamh agus foirgneamh de chuid na Comhairle. Áirítear ann freisin bainistíocht bhonneagair na bhfoirgneamh corparáideach ar a n-áirítear ofiigí ceantair, stáisiúin dóiteáin agus leabharlanna chomh maith le bainistíocht saoráide na bhfoirgneamh seo.
- Bunaíodh Rannóg Seirbhísí Oibríochta agus Cothabhála. Ar na feidhmeanna atá aici áirítear cothabháil bóithre, tithíocht, páirceanna agus comhshaol, draenáil usice dromchla agus maoin na comhairle. Áirítear freisin freagrach as an gclós innealra agus bainistíocht flít, trácht, páirceáil agus seirbhísí bainistíochta imeachta (lár na cathrach) agus freagairt do thuilte. Tá an rannóg roinnte i 3 limistéar geografach - an Rannán Thuaidh, an Rannán Thiar, an Rannán Theas. Áireofar fresin ann Foireann Oibríochtaí Seirbhíse Lárnach le comhordú a dhéanamh ar chothabháil, árachas agus ceisteanna eile ar fud na stiúrthóireachta.
- Déanadh sannacháin leibhéal stiúrthóra agus bhainisteora sinsearach a dhéanamh do na stiúrthóireachtaí nua le cabhrú le staid deireanach de dhearadh na samhla oibríochta.
- Bunaíodh Líonra Idirchaidrimh Athraithe le hionadaithe ó gach réimse oibre le cumarsáid éifeachtach sa dá threo a chinntiú maidir leis an gClár Athuaithe.
- I ndiaidh roinnt fócasghrúpa foirne, déanadh suirbhéireacht ar an bhfoireann le tacú le Plean Forbartha Foirne a chur ar fáil.
- Tá tacar agus teimpléid Bhainistíochta Tionscadail ar fáil le húsáid mar chaighdeán san údarás áitiúil le foireann oiliúna le teacht i 2016.

Cóiríocht oifige athchóirithe déanta le déanaí Seirbhísí Maoine ag an nGráinseachd'fhoireann an Chláir Cúnaimh Tithícohta.

SEIRBHÍSÍ MAOINE

Bunaíodh an Rannóg Sierbhísí Maoine laistigh den Stiúrthóireacht Oibríochtaí Seirbhíse nua ar an 1ú Deireadh Fómhair 2015. Roimh sin soláthraíodh na seirbhísí sin laistigh den Stiúrthóireacht Forbartha Geilleagrach agus Pleanála agus laistigh de Sheirbhísí Corparáideacha.

Tá 3 fhireann laistigh de Sheirbhísí Maoine:

- Bainistíocht Maoine
- Bainistíocht Saoráidí
- Foirgnimh Chorparáideacha

Déanann an fhireann Bainistíochta Maoine bainistíocht ar thalamh agus ar mhaoin (seachas tithe údaráis áitiúil) ar le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh iad agus i 2015 lean le bheith mar phríomhsheirbhís tacaíochta do stiúrthóireachta eile maidir le ceannach, cur de láimh, léasú agus ceadúnú gach maoine don Chomhairle. Lean an t-aonad seo freisin lena chinntiú go ndéanann an t-údarás áitiúil uasmhéadú ar éifeachtúlacht chomh maith leis an leas eacnamaíoch is fearr a bhaint as úsáid a punann maoine reatha.

Feidhmíonn an fhoireann Bainistíochta Saoráidí laistigh den rannóg Seirbhísí Maoine agus déanann bainistíocht ar 6 phríomhfhoirgneamh corparáideach ar a n-áirítear:

- Ceanncheathrú Corparáideach Ché na gCeannaithe
- Tuar an Daill
- Lissanalta House
- Uimh 2 Cearnóg an Pheirigh
- An Ghráinseach
- Sráid Phádraig

Déanann Seirbhísí Maoine bainistíocht freisin ar chlár uasghrádaithe na bhFoirgmeanmh Corparáideach.

Déanann an t-aonad oiriúnú agus athchóiriú ar spás oifige laistigh den eagraíocht ag teacht leis an gClár Athraithe. I rith 2015 críochnaíodh tionscadal athchóirithe HAP ag an nGráinseach agus cuireadh ar ghearrliosta ó shin é do dhuais i nDámhachtainí Deartha agus Foirgneamh na hÉireann 2016. Ba láithreacha iad dhá cheann den dá phríomhcheannachán a críchnaíodh i 2015 a aithníodh mar phríomhláithreacha straitéiseacha faoi Phlean Eacnamaíochta agus Sóisialta Luimneach 2030 - 16-18 Sráid Anraí (Gairdíní Crochta) agus iarláithreán Cleeves ar an gCuarbhóthar Thuaidh. I 2015 freisin thug an t-aonad maoine tacaíocht do thionscadal athfhorbartha do cheantar Ché Artúir trí dhul ar aghaidh le Páirc Ché Artúir a cheannach trí mheicníocht an CPO.

Tá fregracht ar Sheirbhísí Maoine freisin as an rian sonraí a bhaineann le ceannach agus cur de láimh maoine a thaifead agus a stóráil. Chuige sin déanadh dul chun i 2015 ar chlár leictreonach maine a bhunú, agus aithníodh córas oiriúnach faisnéise maoine GIS bhunaithe do chothabháil maoine údaráis áitiúil.

Cóiríocht oifige athchóirithe déanta le déanai Seirbhísí Maoine ag an Granary d'fhoireann an Chláir Cúnaimh Tithíocohta.

Tuarascáil Bhliantúil 2015 *Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh*

Ceantair Bhardasacha

ÁTH DARA - RÁTH CAOLA

AN CHEAPACH MHÓR - CILL MOCHEALLÓG

AN CAISLEÁN NUA

Thithe ceann tuí i Áth Dara, Co. Luimnigh

CEANTAR BARDASACH ÁTH DARA-RÁTH CAOLA

Tá seisear ionadaí tofa ag Ceantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caola, a bunaíodh i Meitheamh 2014 i ndiaidh na dToghchán Áitiúla, agus soláthraíonn sé réimse leathan seirbhísí innealtóireachta agus riaracháin ar a n-áirítear Tithíocht, Feabhsú agus Cothabháil Bíthre, Reiligí agus Áiteanna Súgartha Pobail.

Leanann an Rannóg Seirbhísí Fuíolluisce ag feidhmiú mar ghníomhaire d'Uisce Éireann.

BÓITHRE

Déanadh oibreacha suntasacha feabhsúcháin i rith na bliana i gCeantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caola ar an ngréasán bóithre trí mhaoiniú Rialtais agus acmhainní dílse ar a n-áirítear:-

- Forleagadh ar an mbóthar ag Cill na Fíonaí, Áth Dara & An Sceachánach, Ardach.
- Neartú Bóthair & oibrecha Cóirithe Dromchla ar bhóithre áitiúla & réigiúnacha
- Uasghrádú ar Chosáin ag Faing, Ráth Caola agus An Gleann.
- Uasghrádú ar Dhroichid ag Baile Uí Ghéibheannaigh, Neantanán agus Seanghualainn
- Forleagadh ar bhóithre
- Cothabháil Gheimhridh.

TITHÍOCHT

Déanann Rannóg Tithíochta Áth Dara-Ráth Caola oibreacha cothabhála agus feabhsúcháin ar a stoc tithíochta chomh maith le hoibreacha cothabhála ar Reiligí na Comhairle, Láithreáin Charbhán Cónaithe agus Leabharlanna sa Cheantar Bardasach.

Déanadh uasghrádú ar cheithre theach folamh faoin gclár Folamh i 2015.

Déanadh suiteáil ar Chóras Taiscthéimh Dimplex Quantum i 32 aonad cóiríochta in éineacht le sorcóirí nua uisce te le hardéifeachtúlacht fuinnimh. Tá an córas nua an tríú cuid níos saoire le rith ná na seanchórais taiscthéimh. Gheobhaidh tionóntaí a shínigh le SSE creidmheas teasa in iasce gach mé don chéad 12 mí.

Rinne an Chomhairle faomhadh freisin ar Dheontais Cúnaimh Tithíochta, mar an Scéim Deontais Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaine faoi Mhíchumas, an Scéim Cúnaimh Tithíochta do Sheandaoine agus Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta. Fuarthas leithdháileadh de €339,530 ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil i rith 2015 le 49 iarratas ag fáil deontais faoi na scéimeanna éagsúla.

SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL

Tá saoráidí athchúrsála suite i roinnt bailte agus sráidbhailte ar fud Cheantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caola.

Déanann an Chomhairle oibreacha glanta sráide i mórán bailte agus sráidbhailte freisin, le scuabadóir súcháin mheicniúil chomh maith le glanadh de láimh.

SEIRBHÍS GARDA TARRTHÁLA

Fostaíodh gardaí tarrthála agus maoir chéanna go sealadach ag Céanna An Ghleanna agus Choill Tíre le linn tréimhse snámha an tsamhraidh i 2015.

ÁITEANNA SÚGARTHA

Tá roinnt Áiteanna súgartha Forbartha ag an bPobal suite ag Ráth Caola, Eas Géitine, Baile an Gharraí, Faing, Áth Dara, Pailís Chaonraí agus An Gleann. Déanann coistí pobail na n-áiteanna súgartha bainistiú ar na saoráidí seo le saoráidí ar fáil don phobal uile.

IONAD EALAÍON

Rinne Ionad Ealaíon Ráth Caola, atá suite in Áras Sean Finn, óstáil ar mhórán imeachtaí éagsúla a bhain leis na healaíona i rith na bliana, ar a n-áirítear drámaíocht, taispeántais phéintéireachta, ceol, oícheanta pictiúrlainne etc. Déanann Coiste Áitiúil na nEalaíon bainistiú ar imeachtaí le maoirseacht á dhéanamh ag Oifig Ealaíon na comhairle.

Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Chostas Íseal Gráigín, Eas Géitine.

Oibreacha Feabhsúcháin Droichid ag Baile an Ghéibheannaigh.

CEANTAR BARDASACH AN CHEAPACH MHÓR-CILL MOCHEALLÓG

FÁILTITHE CEANTAIR

Thionól Ceantar Bardasach An Cheapach Mhór-Cill Mocheallóg fáiltithe chathartha do sé ghrúpa ón gCeantar Bardasach i rith 2015.

Ba iad na grúpaí seo foireann Peile na mBan, Baile an Londraigh (Buaiteoirí Peile Sinsearach na mBan 2015); Áitritheoirí Radharc na Cille (Mórtas Áite Náisiúnta); CLG An Brú. Club (Buaiteoirí Príomhshraithe Iomána Contae 2014); Maigh Rua - Foireann Peile na mBan, an Bóthar (Buaiteoirí Chroabh na hÉireann i gComórtas Peile Sóisearach na mBan 2014) Eoin Baiste, an tOspidéal, Foireann Peile Sóisearach na mBan (Buaiteoirí Chroabh na hÉireann i bPeil na mBan do Scoileanna "B"); Cumann CLG An Dúin (Buaiteoirí Chraobh na hÉireann Iomána Sóisearach "B" 2014).

FORBAIRT BAILE AGUS SÓISIALTA

D'fhreagair an criú Cothabhála Tithíochta 783 iarratas seirbhíse i rith na bliana, ar déanadh 98% acu faoin 31ú Nollaig 2015. In éineacht le Cothabháil agus oibreacha réamhligin i 2015, soláthraíodh maoiniú do Chlár Ais-Suiteála tithe folamh.

I rith 2015, lean Deontais Tithíchta, atá 80% maoinithe ó Chistí Lárnacha, le bheith tábhachtach maidir le tacú le daoine ina dtithe. Ba é an caiteachas do cheantar Chill Mocheallóg ná €449,345. Caitheadh €35000 ar Oibreacha do Dhaoine faoi Mhíchumas ar mhaoin de chuid na Comhairle le cóiríocht a sholáthar thionóntaí na Comhairle.

EASTÁIT TITHÍCOHTA NEAMHCHRÍOCHNAITHE

Leanadh le hoibreacha ar roinnt eastát neamhchríochnaithe d'fhonn iad a thabhairt chuig caighdeán le héascú a dhéanamh ar an gComhairle iad a thógáil i gcuúram. Déanadh oibreacha suntasacha ag Cois Srúthán, Cromadh d'fhonn an t-eastát a thabhairt chuig an gcaighdeán ceart.

REDZ RÁTH LUIRC CHILL MOCHEALÓG 2015/2016

Faoi thionscnamh Chrios Forbartha Eacnamaíochta Tuaithe Ráth Luirc Chill Mocheallóg (REDZ), fuair ceantar Chill Mocheallóg cúnamh deontais de luach €44,179 do thionscadail ar leith.

Ba iad na tionscadail sin: Forbairt Droichead Coisithe, Cill Mocheallóg; Staidéar Indéantachta, Stone Mansion, Cill Mocheallóg, forbairt ar Shiúlóid Lúibe - suirbhéireacht neamhinrach, dearadh ar chosán agus crainn a chur.

BÓITHRE

Déanadh maoiniú ar chaiteachas ar oibreacha cothabhála agus feabhsúcháin bóithre i 2015 trí dheontais Rialtais agus acmhainní na Comhairle féin.

Déanadh Oibreacha Fairsinge Atógála Bóthair agus Athchóirithe Dromchla, ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla.

- Faoin Scém Rannpháirtíochta Pobail, críochnaíodh ceithre thionscadal ag Baile Thancaird, Cnoc Samhna, Baile an Bhaoilligh agus Cill Frois, Cnoc Loinge, le buiséad iomlán de €81000. Déanadh na hoibreacha seo ar bhóithre áitiúla den tríú grád agus b'oibreacha draenála, atógála bóthair agus cóirithe dromchla a bhí i gceist.
- Críochnaíodh Scéim Rannpháirtíochta Áitiúil ag Cnoc na Carraige i 2015 le buiséad de €72,986.
- Caitheadh €50,000 ar oibreacha athshlánúcháin ag Droichead Gharraí na Deirce ar an R515, bóthar Chill Mocheallóg Ráth Luirc.
- Déanadh €27,000 a leithdháileadh ó Chiste na Roinne ar chosáin sa Bhrú agus i gCill Fhíonáin.

SEIRBHÍSÍ DO CHUSTAIMÉIRÍ

Thosaigh oifig Chill Mocheallóg ar an gcóras Sugar CRM a úsáid le logáil a dhéanamh ar fhiosruithe uile a gcustaiméirí maidir le ceisteanna Tithíocha agus Comhshaoil.

An Clr. Eddie Ryan, Cathaoirleach agus Baill Cheantar Bardasach An Cheapach Mhór-Cill Mocheallóg ag bronnadh duaise ar fhoireann peile na mban Mhaigh Rua-An Bóthar, 8ú Eanáir, 2015.

Crainn á gcur maoinithe ag Tionscnamh Redz ar shiúlóid lúibe Chill Mocheallóg, Nollaig 2015.

CEANTAR BARDASACH AN CHAISLEÁIN NUA

Soláthraíonn oifig Cheantar Bardasach an Chaisleáin Nua réimse seirbhísí ar fud Iarthar Luimnigh, ar a n-áirítear Cothabháil Bóithre, Tithíocht, Reiligí, Clinicí Pleanála, Mótarcháin, chomh maith le Clós Innealra & Biotúman na Comhairle a oibriú. Táthar ag leanúint leis na seirbhísí a mhéadú faoin samhail nua Seirbhíse do Chustaiméirí. Feidhmíonn Rannóg na Seirbhísí Uisce mar ghníomhaire d'Uisce Éireann.

BÓITHRE

Déanadh maoiniú ar chaiteachas ar oibreacha cothabhála agus feabhsúcháin bóithre i 2015 trí dheontais Rialtais agus acmhainní na Comhairle féin.

Cláir chaiteachais ar bhóithre ar a raibh:

- Mór-fhorleagadh dromchla ar an N21 do Chéim 2 An Bhearna, An Caisleán Nua
- Mór-uasghradú i sráidbhaile Theampall an Ghleanntáin ar an N21
- Scéimeanna neartaithe bóthair agus cóirithe dromchla ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla
- Forleagadh ag Bóthar Mhuire, N21, An Caisleán Nua
- Uasghrádú cosán ag Mainistir na Féile, Drom Collachair agus An Caisleán Nua
- Móroibraecha Cosán ag Caisleán Maí Tamhnach
- Cothabháil Gheimhridh.

DIMÉIN, AN CAISLEÁN NUA

Tá méadú ar an tóir atá ar an áis phoiblí seo, le líon mór daoine ag baint taitneamh as na fóntais. Tá líon mór daoine freisin ag freastal ar a ngclós súgartha ag an mbealach isteach chuig an Diméin. Déanadh uasghrádú freisin ar an mbóthar poiblí chuig an Diméin i rith 2015, le forbairt nua sa cheantar seo á oscailt

TITHÍOCHT

Scéim Deontais Tithíochta

Dáenadh faomhadh ar dhá iarratas déag faoi na Deontais Oiriúnaithe Tithíochta de Dhaoine faoi Mhíchumas ar chostas €67,719. Faomhadh dhá iarratas is tríocha faoi Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta ar chostas €128,900. Faomhadh naoi n-iarratas is ochtó faoi Chúnamh Tithícohta do Sheandaoine ar chostas €477,354.

Cothabháil Tithíochta

Tá an criú Cothabhála Tithíochta do Cheantar Bardasach an Chaisleáin Nua bunaithe san oifig seo freisin. Déanadh uasghrádú ar dhaichead teach folamh de chuid na Comhairle le maoiniú faoi Chlár Réamhligin agus Folamh. Tá formhór na dtithe seo ligthe do thionóntaí nua. Déanann an criú seo déileáil le gnáthcheisteanna cothabhála a bhaineann leis na tithe seo.

SEIRBHÍSÍ UISCE

Bunaíodh Uisce Éireann mar eagraíocht le freagracht fhoriomlán maidir le huisce agus fuíolluisce ar fud na hÉireann. Feidhmíonn an criú uisce sa Chaisleán Nua mar ghníomhaire don eagraíocht seo agus feidhmíon thar a ceann agus déanann cothabháil ar líon mó scéimeanna uisce ar fud Iarthar Luimnigh.

IOSTA BITÚMAN & INNEALRA BHAILE AN GHARRÁIN

Leanann an tIosta Bitúman ag Baile an Gharráin agus an clós Innealra bunaithe sa Chaisleán Nua le ról lárnach a bheith acu sa Chlár Oibrecha Bóthair. Déantar gach bitúmas a úsáidtear sa tír a dháileadh trí an iosta lárnach ag Baile an Gharráin agus coimeádtar flít feithiclí na comhairle sa Chlós Innealra

MÓTARCHÁIN

Bhí 27,754 gnáth-idirbheart i Rannóg Mótarchánach an Chaisleáin Nua i rith 2015.

SEIRBHÍSÍ DO CHUSTAIMÉIRÍ

Leantar le méadú ar fhorfheidhmiú an tionscadail nua seirbhísí do chustaiméirí leis an gcóras Sugar CRM á thabhairt isteach. Déanann oifig an Chaisleáin Nua gach glao maidir le cothabháil tithíochta, deontais tithíochta, cothabháil bóithre agus ceisteanna ginearálta comhshaoil a logáil anois ar an gcóras seo..

Aguisín

COMHDHÁLACHA AR FHREASTAL COMHAIRLEOIRÍ ORTHU

Loch Goir, Co. Luimnigh

COMHDHÁLACHA/SEMINEÁIR AR FHREASTAL BAILL DE CHOMHAIRLE CATHRACH AGUS CONTAE LUIMNIGH ORTHU

EANÁIR GO NOLLAG 2015

DÁTA	TEIDEAL	IONAD	LÍON
9ú - 11ú Eanáir	Seimineár eagraithe ag Ace Training dar teideal 'Tourism, Technology & Competitive Strategies For 2015'	Clonakilty Hotel, Cloich na Coilte, Co. Chorcaí	1
23ú - 25ú Eanáir	Seimineár eagraithe ag Ace Training dar teideal 'The Finance Act 2014'	Four Seasons Hotel, Cairlinn, Co. Lú	1
20ú - 21ú Feabhra	Seimineár eagraithe ag Esperanza Enterprises dar teideal 'Sustainable Tourism Development'	Connacht Hotel, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Gaillimh	1
27ú Márta	NFLA (Nuclear Free Local Authorities) Forum Earrach 2015 dar teideal 'Nuclear risks and energy opportunities, which direction should Ireland go?'	Newry & Mourne Council Oifigí, An tIúr	3
10ú - 12ú Aibreán	Seimineár eagraithe ag The Institute of Professional Training dar teideal 'Changing trends and approaches to drug and alcohol abuse'	Bewley's Hotel, Aerfort Bhaile Átha Cliath,	2
15ú Aibreán	Branda a chruthú do do cheantar - Battlefield Tourism A lost field	Crowne Plaza, Dún Dealgan Dún Dealgan, Co. Lú	2
17ú - 18ú Aibreán	Seimineár eagraithe ag Esperanza Enterprises dar teideal 'Equal Status Rights Explained'	The Connact Hotel, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Gaillimh	1
8ú - 9ú Bealtaine	Seimineár eagraithe ag Esperanza Enterprises dar teideal 'Crime Prevention and Community Safety'	The Connact Hotel, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Gaillimh	1
12ú - 13ú Meitheamh	Seimineár eagraithe ag Superior Training dar teideal 'Local Government and Economic Development'	The Park House Hotel, Meathas Troim, Contae an Longfoirt	1
8ú Iúil	Seimineár eagraithe ag Teagasc dar deideal 'Supporting The Future Development of Rural Irish Business'	Castletroy Park Hotel, Luimneach	2
27ú - 28ú Iúil	Seimineár eagraithe ag Esperanza Enterprises dar teideal 'Planning and Building Regulations'	The Connacht Hotel, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Gaillimh	1

DÁTA	TEIDEAL	IONAD	LÍON
31ú Iúil - 1ú Lúnasa	Seimineár eagraithe ag Esperanza Enterprises dar teideal 'Changes To Community Development'	The Connacht Hotel, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Gaillimh	2
7ú - 9ú Lúnasa	Seimineár eagraithe ag Celtic Conferences dar teideal 'Regulation of Lobbying Act 2015'	The Clonakilty Hotel, Cloich na Coilte, Co. Chorcaí	1
18ú - 20ú Meán Fómhair	Seimineár eagraithe ag Celtic Conferences dar teideal 'Regulation of Lobbying Act 2015'	Four Seasons Hotel, Cairlinn, Co. Lú	3
30ú Meán Fómhair - 1ú Deireadh Fómhair	Cnuasaigh mar Thiománaithe ar Iomaíochtas	Limerick Strand Hotel, Bóthar na hInise, Luimneach	1
16ú Deireadh Fómhair	Comhdháil eagraithe ag Community Awareness of Drugs entitled 'Cannabis – Why Not'	The Radisson Blue Royal Hotel, Baile Átha Cliath 8	1
30ú Deireadh Fómhair	Seimineár 'New Nuclear risks in the Irish Sea Submarines	Seomraí na Comhairle, Halla an Bhaile Dún Dealgan, Co. Lú	2
3ú Samhain	Comhdháil eagraithe ag The National Sustainability Cruinniú mullaigh 2015 dar teideal 'Securing Ireland's Future'	Aviva Stadium, Baile Átha Cliath	1
7ú Samhain	Seimineár – Planning & Environmental Law	Radisson Blu Royal Hotel, Baile Átha Cliath 8	1
11ú Samhain	Eagraíocht na hÉireann do Dhaoine Dífhostaithe Fóram	The Clarion Hotel, Sligeach	1
20ú - 22ú Samhain	Seimineár eagraithe ag Celtic Conferences dar teideal 'Regulation of Lobbying Act 2015'	The Four Seasons Hotel, Cairlinn, Co. Lú	3
9ú Nollaig	Comhdháil Náisiúnta Adapt 'The Changing Face of Domestic Abuse'	The Greenhills Hotel, Luimneach	1
11ú - 12ú Nollaig	Seimineár eagraithe ag Superior Training dar teideal 'Local Government Environment Policy Opportunities for Local Communities'	Park House Hotel, Meathas Troim, Contae an Longfoirt	1

COMHAIRLE
CATHRACH & CONTAE
Luimnigh
Limerick
CITY & COUNTY
COUNCIL